BREITHIÚNAS NA CÚIRTE (an Mór-Dhlísheomra)

18 Nollaig 2025 * [i]

Clár

An dlí lena mbaineann 4

Dlí an Aontais Eorpaigh 4

An Ionstraim Aontachais 4

An Conradh ar an Aontas Eorpach 5

An Conradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh 6

An Chairt 7

Dearbhú Uimh. 17 maidir le tosaíocht 7

Dlí na Polainne 8

Bunreacht na Polainne 8

Forálacha reachtacha maidir le heagrú agus feidhmiú an Trybunał Konstytucyjny (an Chúirt Bhunreachtúil) 10

Cúlra na díospóide 14

Na nósanna imeachta maidir le triúr breithiúna agus Uachtarán an Trybunał Konstytucyjny (an Chúirt Bhunreachtúil) a cheapadh 14

An nós imeachta maidir le triúr breithiúna an Trybunał Konstytucyjny (an Chúirt Bhunreachtúil) a cheapadh i mí na Nollag 2015 14

An nós imeachta maidir le hUachtarán an Trybunał Konstytucyjny (an Chúirt Bhunreachtúil) a cheapadh 17

Breithiúnais ón Trybunał Konstytucyjny (an Chúirt Bhunreachtúil) an 14 Iúil 2021 agus an 7 Deireadh Fómhair 2021 17

* Teanga an cháis: an Pholainnis.

Breithiúnas an 14 Iúil 2021 17

Breithiúnas an 7 Deireadh Fómhair 2021 18

Nós imeachta réamhdlíthíochta 19

An nós imeachta os comhair na Cúirte 20

An chaingean 20

An chéad ghearán 21

Argóintí na bpáirtithe 21

Breithniú na Cúirte 24

– An chéad chuid den chéad ghearán 24

– An dara cuid den chéad ghearán 29

An dara gearán 31

Argóintí na bpáirtithe 31

Breithniú na Cúirte 35

– An mhainneachtain líomhnaithe maidir le prionsabail an neamhspleáchais, na tosaíochta, na héifeachtachta agus chur i bhfeidhm aonfhoirmeach dhlí an Aontais . . 35

– An mhainneachtain líomhnaithe maidir le prionsabal éifeacht cheangailteach rialuithe na Cúirte 41

An tríú gearán 46

Argóintí na bpáirtithe 46

Breithniú na Cúirte 50

– An chéad chuid den tríú gearán 50

– An dara cuid den tríú gearán 53

Costais 57

(Mainneachtain Bhallstáit maidir le hoibleagáidí a chomhlíonadh – Airteagal 2 CAE – Airteagal 4(3) CAE – An dara fomhír d'Airteagal 19(1) CAE – An smacht reachta – Cosaint dlí éifeachtach sna réimsí atá folaithe le dlí an Aontais – Prionsabail an neamhspleáchais, na tosaíochta, na héifeachtachta agus chur i bhfeidhm aonfhoirmeach dhlí an Aontais – Prionsabal éifeacht cheangailteach chásdlí Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh – Breithiúnais ón Trybunal Konstytucyjny (an Chúirt Bhunreachtúil, an Pholainn) – Breithiúnais na Cúirte agus bearta eatramhacha de bhun Airteagal 279 CFAE maidir leis an dara fomhír d'Airteagal 19(1) CAE – Diúltú an Trybunał Konstytucyjny (an Chúirt Bhunreachtúil) do

na breithiúnais agus do na bearta eatramhacha sin toisc go raibh siad *ultra vires* – Féiniúlacht bhunreachtúil náisiúnta – Toirmeasc ón Trybunał Konstytucyjny (an Chúirt Bhunreachtúil) ar chomhlachtaí uile na n-údarás poiblí Airteagal 2 agus an dara fomhír d'Airteagal 19(1) CAE a chur i bhfeidhm – An dara fomhír d'Airteagal 47 den Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh – Ceanglas binse neamhspleách neamhchlaonta a bunaíodh le dlí roimhe seo – Comhdhéanamh neamhrialta an Trybunał Konstytucyjny (an Chúirt Bhunreachtúil))

I gCás C-448/23,

IMEACHTAÍ mar gheall ar mhainneachtain in oibleagáidí a chomhlíonadh faoi Airteagal 258 CFAE, a tionscnaíodh an 17 Iúil 2023,

an Coimisiún Eorpach, arna ionadú ag K. Herrmann, C. Ladenburger agus P. J. O. Van Nuffel, i gcáil Gníomhairí,

iarratasóir,

le tacaíocht ó:

Ríocht na Beilge, arna hionadú ar dtús ag M. Jacobs, C. Pochet, L. Van den Broeck agus M. Van Regemorter, i gcáil Gníomhairí, agus ina dhiaidh sin ag M. Jacobs, C. Pochet agus M. Van Regemorter, i gcáil Gníomhairí,

Ríocht na hÍsiltíre, arna hionadú ag M. K. Bulterman, J. M. Hoogveld agus C. S. Schillemans, i gcáil Gníomhairí,

idiragraithe,

v

Poblacht na Polainne, arna hionadú ar dtús ag B. Majczyna agus S. Żyrek, i gcáil Gníomhairí, agus ina dhiaidh sin ag M. B. Majczyna, i gcáil Gníomhaire,

cosantóir,

tugann AN CHÚIRT (an Mór-Dhlísheomra),

agus í comhdhéanta mar seo a leanas: K. Lenaerts, Uachtarán, T. von Danwitz (Rapóirtéir), Leas-Uachtarán, F. Biltgen, I. Jarukaitis, M. L. Arastey Sahún, I. Ziemele, J. Passer, O. Spineanu-Matei, M. Condinanzi agus F. Schalin, Uachtaráin Dlísheomra, A. Kumin, N. Jääskinen, D. Gratsias, Z. Csehi agus B. Smulders, Breithiúna,

Abhcóide Ginearálta: D. Spielmann,

Cláraitheoir: A. Calot Escobar,

ag féachaint don nós imeachta i scríbhinn,

tar éis éisteacht le Tuairim an Abhcóide Ghinearálta ag éisteacht an 11 Márta 2025,

an Breithiúnas seo a leanas:

Breithiúnas

1 Lena iarratas, iarrann an Coimisiún Eorpach ar an gCúirt:

– a dhearbhú, i bhfianaise léiriú Konstytucja Rzeczypospolitej Polskiej (Bunreacht Phoblacht na Polainne, 'Bunreacht na Polainne') a rinne an Trybunał Konstytucyjny (an Chúirt Bhunreachtúil, an Pholainn) ina breithiúnais an 14 Iúil 2021 (Cás P 7/20) agus an 7 Deireadh Fómhair 2021 (Cás K 3/21), gur mhainnigh Poblacht na Polainne a hoibleagáidí faoin dara fomhír d'Airteagal 19(1) CAE a chomhlíonadh;

– a dhearbhú, i bhfianaise léiriú an Trybunał Konstytucyjny (an Chúirt Bhunreachtúil) ar Bhunreacht na Polainne ina breithiúnais an 14 Iúil 2021 (Cás P 7/20) agus an 7 Deireadh Fómhair 2021 (Cás K 3/21), nár chomhlíon Poblacht na Polainne a hoibleagáidí faoi phrionsabail ghinearálta an neamhspleáchais, na tosaíochta, na héifeachtachta agus chur i bhfeidhm aonfhoirmeach dhlí an Aontais agus faoi phrionsabal éifeacht cheangailteach bhreithiúnais na Cúirte Breithiúnais;

– a dhearbhú, toisc nár chomhlíon an Trybunał Konstytucyjny (an Chúirt Bhunreachtúil) ceanglais binse neamhspleách neamhchlaonta, a bunaíodh le dlí roimhe seo, mar gheall ar neamhrialtachtaí sna nósanna imeachta maidir le triúr dá comhaltaí a cheapadh i mí na Nollag 2015 agus a hUachtarán i mí na Nollag 2016, gur mhainnigh Poblacht na Polainne a hoibleagáidí faoin dara fomhír d'Airteagal 19(1) CAE a chomhlíonadh, agus

– a ordú do Phoblacht na Polainne na costais a íoc.

An dlí lena mbaineann

Dlí an Aontais Eorpaigh

An Ionstraim Aontachais

2 Foráiltear le hAirteagal 2 den Ionstraim i dtaobh choinníollacha aontachais Phoblacht na Seice, Phoblacht na hEastóine, Phoblacht na Cipire, Phoblacht na Laitvia, Phoblacht na Liotuáine, Phoblacht na hUngáire, Phoblacht Mhálta, Phoblacht na Polainne, Phoblacht na Slóivéine agus Phoblacht na Slóvaice agus oiriúnuithe na gConarthaí ar a bhfuil an tAontas fothaithe (IO 2003 L 236, lch. 33, an 'Ionstraim Aontachais'):

'Amhail ó dháta an aontachais, beidh forálacha na gConarthaí bunaidh agus na gníomhartha a ghlac na hinstitiúidí agus an Banc Ceannais Eorpach roimh an aontachas ina gceangal ar na Ballstáit nua agus beidh siad infheidhme sna Stáit sin faoi na coinníollacha atá leagtha síos sna Conarthaí sin agus san Ionstraim seo.'

3 De bhun Airteagal 10 den Ionstraim Aontachais:

'Beidh cur i bhfeidhm na gConarthaí bunaidh agus na ngníomhartha arna nglacadh ag na hinstitiúidí faoi réir na maoluithe dá bhforáiltear san Ionstraim seo, mar bheart idirthréimhseach.'

An Conradh ar an Aontas Eorpach

4 De réir na chéad fhomhíre agus an dara fomhír d'Airteagal 1 CAE:

'Leis an gConradh seo, bunaíonn na hArdpháirtithe Conarthacha Aontas Eorpach eatarthu féin, dá ngairtear "an tAontas" anseo feasta, dá dtugann na Ballstáit inniúlachtaí chun na cuspóirí is coiteann dóibh a bhaint amach.

Céim nua sa síorphróiseas ionsar aontas buandlúite a chur ar bun idir pobail na hEorpa is ea an Conradh seo, ina nglactar cinntí ar dhóigh chomh hoscailte agus is féidir agus ar leibhéal chomh gar do na saoránaigh agus is féidir.'

5 Is mar seo a leanas a léitear Airteagal 2 CAE:

'Tá an tAontas fothaithe ar luachanna an mheasa ar dhínit an duine, ar an tsaoirse, ar an daonlathas, ar an gcomhionannas, ar an smacht reachta agus an mheasa ar chearta an duine, lena n-áirítear na cearta atá ag daoine ar de ghrúpaí mionlaigh iad. Is comhluachanna ag Ballstáit na luachanna sin i sochaí arb iad is sainairíonna inti an t-iolrachas, an neamhidirdhealú, an chaoinfhulaingt, an ceartas, an dlúthpháirtíocht agus an comhionannas idir mná agus fir.'

6 Foráiltear le hAirteagal 4 CAE:

'1. I gcomhréir le hAirteagal 5, inniúlachtaí nach bhfuil tugtha don Aontas sna Conarthaí, fanann siad ag na Ballstáit.

2. Urramóidh an tAontas comhionannas na mBallstát i bhfianaise na gConarthaí, mar aon lena bhféiniúlacht náisiúnta atá ina cuid dhílis dá struchtúir bhunúsacha idir pholaitiúil agus bhunreachtúil, lena n-áirítear an fhéinriail áitiúil agus réigiúnach. Urramóidh sé a bhfeidhmeanna sár-riachtanacha Stáit, lena n-áirítear iomláine chríochach an Stáit a áirithiú, an smacht reachta a chaomhnú agus an tslándáil náisiúnta a choimirciú. Fanfaidh an tslándáil náisiúnta, go háirithe, ina freagracht ar gach Ballstát faoi leith agus air siúd amháin.

3. De bhua phrionsabal an chomhair dhílis, beidh an tAontas agus na Ballstáit de chúnamh ag a chéile, agus lánurraim fhrithpháirteach á tabhairt acu dá chéile, i dtaca le cúraimí a chineann ó na Conarthaí a chur i gcrích.

Glacfaidh na Ballstáit gach beart ginearálta nó leithleach is iomchuí chun a áirithiú go gcomhlíonfar na hoibleagáidí a thig ó na Conarthaí nó de dhroim gníomhartha de chuid institiúidí an Aontais.

Éascóidh na Ballstáit gnóthú chúraimí an Aontais agus staonfaidh siad ó aon bheart a d'fhéadfadh gnóthú chuspóirí an Aontais a chur i gcontúirt.'

7 Foráiltear le hAirteagal 5(1) agus (2) CAE:

'1. Tá teorainneacha inniúlachtaí an Aontais faoi rialú ag prionsabal na tabhartha. Tá feidhmiú na n-inniúlachtaí faoi rialú ag prionsabail na coimhdeachta agus na comhréireachta.

2. Faoi phrionsabal na tabhartha, gníomhóidh an tAontas faoi theorainneacha na n-inniúlachtaí atá tugtha dó ag na Ballstáit sna Conarthaí d'fhonn na cuspóirí atá leagtha amach sna Conarthaí a

bhaint amach. Inniúlachtaí nach bhfuil tugtha don Aontas sna Conarthaí, fanann siad ag na Ballstáit.'

8 Foráiltear mar a leanas in Airteagal 13(2) CAE:

'Gníomhóidh gach institiúid acu faoi theorainneacha na gcumhachtaí atá tugtha di sna Conarthaí, i gcomhréir leis na nósanna imeachta agus faoi na coinníollacha agus chun na gcríoch atá leagtha amach iontu. Cleachtfaidh na hinstitiúidí comhar dílis eatarthu féin.'

9 Foráiltear le hAirteagal 19(1) CAE:

'Cuimseoidh Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh an Chúirt Bhreithiúnais, an Chúirt Ghinearálta agus cúirteanna speisialaithe. Áiritheoidh sí go gcomhlíonfar an dlí i léiriú na gConarthaí agus ina gcur i bhfeidhm.

Cuirfidh na Ballstáit leighis ar fáil a bheidh leordhóthanach chun cosaint dlí éifeachtach a áirithiú sna réimsí atá folaithe le dlí an Aontais.'

10 Foráiltear le hAirteagal 49 CAE:

'Féadfaidh aon Stát Eorpach a urramaíonn na luachanna dá dtagraítear in Airteagal 2 agus atá tiomanta iad a chur chun cinn go comhpháirteach iarratas a dhéanamh chun bheith ina chomhalta den Aontas. Cuirfear Parlaimint na hEorpa agus na Parlaimintí náisiúnta ar an eolas faoin iarratas sin. Díreoidh an Stát iarrthach a iarratas chun na Comhairle a ghníomhóidh d'aon toil tar éis dul i gcomhairle leis an gCoimisiún agus tar éis do Pharlaimint na hEorpa toiliú trí thromlach de na comhaltaí a chomhdhéanann í. Tabharfar aird ar na coinníollacha incháilitheachta a bheidh formheasta ag an gComhairle Eorpach.

Na coinníollacha ar a ligfear Stát isteach agus na hoiriúnuithe is gá dá chionn sin ar na Conarthaí ar a bhfuil an tAontas fothaithe, beidh siad ina n-ábhar do chomhaontú idir na Ballstáit agus an Stát iarrthach. Cuirfear an comhaontú sin faoi bhráid na Stát Conarthach uile lena dhaingniú i gcomhréir lena rialacha bunreachtúla faoi seach.'

An Conradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh

11 De réir Airteagal 267 CFAE:

'Beidh dlínse Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh chun réamhrialú a thabhairt:

(a) ar léiriú na gConarthaí;

(b) ar bhailíocht agus léiriú gníomhartha de chuid institiúidí, comhlachtaí, oifigí nó gníomhaireachtaí an Aontais.

Nuair a thabharfar ceist den sórt sin ar aird os comhair cúirt nó binse de chuid Ballstáit, féadfaidh an chúirt nó an binse sin, má mheasann sé nó sí gur gá cinneadh ar an gceist ionas go bhféadfaidh sé nó sí breithiúnas a thabhairt, a iarraidh ar an gCúirt rialú a thabhairt ar an gceist sin.

Má thugtar aon cheist den sórt sin ar aird i gcás a bheidh ar feitheamh os comhair cúirt nó binse de chuid Ballstáit, agus nach bhfuil leigheas breithiúnach faoin dlí náisiúnta in aghaidh chinntí na cúirte nó an bhinse sin, tabharfaidh an chúirt nó an binse sin an t-ábhar os comhair na Cúirte.

[...]'

12 Foráiltear le hAirteagal 279 CFAE:

'Féadfaidh Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh, in aon chásanna os a comhair, aon bhearta idirlinne is gá a ordú.'

An Chairt

13 I dTeideal VI den Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh ('an Chairt'), dar teideal 'Ceartas', áirítear, go háirithe, Airteagal 47 di, dar teideal 'An ceart chun leigheas éifeachtach agus triail chóir a fháil', a bhfuil an fhoclaíocht seo a leanas ann:

'Tá ag gach duine a ndéantar a chearta nó a cearta agus a shaoirsí nó a saoirsí, arna ráthú le dlí an Aontais, a shárú, an ceart chun leigheas éifeachtach a fháil os comhair binse i gcomhréir leis na coinníollacha atá leagtha síos san Airteagal seo.

Tá gach duine i dteideal éisteacht chóir phoiblí a fháil laistigh de thréimhse réasúnta ó bhinse neamhspleách neamhchlaonta, arna bhunú roimh ré le dlí. [...]

[...]'

14 Foráiltear le hAirteagal 52(1) agus (3) den Chairt:

'1. 'Ní mór foráil le dlí d'aon teorannú ar fheidhmiú na gceart agus na saoirsí arna n-aithint sa Chairt seo agus ní mór inneachar sár-riachtanach na gceart agus na saoirsí sin a urramú. Faoi réir phrionsabal na comhréireachta, ní fhéadfar teorainneacha a dhéanamh ach amháin má tá gá leo agus má fhreagraíonn siad iarbhír do chuspóirí leasa ghinearálta arna n-aithint ag an Aontas nó don riachtanas cearta agus saoirsí daoine eile a chosaint.

[...]

3. A mhéid a chuimsíonn an Chairt seo cearta a fhreagraíonn do chearta arna ráthú leis an gCoinbhinsiún chun Cearta an Duine agus Saoirsí Bunúsacha a Chosaint, is ionann an bhrí agus an raon feidhme a bheidh ag na cearta sin agus an bhrí agus an raon feidhme atá leagtha síos leis an gCoinbhinsiún sin. Ní choiscfidh an fhoráil seo dlí an Aontais ar chosaint níos forleithne a sholáthar.'

Dearbhú Uimh. 17 maidir le tosaíocht

15 Is mar seo a leanas atá an fhoclaíocht i nDearbhú Uimh. 17 maidir le tosaíocht, atá i gceangal le hIonstraim Chríochnaitheach na Comhdhála Idir-Rialtasaí a ghlac Conradh Liospóin (IO 2012 C 326, lch. 346):

'Meabhraíonn an Chomhdháil gurb amhlaidh, i gcomhréir le cásdlí socair Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh, go bhfuil tosaíocht ag na Conarthaí agus ag an dlí arna ghlacadh ag an Aontas ar bhonn na gConarthaí ar dhlí na mBallstát, faoi na coinníollacha a shainítear leis an gcásdlí sin.

Tá an Chomhdháil tar éis a chinneadh freisin Tuairim Sheirbhís Dlí na Comhairle maidir leis an tosaíocht atá ag dlí CE mar a leagtar amach in 11197/07 (JUR 260) í a chur i gceangal leis an Ionstraim Chríochnaitheach seo:

“Tuairim Sheirbhís Dlí na Comhairle an 22 Meitheamh 2007

Tá sé mar thoradh ar chásdlí na [Cúirte] go bhfuil tosaíocht dhlí an Chomhphobail ar cheann de phrionsabail bhunúsacha dhlí an Chomhphobail. Dar leis an gCúirt, is prionsabal é atá de dhlúth agus d'inneach i gcineál sonrach an Chomhphobail Eorpaigh. Tráth tugtha chéad bhreithiúnas an chásdlí shocair sin ([breithiúnas an 15 Iúil 1964, *Costa* (6/64, EU:C:1964:66)]) níor luadh tosaíocht sa Chonradh. Is amhlaidh atá an cás fós sa lá atá inniu ann. Ní dhéanfaidh easpa tagartha do phrionsabal na tosaíochta sa Chonradh nua aon athrú ar an bprionsabal sin a bheith ann ná ar chásdlí na [Cúirte] atá i bhfeidhm.”’

Dlí na Polainne

Bunreacht na Polainne

16 Foráiltear le hAirteagal 2 de Bhunreacht na Polainne:

‘Is stát daonlathach í Poblacht na Polainne arna rialú le dlí, agus prionsabail an cheartais shóisialta á gcur i bhfeidhm aici.’

17 Foráiltear le hAirteagal 4(1) den Bhunreacht sin:

‘I bPoblacht na Polainne, is leis an Náisiún an chumhacht uachtaracha. ’

18 Leagtar síos le hAirteagal 7 den Bhunreacht go ‘[bh]feidhmeoidh orgáin an údaráis phoiblí ar bhonn an dlí agus laistigh de theorainneacha an dlí.’

19 De bhun Airteagal 8(1) den Bhunreacht, ‘[i]s é an Bunreacht dlí uachtarach Phoblacht na Polainne.’

20 Foráiltear le hAirteagal 90(1) den Bhunreacht céanna go ‘[bh]féadfaidh Poblacht na Polainne, de bhua comhaontuithe idirnáisiúnta, inniúlacht orgáin údaráis Stáit i ndáil le nithe áirithe a tharmligean chuig eagraíocht idirnáisiúnta nó chuig institiúid idirnáisiúnta.’

21 Is mar seo a leanas a léitear Airteagal 91(1) agus (2) de Bhunreacht na Polainne:

‘1. Tar éis a fhógairt in Iris Oifigiúil na Polainne [Dziennik Ustaw], beidh comhaontú idirnáisiúnta daingnithe den dlíchóras náisiúnta agus cuirfear i bhfeidhm go díreach é, mura rud é go mbraitheann a chur i bhfeidhm ar reacht a achtú.

2. Beidh tosaíocht ag comhaontú idirnáisiúnta arna dhaingniú le toiliú roimh ré arna dheonú le reacht ar reachtanna mura féidir neamhréireacht le comhaontú den sórt sin a réiteach le forálacha a leithéid de reacht.’

22 Foráiltear le hAirteagal 144 den Bhunreacht sin:

‘1. Eiseoidh Uachtarán [Phoblacht na Polainne] gníomhartha oifigiúla i bhfeidhmiú a chumhachtaí bunreachtúla agus dlíthiúla.

2. D’fhonn bheith bailí, ní mór do ghníomhartha oifigiúla Uachtarán [Phoblacht na Polainne] a bheith comhshínithe ag Cathaoirleach Chomhairle na nAirí, a ghlacfaidh, leis sin, go bhfuil sé freagrach don Sejm [(Sejm na Polainne)].

3. Ní bheidh feidhm ag forálacha mhír 2 sna cásanna seo a leanas:

[…]

17. ceapachán breithiúna,

[…]’

23 Foráiltear le hAirteagal 178(1) den Bhunreacht sin:

‘Beidh breithiúna, laistigh de chur i gcrích a n-oifige, neamhspleách agus beidh siad faoi réir [Bhunreacht na Polainne] agus na reachtanna amháin.’

24 De bhun Airteagal 179 de Bhunreacht na Polainne:

‘Ceapfaidh Uachtarán [Phoblacht na Polainne] na breithiúna, ar thogra ón Krajowa Rada Sądownictwa [(Comhairle Náisiúnta na mBreithiúna, an Pholainn) (“KRS”)], go ceann tréimhse neamhchinntithe ama.’

25 I gcomhréir le hAirteagal 188 den Bhunreacht sin:

‘Tabharfaidh an Trybunał Konstytucyjny [(an Chúirt Bhunreachtúil)] breithiúnais maidir le:

1. comhréireacht reachtanna agus comhaontuithe idirnáisiúnta le [Bunreacht na Polainne],

2. comhréireacht reachtanna le comhaontuithe idirnáisiúnta daingnithe a dteastaíonn údarú roimh ré arna thabhairt le reacht dá ndaingniú,

3. comhréireacht na ngníomhartha normatacha arna n-eisiúint ag orgáin lárnacha Stáit le [Bunreacht na Polainne], le comhaontuithe idirnáisiúnta daingnithe agus le reachtanna idirnáisiúnta daingnithe;

4. cuspóirí nó gníomhaíochtaí páirtithe polaitíochta a bheith i gcomhréir le [Bunreacht na Polainne],

5. caingne maidir le sáruithe bunreachtúla, mar a shonraítear in Airteagal 79(1).’

26 Foráiltear le hAirteagal 190 de Bhunreacht na Polainne:

‘1. Beidh cinntí an Trybunał Konstytucyjny [(an Chúirt Bhunreachtúil)] ina gceangal ar bhonn *erga omnes* agus beidh siad críochnaitheach.

2. Déanfar breithiúnais an Trybunał Konstytucyjny [(an Chúirt Bhunreachtúil)] a bhaineann leis na cásanna dá dtagraítear in Airteagal 188 a fhoilsiú gan mhoill san fhoilseachán oifigiúil inar foilsíodh an gníomh normatach. I gcás nár foilsíodh é, foilseofar an breithiúnas in Iris Oifigiúil Phoblacht na Polainne darb ainm "Monitor Polski".

3. Tiocfaidh breithiúnas an Trybunał Konstytucyjny [(an Chúirt Bhunreachtúil)] i bhfeidhm ar lá a fhoilsithe [...].

[...]

5. Tabharfaidh an Trybunał Konstytucyjny [(an Chúirt Bhunreachtúil)] breithiúnas trí thromlach vótaí.'

27 De bhun Airteagal 193 de Bhunreacht na Polainne:

'Féadfaidh cúirt ar bith ceist dlí a chur chuig an Trybunał Konstytucyjny [(an Chúirt Bhunreachtúil)] a bhaineann le comhlíonadh gnímh normataigh le [Bunreacht na Polainne], le comhaontuithe idirnáisiúnta daingnithe nó leis an dlí, nuair a bhraitheann réiteach cás os a comhair, ar fhreagra na ceiste seo.'

28 Foráiltear le hAirteagal 194 de Bhunreacht na Polainne:

'1. Beidh an Trybunał Konstytucyjny [(an Chúirt Bhunreachtúil)] comhdhéanta de 15 bhreitheamh arna roghnú ag an Sejm ar feadh thréimhse 9 mbliana as measc daoine a bhfuil idirdhealú déanta acu ar an dlí. Ní cheadaítear iad a atoghadh chun an Trybunał Konstytucyjny [(an Chúirt Bhunreachtúil)].

2. Ceapfaidh Uachtarán [Phoblacht na Polainne] Uachtarán agus Leas-Uachtarán an Trybunał Konstytucyjny [(an Chúirt Bhunreachtúil)] as measc na n-iarrthóirí a thíolacfaidh comhthionól ginearálta bhreithiúna an Trybunał Konstytucyjny [(an Chúirt Bhunreachtúil)] [(an "Comhthionól Ginearálta")].'

29 Faoi Airteagal 197 de Bhunreacht na Polainne, 'cinnfear le dlí eagrú an Trybunał Konstytucyjny (an Chúirt Bhunreachtúil) agus an nós imeachta os a comhair'.

Forálacha reachtacha maidir le heagrú agus feidhmiú an Trybunał Konstytucyjny (an Chúirt Bhunreachtúil)

30 In 2015 agus 2016, ghlac an Sejm roinnt dlíthe lena leasaítear eagrú agus feidhmiú an Trybunał Konstytucyjny (an Chúirt Bhunreachtúil).

31 An 25 Meitheamh 2015, ghlac an Sejm ustawa o Trybunale Konstytucyjnym (an Dlí maidir leis an gCúirt Bhunreachtúil) (Dz. U. mír 1064, 'Dlí an 25 Meitheamh 2015 maidir leis an gCúirt Bhunreachtúil'), a tháinig i bhfeidhm an 30 Lúnasa 2015.

32 Foráiltear le hAirteagal 19(1) agus (2) den Dlí sin:

'1. Deonófar an ceart chun iarrthóir a chur ar aghaidh d'oifig breithimh sa [Trybunał Konstytucyjny (an Chúirt Bhunreachtúil)] d'oifig an Sejm [(Sejm na Polainne)] agus do ghrúpa de 50 comhalta ar a laghad.

2. Cuirfear togra maidir le hiarrthóir a cheapadh don phost mar bhreitheamh den [Trybunał Konstytucyjny (an Chúirt Bhunreachtúil)] faoi bhráid Uachtarán an Sejm [(Sejm na Polainne)] tráth nach déanaí ná 3 mhí roimh dháta éaga théarma reatha oifige breithimh den [Trybunał Konstytucyjny (an Chúirt Bhunreachtúil)]. ’

33 Faoi Airteagal 21(1) den Dlí sin, bhí ar an duine a toghadh mar bhreitheamh den Trybunał Konstytucyjny (an Chúirt Bhunreachtúil) mionn a ghlacadh os comhair Uachtarán Phoblacht na Polainne i gcomhréir leis an bhfoirmle a leagtar síos san fhoráil sin.

34 Foráladh le hAirteagal 137 de Dhlí an 25 Meitheamh 2015 maidir leis an gCúirt Bhunreachtúil, ar bhonn idirthréimhseach, i ndáil le breithiúna an Trybunał Konstytucyjny (an Chúirt Bhunreachtúil) a ndeachaigh a dtéarma oifige in éag in 2015, nach mór an togra dá dtagraítear in Airteagal 19(2) den Dlí sin a thíolacadh laistigh de 30 lá ó dháta theacht i bhfeidhm an Dlí sin.

35 An 19 Samhain 2015, ghlac an Sejm, faoi nós imeachta práinne, ustawa o zmianie ustawy z dnia 25 czerwca 2015 r. o Trybunale Konstytucyjnym (Dlí lena leasaítear Dlí an 25 Meitheamh 2015 maidir leis an gCúirt Bhunreachtúil) (Dz. U. mír 1928, ‘Dlí leasaitheach an 19 Samhain 2015’), a tháinig i bhfeidhm an 5 Nollaig 2015.

36 Le hAirteagal 1(3) den Dlí sin, leasaíodh Airteagal 19(2) de Dhlí an 25 Meitheamh 2015 maidir leis an gCúirt Bhunreachtúil, a bhfuil an fhoclaíocht seo a leanas ann anois:

‘Cuirfear togra maidir le hiarrthóir a cheapadh don phost mar bhreitheamh den [Trybunał Konstytucyjny (an Chúirt Bhunreachtúil)] faoi bhráid Uachtarán an Sejm [(Sejm na Polainne)] 30 lá roimh dháta éaga téarma oifige breithimh den [Trybunał Konstytucyjny (an Chúirt Bhunreachtúil)]. ’

37 Le hAirteagal 1(4)(a) de Dhlí Leasaitheach an 19 Samhain 2015, leasaíodh Airteagal 21(1) de Dhlí an 25 Meitheamh 2015 maidir leis an gCúirt Bhunreachtúil, a bhfuil an fhoclaíocht seo a leanas ann anois:

‘Glacfaidh an duine a thoghtar don phost mar bhreitheamh den [Trybunał Konstytucyjny (an Chúirt Bhunreachtúil)] mionn os comhair Uachtarán Phoblacht [na Polainne] laistigh de 30 lá ó dháta a thofa […]’

38 Le hAirteagal 1(4)(b) de Dhlí Leasaitheach an 19 Samhain 2015, cuireadh Airteagal 21(1a) isteach i nDlí an 25 Meitheamh 2015 maidir leis an gCúirt Bhunreachtúil, leis an bhfoclaíocht seo a leanas:

‘Le glacadh an mhionna, cuirfear tús le téarma oifige bhreitheamh an [Trybunał Konstytucyjny (an Chúirt Bhunreachtúil)]. ’

39 Le hAirteagal 1(5) de Dhlí Leasaitheach an 19 Samhain 2015, aisghaireadh Airteagal 137 de Dhlí an 25 Meitheamh 2015 maidir leis an gCúirt Bhunreachtúil, agus le hAirteagal 1(6) de, cuireadh isteach sa Dlí sin Airteagal 137a lena bhforáiltear, i ndáil le breithiúna an Trybunał Konstytucyjny (an Chúirt Bhunreachtúil) a ndeachaigh a dtéarma oifige in éag in 2015, nach mór an togra dá dtagraítear in Airteagal 19(2) a thíolacadh laistigh de 7 lá ó dháta theacht i bhfeidhm Airteagal 137a.

40 Foráladh don mhéid seo a leanas le hAirteagal 2 de Dhlí leasaitheach an 19 Samhain 2015:

‘Rachaidh téarma oifige Uachtarán agus Leas-Uachtarán reatha an [Trybunał Konstytucyjny (an Chúirt Bhunreachtúil)] in éag 3 mhí tar éis dháta theacht i bhfeidhm an dlí’.

41 An 22 Iúil 2016, ghlac an Sejm ustawa o Trybunale Konstytucyjnym (an Dlí maidir leis an gCúirt Bhunreachtúil) (Dz. U. mír 1157, 'Dlí an 22 Iúil 2016 maidir leis an gCúirt Bhunreachtúil'), chun teacht in ionad Dlí an 25 Meitheamh 2015 maidir leis an gCúirt Bhunreachtúil agus a bhí le teacht i bhfeidhm an 16 Lúnasa 2016.

42 Foráiltear an méid seo a leanas in Airteagal 16(4) agus (7) de Dhlí an 22 Iúil 2016 maidir leis an gCúirt Bhunreachtúil:

'4. Is é breitheamh an [Trybunał Konstytucyjny (an Chúirt Bhunreachtúil)] is sine atá rannpháirteach sa Chomhthionól Ginearálta a dhéanfaidh cathaoirleacht ar an gcuid sin de sheisiún an Chomhthionóil Ghinearálta a bhaineann le hiarrthóirí a thoghadh don phost mar Uachtarán nó Leas-Uachtarán ar an [Trybunał Konstytucyjny (an Chúirt Bhunreachtúil)].

[...]

7. Toghfar iarrthóirí má ghlacann deichniúr ar a laghad de líon iomlán na mbreithiúna sa [Trybunał Konstytucyjny (an Chúirt Bhunreachtúil)], mar a shainmhínítear in Airteagal 194(1) de [Bhunreacht na Polainne], páirt sa chomhthionól ginearálta. Ní bheidh ach aon vóta amháin ag gach breitheamh den [Trybunał Konstytucyjny (an Chúirt Bhunreachtúil)] atá rannpháirteach sa nós imeachta toghcháin agus ní fhéadfaidh sé vótáil ach d'iarrthóir amháin. '

43 De réir Airteagal 90 de Dhlí an 22 Iúil 2016 maidir leis an gCúirt Bhunreachtúil:

'Áireoidh Uachtarán an [Trybunał Konstytucyjny (an Chúirt Bhunreachtúil)] i bpainéil bhreithiúna an [Trybunał Konstytucyjny (an Chúirt Bhunreachtúil)] na daoine a ghlac mionn os comhair Uachtarán Phoblacht [na Polainne] ach nach ndeachaigh i mbun a ndualgas go fóill ar dháta theacht i bhfeidhm an Dlí seo, agus sannfaidh sé cásanna dóibh.'

44 Le breithiúnas an 11 Lúnasa 2016 (Cás K 39/16), chinn an Trybunał Konstytucyjny (an Chúirt Bhunreachtúil) nach raibh Airteagal 90 de Dhlí an 22 Iúil 2016 maidir leis an gCúirt Bhunreachtúil ag luí le hAirteagal 194(1) de Bhunreacht na Polainne.

45 An 13 Nollaig 2016, ghlac an Sejm ustawa przepisy wprowadzające ustawę o organizacji i trybie postępowania przed Trybunałem Konstytucyjnym oraz o statusie sędziów Trybunału Konstytucyjnego (Dlí lena leagtar síos forálacha tosaigh don Dlí maidir le heagrú na Cúirte Bunreachtúla agus an nós imeachta os a comhair agus an Dlí maidir le stádas bhreithiúna na Cúirte Bunreachtúla) (Dz. U. mír 2074, 'an Dlí lena leagtar síos forálacha tosaigh'), a tháinig i bhfeidhm, i ndáil le roinnt de na forálacha sin, an 20 Nollaig 2016.

46 Le hAirteagal 3 den Dlí sin, aisghaireadh Dlí an 22 Iúil 2016 maidir leis an gCúirt Bhunreachtúil.

47 Foráiltear le hAirteagal 18 den Dlí lena leagtar síos forálacha tosaigh go bhféadfaidh Uachtarán Phoblacht na Polainne comhlíonadh fheidhmeanna Uachtarán an Trybunał Konstytucyjny (an Chúirt Bhunreachtúil) a chur de chúram ar bhreitheamh den chúirt sin.

48 Foráiltear le hAirteagal 20 den Dlí sin:

'Déanfaidh an breitheamh atá ag feidhmiú mar Uachtarán an [Trybunał Konstytucyjny (an Chúirt Bhunreachtúil)], laistigh de mhí amháin ón lá tar éis dháta fógartha an Dlí seo, an nós imeachta a sheoladh chun iarrthóirí don phost mar Uachtarán an [Trybunał Konstytucyjny (an Chúirt

Bhunreachtúil)] a chur faoi bhráid Uachtarán Phoblacht na Polainne faoi na coinníollacha a leagtar síos in Airteagal 21.’

49 Luaitear an méid seo a leanas in Airteagal 21 den Dlí sin, lena leagtar síos an nós imeachta chun iarrthóirí a cheapadh don phost mar Uachtarán an Trybunał Konstytucyjny (an Chúirt Bhunreachtúil) d’fhonn iad a chur faoi bhráid Uachtarán Phoblacht na Polainne:

‘1. Déanfaidh an breitheamh atá ag feidhmiú mar Uachtarán an [Trybunał Konstytucyjny (an Chúirt Bhunreachtúil)] cruinniú den Chomhthionól Ginearálta a thionól gan mhoill maidir le hiarrthóirí don phost mar Uachtarán an [Trybunał Konstytucyjny (an Chúirt Bhunreachtúil)] a chur faoi bhráid Uachtarán Phoblacht na Polainne agus tabharfaidh sé fógra do bhreithiúna an [Trybunał Konstytucyjny (an Chúirt Bhunreachtúil)] faoi dháta an chruinnithe sin.

2. Glacfaidh na breithiúna den [Trybunał Konstytucyjny (an Chúirt Bhunreachtúil)], a ghlac mionn os comhair Uachtarán Phoblacht na Polainne, páirt sa chruinniú dá dtagraítear i mír 1. Déanfaidh an breitheamh atá ag feidhmiú mar Uachtarán an [Trybunał Konstytucyjny (an Chúirt Bhunreachtúil)] an clár oibre a tharraingt suas agus beidh sé ina chathaoirleach ar an suí.

3. Roghnóidh an Comhthionól Ginearálta na hiarrthóirí don phost mar Uachtarán ar an [Trybunał Konstytucyjny (an Chúirt Bhunreachtúil)] trí vóta, i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar amach i míreanna 4 go 9.

4. Féadfaidh aon bhreitheamh den [Trybunał Konstytucyjny (an Chúirt Bhunreachtúil)] dá dtagraítear i mír 2 a ainm a chur faoi réir an nós imeachta chun iarrthóirí a roghnú don phost mar Uachtarán den [Trybunał Konstytucyjny (an Chúirt Bhunreachtúil)]. Baileoidh an breitheamh atá ag feidhmiú mar Uachtarán an [Trybunał Konstytucyjny (an Chúirt Bhunreachtúil)] ainmniúcháin ón lá a fhoilsítear dáta an chruinnithe ghinearálta dá dtagraítear i mír 1 go dtí tús an chruinnithe sin.

5. Déanfar sloinnte agus céadainmneacha bhreithiúna an [Trybunał Konstytucyjny (an Chúirt Bhunreachtúil)] a mholfar i gcomhréir le mír 4 a thaifeadadh ar an bpáipéar ballóide in ord aibítre. Déanfar vótáil chomhpháirteach ar na hainmniúcháin atá molta. Beidh an vótáil bailí má tá an comhartha ‘x’ nó ‘+’ (dhá líne thrasnacha) sa bhosca iomchuí ar an bpáipéar ballóide in aice le hainm breithimh den [Trybunał Konstytucyjny (an Chúirt Bhunreachtúil)]. Déanfar an vótáil le ballóid rúnda.

[…]

7. Cuirfidh an Comhthionól Ginearálta ar aghaidh mar iarrthóirí don phost mar Uachtarán ar an [Trybunał Konstytucyjny (an Chúirt Bhunreachtúil)], i bhfoirm rúin, breithiúna uile an [Trybunał Konstytucyjny (an Chúirt Bhunreachtúil)] a fuair cúig vóta ar a laghad sa vóta dá dtagraítear i mír 5.

8. Mura bhfuair ach breitheamh amháin den [Trybunał Konstytucyjny (an Chúirt Bhunreachtúil)] an líon vótaí is gá dá dtagraítear i mír 7, cuirfidh an Comhthionól Ginearálta ar aghaidh mar iarrthóirí don phost mar Uachtarán den [Trybunał Konstytucyjny (an Chúirt Bhunreachtúil)], i bhfoirm rúin, an breitheamh den [Trybunał Konstytucyjny (an Chúirt Bhunreachtúil)] a fuair an líon is gá de chúig vóta ar a laghad agus an breitheamh den [Trybunał Konstytucyjny (an Chúirt Bhunreachtúil)] a fuair an tacaíocht is airde i measc bhreithiúna an

[Trybunał Konstytucyjny (an Chúirt Bhunreachtúil)] nach bhfuair an líon is gá de chúig vóta ar a laghad.

9. Más rud é, sa chás dá dtagraítear i mír 8, go bhfuair níos mó ná breitheamh amháin den [Trybunał Konstytucyjny (an Chúirt Bhunreachtúil)] an tacaíocht is airde i measc bhreithiúna an [Trybunał Konstytucyjny (an Chúirt Bhunreachtúil)] nach bhfuair an líon vótaí is gá i gcomhréir le mír 7, déanfaidh an Comhthionól Ginearálta, lena n-áirítear an breitheamh den [Trybunał Konstytucyjny (an Chúirt Bhunreachtúil)] a bhfuil cúig vóta ar a laghad faighte aige, i bhfoirm rúin, breithiúna uile an [Trybunał Konstytucyjny (an Chúirt Bhunreachtúil)] a fuair an líon céanna vótaí is airde a thíolacadh mar iarrthóirí don phost mar Uachtarán ar an [Trybunał Konstytucyjny (an Chúirt Bhunreachtúil)].

[...]

11. I gcás nár ceapadh beirt bhreithiúna ar a laghad den [Trybunał Konstytucyjny (an Chúirt Bhunreachtúil)] mar iarrthóirí ón gcomhthionól ginearálta don phost mar Uachtarán ar an [Trybunał Konstytucyjny (an Chúirt Bhunreachtúil)] leis an nós imeachta dá dtagraítear i míreanna 4 go 9, cuirfidh an breitheamh atá ag feidhmiú mar Uachtarán an [Trybunał Konstytucyjny (an Chúirt Bhunreachtúil)] deireadh leis an gcruinniú agus tionólfaidh sé an Comhthionól Ginearálta arís chun iarrthóirí a ainmniú don phost mar Uachtarán ar an [Trybunał Konstytucyjny (an Chúirt Bhunreachtúil)].

[...]'

Cúlra na díospóide

Na nósanna imeachta maidir le triúr breithiúna agus Uachtarán an Trybunał Konstytucyjny (an Chúirt Bhunreachtúil) a cheapadh

An nós imeachta maidir le triúr breithiúna an Trybunał Konstytucyjny (an Chúirt Bhunreachtúil) a cheapadh i mí na Nollag 2015

50 Le rúin an 8 Deireadh Fómhair 2015 arna nglacadh le linn a seachtú téarma parlaiminteach, thogh an Sejm cúigear chuig poist bhreithiúnacha sa Trybunał Konstytucyjny (an Chúirt Bhunreachtúil). Bhí trí cinn acu, eadhon R.H., A.J. agus K.Ś., le teacht in ionad breithiúna a ndeachaigh a dtéarma oifige in éag an 6 Samhain 2015, agus bhí beirt acu le teacht in ionad breithiúna a ndeachaigh a dtéarma oifige in éag i mí na Nollag 2015.

51 Tionóladh an chéad seisiún den ochtú téarma parlaiminteach den Sejm an 12 Samhain 2015, tar éis thoghcháin pharlaiminteacha an 25 Deireadh Fómhair 2015. An 25 Samhain 2015, ghlac an Sejm cúig rún ina ndearbhaítear 'easpa éifeacht dhlíthiúil' rúin an 8 Deireadh Fómhair 2015 agus ina n-iarrtar ar Uachtarán Phoblacht na Polainne staonadh ó mhionn na ndaoine a thoghtar leis na rúin sin a ghlacadh.

52 Le rúin an 2 Nollaig 2015, thogh an Sejm cúigear chuig poist bhreithiúnacha sa Trybunał Konstytucyjny (an Chúirt Bhunreachtúil). Bhí trí cinn acu, eadhon H.C., L.M. agus M.M., le teacht in ionad breithiúna a ndeachaigh a dtéarma oifige in éag an 6 Samhain 2015, agus bhí beirt acu le teacht in ionad breithiúna a ndeachaigh a dtéarma oifige in éag i mí na Nollag 2015. An 3

agus an 9 Nollaig 2015, ghlac an cúigear sin mionn os comhair Uachtarán Phoblacht na Polainne. Mar sin féin, an 3 Nollaig 2015, dhiúltaigh Uachtarán an Trybunał Konstytucyjny (an Chúirt Bhunreachtúil) cead a thabhairt do cheathrar de na breithiúna sin faoi mhionn suí go dtí gur soiléiríodh an cheist maidir le bailíocht a dtofa ag an Sejm.

53 Le breithiúnas an 3 Nollaig 2015 (Cás K 34/15), rialaigh an Trybunał Konstytucyjny (an Chúirt Bhunreachtúil) ar iarratas ar mhíbhunreachtúlacht roinnt forálacha de Dhlí an 25 Meitheamh 2015 maidir leis an gCúirt Bhunreachtúil. Chinn an chúirt sin, go bunúsach, i gcomhréir le hAirteagal 194(1) de Bhunreacht na Polainne, gur faoin Sejm a bhí i gcumhacht nuair a chuaigh téarma oifige 9 mbliana breithimh den Chúirt Bhunreachtúil in éag a bhí sé breitheamh nua a thoghadh. Sna himthosca sin, chinn sí, *inter alia*, go raibh Airteagal 137 de Dhlí an 25 Meitheamh 2015 maidir leis an gCúirt Bhunreachtúil faoi réir an bhunreachta a mhéid a bhain sé le breithiúna den Trybunał Konstytucyjny (an Chúirt Bhunreachtúil) a ndeachaigh a dtéarma oifige in éag an 6 Samhain 2015, ach nach raibh sé faoi réir an bhunreachta a mhéid a bhain sé le breithiúna den chúirt sin ar tháinig deireadh lena dtéarma oifige i mí na Nollag 2015.

54 Dá bhrí sin, chinn an Trybunał Konstytucyjny (an Chúirt Bhunreachtúil) go raibh toghchán triúr breithiúna, an 8 Deireadh Fómhair 2015, le linn an seachtú téarma parlaiminteach den Sejm, chun teacht in ionad breithiúna a raibh a dtéarma oifige le críochnú an 6 Samhain 2015 bailí. Ina theannta sin, shonraigh an chúirt sin go raibh sé de cheangal ar Uachtarán Phoblacht na Polainne mionn an triúr breithiúna sin a ghlacadh, ós rud é nach raibh aon lánrogha aige ina leith sin. Os a choinne sin, shonraigh an chúirt sin nach raibh an Sejm i dteideal, le linn an seachtú téarma parlaiminteach, beirt bhreithiúna a thoghadh chun teacht in ionad breithiúna a raibh a dtéarma oifige le dul in éag i mí na Nollag 2015.

55 Le breithiúnas an 9 Nollaig 2015 (Cás K 35/15), dhearbhaigh an Trybunał Konstytucyjny (an Chúirt Bhunreachtúil) go raibh Airteagal 1(6) de Dhlí Leasaitheach an 19 Samhain 2015 ar neamhréir le hAirteagal 194(1) de Bhunreacht na Polainne, arna léamh i gcomhar le hAirteagal 7 de, a mhéid, go bunúsach, gur foráladh le hAirteagal 137a, a chuir sé isteach i nDlí an 25 Meitheamh 2015 maidir leis an gCúirt Bhunreachtúil, do thoghadh breithiúna, le linn an ochtú téarma parlaiminteach, chun teacht in ionad na mbreithiúna sin a raibh a dtéarma oifige imithe in éag le linn an seachtú téarma parlaiminteach. Os a choinne sin, dheimhnigh an chúirt sin, mar a dhearbhaigh sí ina breithiúnas an 3 Nollaig 2015, comhréireacht Airteagal 137 de Dhlí an 25 Meitheamh 2015 maidir leis an gCúirt Bhunreachtúil le Bunreacht na Polainne mar bhunús dlí do thoghadh triúr breithiúna ag an Sejm, le linn an seachtú téarma parlaiminteach, chun teacht in ionad breithiúna a ndeachaigh a dtéarma oifige in éag an 6 Samhain 2015. Ina theannta sin, chinn sí go mbeadh sé d'éifeacht ag an toghchán, le linn an ochtú téarma parlaiminteach, ar bhonn Airteagal 137a de Dhlí an 25 Meitheamh 2015 maidir leis an gCúirt Bhunreachtúil, a d'eascair as Dlí Leasaitheach an 19 Samhain 2015, triúr breithiúna a bhí beartaithe teacht in ionad na mbreithiúna a raibh a dtéarma oifige imithe in éag an 6 Samhain 2015 go méadófaí go 18 líon na mbreithiúna a bhí ina suí sa Trybunał Konstytucyjny (an Chúirt Bhunreachtúil).

56 D'ainneoin an dá bhreithiúnas sin ón Trybunał Konstytucyjny (an Chúirt Bhunreachtúil), níor ghlac aon duine den triúr a thogh an Sejm an 8 Deireadh Fómhair 2015 chun teacht in ionad breithiúna a ndeachaigh a dtéarma oifige in éag an 6 Samhain 2015 an mionn os comhair Uachtarán Phoblacht na Polainne agus ní dheachaigh siad i mbun a ndualgas laistigh den chúirt sin.

57 An 12 Eanáir 2016, thug A.R., a bhí ina Uachtarán an Trybunał Konstytucyjny (an Chúirt Bhunreachtúil) ag an am, údarú don bheirt a thogh an Sejm an 2 Nollaig 2015 teacht in ionad na beirte breithiúna a raibh a dtéarma oifige imithe in éag i mí na Nollag 2015 chun suí ar an Trybunał Konstytucyjny (an Chúirt Bhunreachtúil).

58 An 19 Nollaig 2016, tháinig deireadh le téarma oifige A.R. mar Uachtarán an Trybunał Konstytucyjny (an Chúirt Bhunreachtúil).

59 An 20 Nollaig 2016, i gcomhréir le hAirteagal 18 den Dlí lena leagtar síos forálacha tosaigh, chuir Uachtarán Phoblacht na Polainne comhlíonadh fheidhmeanna Uachtarán an Trybunał Konstytucyjny (an Chúirt Bhunreachtúil) de chúram ar an mbreitheamh J.P. An lá céanna, thug J.P. údarú do H.C., L.M. agus M.M., a thogh an Sejm an 2 Nollaig 2015 chun teacht in ionad an triúr breithiúna a ndeachaigh a dtéarma oifige in éag an 6 Samhain 2015, suí ar an Trybunał Konstytucyjny (an Chúirt Bhunreachtúil).

60 Ós rud é go bhfuair beirt bhreithiúna den Trybunał Konstytucyjny (an Chúirt Bhunreachtúil) bás i mí Iúil agus i mí na Nollag 2017, thogh an Sejm beirt bhreithiúna nua chun teacht ina n-ionad an 19 Meán Fómhair 2017 agus an 30 Eanáir 2018. Ní raibh aon duine acu ar dhuine den triúr breithiúna a toghadh an 8 Deireadh Fómhair 2015 chun teacht in ionad na mbreithiúna a ndeachaigh a dtéarma oifige in éag an 6 Samhain 2015.

61 Le breithiúnas an 7 Bealtaine 2021, *Xero Flor w Polsce sp. z o.o.* v *an Pholainn* (CE:ECHR:2021:0507JUD000490718, § 290 agus 291), chinn an Chúirt Eorpach um Chearta an Duine, agus cás os a comhair arna thionscnamh ag cuideachta ar dhiúltaigh an Trybunał Konstytucyjny (an Chúirt Bhunreachtúil) dá gearán bunreachtúil, go raibh ceapachán M.M., duine de na breithiúna a shuigh ar an bpainéal a scrúdaigh a ghearán bunreachtúil, curtha ó bhail mar gheall ar neamhrialtachtaí tromchúiseacha, rud a sháraíonn bunbhrí an chirt chun 'binse a bunaíodh le dlí' a chumhdaítear in Airteagal 6 den Choinbhinsiún Eorpach chun Cearta an Duine agus Saoirsí Bunúsacha a Chosaint, a síníodh sa Róimh an 4 Samhain 1950 ('ECHR'). Chinn an chúirt sin gur baineadh an ceart sin den iarratasóir mar gheall ar rannpháirtíocht M.M. sna himeachtaí os comhair an Trybunał Konstytucyjny (an Chúirt Bhunreachtúil).

62 Chun teacht ar an gconclúid sin, chinn an Chúirt Eorpach um Chearta an Duine go ndearnadh sárú follasach ar dhlí na Polainne maidir le breithiúna den Trybunał Konstytucyjny (an Chúirt Bhunreachtúil) a cheapadh ag an Sejm agus ag Uachtarán Phoblacht na Polainne araon. Chuir sí in iúl, an 2 Nollaig 2015, le linn an ochtú téarma parlaiminteach, gur thogh an Sejm triúr chuig poist bhreithiúnacha sa Trybunał Konstytucyjny (an Chúirt Bhunreachtúil), lena n-áirítear M.M., in ionad triúr breithiúna a ndeachaigh a dtéarma oifige in éag an 6 Samhain 2015, cé go raibh na poist sin líonta cheana féin ag triúr a thogh an Sejm an 8 Deireadh Fómhair 2015, le linn an seachtú téarma parlaiminteach. Ina theannta sin, thug an Chúirt Eorpach um Chearta an Duine faoi deara gur dhiúltaigh Uachtarán Phoblacht na Polainne mionn an triúr a toghadh an 8 Deireadh Fómhair 2015 a ghlacadh, cé gur chuir sé an triúr a toghadh an 2 Nollaig 2015 faoi mhionn (§ 261 go 270 agus 275).

63 Chinn an Chúirt Eorpach um Chearta an Duine gur bhain an sárú dá bhrí sin le riail bhunúsach de dhlí na Polainne is infheidhme maidir le toghadh bhreithiúna an Trybunał Konstytucyjny (an Chúirt Bhunreachtúil), eadhon Airteagal 194(1) de Bhunreacht na Polainne, agus go raibh an sárú sin chomh tromchúiseach sin gur bhain sé an bonn de dhlisteanacht an phróisis toghcháin agus gur bhain sé an bonn de bhunbhrí an chirt chun 'binse a bunaíodh le dlí' agus de phrionsabal an smachta reachta (§ 276 go 287).

An nós imeachta maidir le hUachtarán an Trybunał Konstytucyjny (an Chúirt Bhunreachtúil) a cheapadh

64 An 20 Nollaig 2016 ar 09.30, thionóil J.P., a raibh sé díreach curtha de chúram uirthi dualgais Uachtarán an Trybunał Konstytucyjny (an Chúirt Bhunreachtúil) a chomhlíonadh, cruinniú den Chomhthionól Ginearálta don lá céanna ar 13.30, d'fhonn na hiarrthóirí don phost mar Uachtarán na cúirte sin a thoghadh lena gcur faoi bhráid Uachtarán Phoblacht na Polainne. D'iarr duine de na breithiúna go gcuirfí an Comhthionól Ginearálta ar atráth, ag míniú, i bhfianaise na tréimhse gearrfhógra, nach raibh sé in ann páirt a ghlacadh ann. Níor ghlac J.P. leis an iarratas sin.

65 Dá bhrí sin, as na 14 bhreitheamh den Trybunał Konstytucyjny (an Chúirt Bhunreachtúil) a bhí i láthair ag an gcomhthionól ginearálta, níor chomhaontaigh ach seisear breithiúna, lena n-áirítear H.C., L.M. agus M.M., páirt a ghlacadh i dtoghadh iarrthóirí don phost mar Uachtarán na cúirte sin. Ós rud é go bhfuair J.P. cúig vóta agus go bhfuair M.M. vóta amháin, cuireadh faoi bhráid Uachtarán Phoblacht na Polainne iad mar iarrthóirí don phost sin.

66 An 21 Nollaig 2016, cheap Uachtarán Phoblacht na Polainne J.P. ina hUachtarán ar an Trybunał Konstytucyjny (an Chúirt Bhunreachtúil).

Breithiúnais ón Trybunał Konstytucyjny (an Chúirt Bhunreachtúil) an 14 Iúil 2021 agus an 7 Deireadh Fómhair 2021

67 Thug an Trybunał Konstytucyjny (an Chúirt Bhunreachtúil), an 14 Iúil 2021 agus an 7 Deireadh Fómhair 2021, dhá bhreithiúnas a bhain le comhoiriúnacht chásdlí na Cúirte le Bunreacht na Polainne, eadhon cásdlí a bhaineann go háirithe le hoibleagáid Phoblacht na Polainne a eascraíonn as an dara fomhír d'Airteagal 19(1) CAE maidir le cosaint bhreithiúnach éifeachtach a áirithiú ('na breithiúnais atá faoi chonspóid').

Breithiúnas an 14 Iúil 2021

68 An 14 Iúil 2021, thug an Trybunał Konstytucyjny (an Chúirt Bhunreachtúil) a breithiúnas i gcás P 7/20, ar foilsíodh an réasúnaíocht ina leith an 7 Deireadh Fómhair 2021 ('breithiúnas an 14 Iúil 2021').

69 Sa bhreithiúnas sin, agus cás ar thug an Izba Dyscyplinarna (Dlísheomra Araíonachta) den Sąd Najwyższy (an Chúirt Uachtarach, an Pholainn) ('an Dlísheomra Araíonachta') os a comhair, scrúdaigh an Trybunał Konstytucyjny (an Chúirt Bhunreachtúil) an cheist maidir le comhoiriúnacht na mbeart eatramhach a forchuireadh ar Phoblacht na Polainne le hordú an 8 Aibreán 2020, *an Coimisiún* v *an Pholainn* (C-791/19 R, EU:C:2020:277) le Bunreacht na Polainne, go háirithe an t-ordú lena gceanglaítear uirthi cur i bhfeidhm na bhforálacha reachtacha lena dtugtar dlínse don dlísheomra sin i gcásanna araíonachta a bhaineann le breithiúna.

70 Chinn an Trybunał Konstytucyjny (an Chúirt Bhunreachtúil), 'a mhéid a fhorchuireann an [Chúirt] oibleagáidí *ultra vires* ar Phoblacht na Polainne, mar Bhallstát den Aontas Eorpach, trí bhearta eatramhacha a ghlacadh a bhaineann le heagrú agus le dlínse chúirteanna na Polainne agus leis an nós imeachta os comhair na gcúirteanna sin, tá an dara fomhír d'Airteagal 4(3) CAE, arna léamh i gcomhar le hAirteagal 279 CFAE, contrártha d'Airteagail 2 agus 7, Airteagal 8(1) agus

Airteagal 90(1), arna léamh i gcomhar le hAirteagal 4(1) de [Bhunreacht na Polainne], agus mar thoradh air sin tagann sé lasmuigh de phrionsabail na tosaíochta agus an chur i bhfeidhm dhírigh a leagtar amach in Airteagal 91(1) go (3) de [Bhunreacht na Polainne]'.

71 Maidir le héifeachtaí bhreithiúnas an 14 Iúil 2021, chinn an Trybunał Konstytucyjny (an Chúirt Bhunreachtúil) go raibh 'na caighdeáin a chruthaigh an Chúirt' a glacadh *ultra vires* contrártha do Bhunreacht na Polainne. Thug an chúirt sin an méid seo a leanas faoi deara freisin:

'I gcomhréir le hAirteagal 190(1) de [Bhunreacht na Polainne], tá an breithiúnas seo, lena gcinntear nach bhfuil an gcaighdeán atá faoi chonspóid ag luí le [Bunreacht na Polainne], críochnaitheach agus ceangailteach go huilíoch. Dírítear breithiúnas an Trybunał Konstytucyjny (an Chúirt Bhunreachtúil) chuig gach seolaí a chuireann dlí [an Aontais] i bhfeidhm ar chríoch Phoblacht na Polainne. [...] Tá éifeachtaí *ex tunc* ag breithiúnas an Trybunał Konstytucyjny (an Chúirt Bhunreachtúil) agus is de chineál feidhmeach é. Leis an gcinneadh go bhforchuirtear le gníomh de chuid an Aontais Eorpaigh oibleagáidí *ultra vires* ar Phoblacht na Polainne maidir le heagrú agus dlínse a cúirteanna agus an nós imeachta os a comhair, tugtar le tuiscint, i ndáil leis sin, nach bhfuil aon éifeacht dhlíthiúil ag an riail nach bhfuil an chúirt cinnte ina leith ar chríoch Phoblacht na Polainne. Go háirithe, níl feidhm ag prionsabal na héifeachta dírí (cur i bhfeidhm díreach) ná ag prionsabal thosaíocht dhlí an Aontais ar dhlíthe náisiúnta, dá bhforáiltear in Airteagal 91(1) go (3) de [Bhunreacht na Polainne], maidir le gníomhartha normatacha arna n-eisiúint *ultra vires* ag comhlachtaí, institiúidí agus eintitis eagraíochtúla an Aontais. '

Breithiúnas an 7 Deireadh Fómhair 2021

72 An 7 Deireadh Fómhair 2021, agus cás ó Uachtarán Chomhairle na nAirí os a comhair agus í ina suí i seisiún iomlánach, thug an Trybunał Konstytucyjny (an Chúirt Bhunreachtúil) a breithiúnas i gCás K 3/21 ('breithiúnas an 7 Deireadh Fómhair 2021'), ar foilsíodh a fhorais an 16 Samhain 2022 agus a luaitear sa chuid oibríochtúil de, a foilsíodh an 12 Deireadh Fómhair 2021, an méid seo a leanas:

'1. Léadh an chéad mhír agus an dara mír d'Airteagal 1, i gcomhar le hAirteagal 4(3) CAE [...], a mhéid a bhunaíonn an tAontas Eorpach, arna bhunú ag Stáit chomhionann agus cheannasacha, 'aontas buandlúite a chur ar bun idir pobail na hEorpa', a sroicheann a lánpháirtiú, bunaithe ar dhlí an Aontais Eorpaigh agus ar léiriú [na Cúirte], "céim nua", ionas gur féidir iad a léamh le chéile:

(a) gníomhaíonn comhlachtaí an Aontais Eorpaigh lasmuigh de theorainneacha na gcumhachtaí a thugann Poblacht na Polainne dóibh sna Conarthaí;

(b) ní hionann [Bunreacht na Polainne] agus dlí uachtarach Phoblacht na Polainne, ag a bhfuil tosaíocht bailíochta agus cur i bhfeidhm;

(c) ní féidir le Poblacht na Polainne feidhmiú mar stát ceannasach agus daonlathach,

go bhfuil siad contrártha d'Airteagail 2 agus 8 agus d'Airteagal 90(1), de [Bhunreacht na Polainne].

2. Sa dara fomhír d'Airteagal 19(1) [CAE], sa mhéid is go dtugann sé cumhachtaí do na cúirteanna náisiúnta (cúirteanna dlí coiteann, cúirteanna riaracháin, cúirteanna míleata agus an Sąd Najwyższy [(an Chúirt Uachtarach)]) chun críocha cosaint dlí éifeachtach a áirithiú sna réimsí a folaithe le dlí an Aontais:

(a) go bhfuil neamhaird a dhéanamh d'fhorálacha [Bhunreacht na Polainne] i gcomhthéacs a gcinnteoireachta contrártha d'Airteagail 2 agus 7, d'Airteagal 8(1), d'Airteagal 90(1), agus d'Airteagal 178(1) de [Bhunreacht na Polainne];

(b) a gcinntí a bhunú ar fhorálacha, tar éis dóibh a bheith aisghairthe ag an Sejm [(Sejm na Polainne)] agus/nó a mheas an Trybunał Konstytucyjny [(an Chúirt Bhunreachtúil)] a bheith míbhunreachtúil, nach bhfuil i bhfeidhm a thuilleadh, contrártha d'Airteagail 2 agus 7, d'Airteagal 8(1), d'Airteagal 90(1), d'Airteagal 178(1) agus d'Airteagal 190(1) de [Bhunreacht na Polainne].

3. An dara fomhír d'Airteagal 19(1) agus Airteagal 2 [CAE], sa mhéid is go dtugann siad cumhachtaí do na cúirteanna náisiúnta (gnáthchúirteanna, cúirteanna riaracháin, cúirteanna míleata agus an Sąd Najwyższy [(an Chúirt Uachtarach)]) chun críocha cosaint bhreithiúnach éifeachtach a ráthú sna réimsí a chumhdaítear le dlí an Aontais agus chun neamhspleáchas breithiúna a áirithiú:

(a) faireachán a dhéanamh ar dhlíthiúlacht an nós imeachta chun breithiúna a cheapadh, lena n-áirítear dlíthiúlacht an ghnímh trína gceapann Uachtarán Phoblacht na Polainne breitheamh, atá contrártha d'Airteagal 2, d'Airteagal 8(1), Airteagal 90(1), agus Airteagal 179, i gcomhar le hAirteagal 144(3)(17) de [Bhunreacht na Polainne];

(b) athbhreithniú a dhéanamh ar dhlíthiúlacht rúin trína gcuireann an [KRS] togra faoi bhráid Uachtarán [Phoblacht na Polainne] chun breitheamh a cheapadh, atá contrártha d'Airteagal 2, d'Airteagal 8(1), d'Airteagal 90(1) agus d'Airteagal 186(1) de [Bhunreacht na Polainne];

(c) rialú a dhéanamh ar chineál lochtach an phróisis chun breitheamh a cheapadh agus, dá bharr sin, diúltú stádas breithimh a aithint do dhuine a cheapfar chun oifig breithimh de réir Airteagal 179 de [Bhunreacht na Polainne], contrártha d'Airteagal 2, d'Airteagal 8(1), d'Airteagal 90(1) agus d'Airteagal 179, i gcomhar le hAirteagal 144(3)(17) de [Bhunreacht na Polainne].'

Nós imeachta réamhdlíthíochta

73 An 22 Nollaig 2021, chuir an Coimisiún litir fógra fhoirmiúil chuig Poblacht na Polainne.

74 Sa litir sin, chuir an Coimisiún in iúl, i bhfianaise léiriú ar Bhunreacht na Polainne a rinne an Trybunał Konstytucyjny (an Chúirt Bhunreachtúil), go háirithe sna breithiúnais atá faoi chonspóid, gur mhainnigh Poblacht na Polainne a hoibleagáidí a chomhlíonadh faoin dara fomhír d'Airteagal 19(1) CAE agus faoi phrionsabail ghinearálta an neamhspleáchais, na tosaíochta, na héifeachtachta agus cur i bhfeidhm aonfhoirmeach dhlí an Aontais agus go ndearna sí neamhaird ar éifeacht cheangailteach bhreithiúnais na Cúirte. Chomh maith leis sin, mheas an Coimisiún nár

chomhlíon an Trybunał Konstytucyjny (an Chúirt Bhunreachtúil) an ceanglas maidir le binse neamhspleách neamhchlaonta arna bhunú roimh ré le dlí agus, ina leith sin, gur mhainnigh an Ballstát sin a oibleagáid a chomhlíonadh faoin dara fomhír d'Airteagal 19(1) CAE.

75 Ina freagra an 18 Feabhra 2022, chuir Poblacht na Polainne na hagóidí ón gCoimisiún faoi chonspóid.

76 Le litir an 15 Iúil 2022, sheol an Coimisiún Eorpach tuairim réasúnaithe chuig Poblacht na Polainne agus d'áitigh sé:

– i bhfianaise an léirithe ar Bhunreacht na Polainne a rinne an Trybunał Konstytucyjny (an Chúirt Bhunreachtúil), go háirithe sna breithiúnais atá faoi chonspóid, gur mhainnigh Poblacht na Polainne a hoibleagáidí faoin dara fomhír d'Airteagal 19(1) CAE a chomhlíonadh;

– i bhfianaise an léirithe ar Bhunreacht na Polainne a rinne an Trybunał Konstytucyjny (an Chúirt Bhunreachtúil), go háirithe sna breithiúnais atá faoi chonspóid, gur mhainnigh Poblacht na Polainne a hoibleagáidí a chomhlíonadh faoi phrionsabail ghinearálta an neamhspleáchais, na tosaíochta, na héifeachtachta agus cur i bhfeidhm aonfhoirmeach dhlí an Aontais agus faoi phrionsabal éifeacht cheangailteach bhreithiúnais na Cúirte;

– gur mhainnigh Poblacht na Polainne a hoibleagáidí faoin dara fomhír d'Airteagal 19(1) CAE a chomhlíonadh toisc nár chomhlíon an Trybunał Konstytucyjny (an Chúirt Bhunreachtúil) ceanglais binse neamhspleách neamhchlaonta, a bunaíodh le dlí roimhe seo, mar gheall ar neamhrialtachtaí sna nósanna imeachta maidir le triúr breithiúna a cheapadh i mí na Nollag 2015 agus maidir leis an Uachtarán a cheapadh i mí na Nollag 2016.

77 Lena freagra an 14 Meán Fómhair 2022, d'áitigh Poblacht na Polainne nach raibh bunús leis na gearáin sin go léir.

78 Ba sna himthosca sin ar chinn an Coimisiún an chaingean seo a thabhairt.

An nós imeachta os comhair na Cúirte

79 Le cinntí ó Uachtarán na Cúirte an 23 Deireadh Fómhair 2023 agus an 7 Samhain 2023 faoi seach, ceadaíodh Ríocht na Beilge agus Ríocht na hÍsiltíre idiragairt a dhéanamh chun tacú leis an ordú atá á lorg ag an gCoimisiúin.

An chaingean

80 Tá trí ghearán i gcaingean an Choimisiúin.

81 Leis an gcéad ghearán agus leis an dara gearán, áitíonn an Coimisiún go sáraítear leis na breithiúnais atá i gceist oibleagáidí Phoblacht na Polainne, ar an gcéad dul síos, faoin dara fomhír d'Airteagal 19(1) CAE agus, ar an dara dul síos, faoi phrionsabail an neamhspleáchais, na tosaíochta, na héifeachtachta agus chur i bhfeidhm aonfhoirmeach dhlí an Aontais agus faoi phrionsabal éifeacht cheangailteach bhreithiúnais na Cúirte Breithiúnais. Leis an tríú gearán, éilítear sárú ar an dara fomhír d'Airteagal 19(1) CAE mar gheall ar neamhrialtachtaí lena

gcuirtear ó bhail na nósanna imeachta maidir le triúr comhaltaí den Trybunał Konstytucyjny (an Chúirt Bhunreachtúil) a cheapadh i mí na Nollag 2015 agus Uachtarán na cúirte sin i mí na Nollag 2016.

82 Ina cosaint, d'iarr Poblacht na Polainne ar an gCúirt an chaingean a dhíbhe toisc í a bheith gan bhunús ina hiomláine. Mar sin féin, ina athfhreagra, tharraing an Ballstát sin an chosaint sin siar go sainráite agus ghlac sé go hiomlán leis na gearáin a d'ardaigh an Coimisiún, agus chuir sé in iúl go raibh sé ar aon intinn leis na hargóintí a chuir an institiúid sin chun cinn.

83 Sna himthosca sin, is féidir a mheas gur suíodh na fíorais ar a bhfuil neamhchomhlíonadh na n-oibleagáidí a líomhnaítear sa chaingean seo bunaithe (féach, chuige sin, breithiúnas an 7 Nollaig 2023, *an Coimisiún* v *an Ungáir (Fuíolluisce uirbeach a bhailiú)*, C-587/22, EU:C:2023:963, mír 27).

84 Mar sin féin, is faoin gCúirt atá sé a shuíomh an ann nó nach ann don mhainneachtain líomhnaithe oibleagáidí a chomhlíonadh, fiú mura ndíospóideann an Stát lena mbaineann an mhainneachtain sin nó mura ndíospóideann sé í a thuilleadh (féach, chuige sin, breithiúnais an 16 Eanáir 2014, *an Coimisiún* v *an Spáinn*, C-67/12, EU:C:2014:5, mír 30, agus an 14 Meán Fómhair 2017, *an Coimisiún* v *an Ghréig*, C-320/15, EU:C:2017:678, mír 21).

An chéad ghearán

Argóintí na bpáirtithe

85 Lena chéad ghearán, a bhfuil dhá chuid aige, áitíonn an Coimisiún gur mhainnigh Poblacht na Polainne an oibleagáid a fhorchuirtear uirthi leis an dara fomhír d'Airteagal 19(1) CAE a chomhlíonadh, chun cosaint bhreithiúnach éifeachtach a áirithiú sna réimsí a chumhdaítear le dlí an Aontais. Eascraíonn an mhainneachtain sin as léiriú Bhunreacht na Polainne ag an Trybunał Konstytucyjny (an Chúirt Bhunreachtúil) sa dá bhreithiúnas atá i gceist.

86 Leis an gcéad chuid den chéad ghearán, maíonn an Coimisiún go bhfuil breithiúnas an 7 Deireadh Fómhair 2021 ar neamhréir leis an dara fomhír d'Airteagal 19(1) CAE.

87 De réir na hinstitiúide sin, is léir ó mhíreanna 2 agus 3 den chuid oibríochtúil den bhreithiúnas sin gur dhiúltaigh an Trybunał Konstytucyjny (an Chúirt Bhunreachtúil) don léiriú ar an dara fomhír d'Airteagal 19(1) CAE arna ghlacadh ag an gCúirt ina cásdlí, go háirithe sa mhéid a d'eascair as breithiúnais an 2 Márta 2021, *A. B. agus páirtithe eile (Breithiúna a cheapadh chun na Cúirte Uachtaraí – Caingne)* (C-824/18, EU:C:2021:153), agus an 6 Deireadh Fómhair 2021, *W.Ż. (Dlísheomra um Rialú Urghnách agus Gnóthaí Poiblí na Cúirte Uachtaraí – Ainmniú)*, (C-487/19, EU:C:2021:798).

88 Is léir ón gcásdlí sin go gcuirtear cosc leis an dara fomhír d'Airteagal 19(1) CAE ar theorannú agus, *a fortiori*, ar dhíothú athbhreithnithe bhreithiúnaigh ar rúin amhail na rúin sin arna nglacadh ag KRS i gcomhthéacs na nósanna imeachta chun breithiúna a cheapadh chuig an Sąd Najwyższy (an Chúirt Uachtarach). Leanann sé freisin ón gcásdlí sin go bhfuil fíorú rialtacht na nósanna imeachta ceapacháin sin ina dhlúthchuid den cheanglas, a leagtar síos le dlí an Aontais, maidir le 'binse a bunaíodh roimhe sin le dlí', agus mar thoradh air sin go n-údaraítear do na cúirteanna

náisiúnta, agus measúnú á dhéanamh acu ar dhlíthiúlacht cinnidh bhreithiúnaigh, athbhreithniú a dhéanamh ar dhlíthiúlacht an nós imeachta chun breitheamh a thug an cinneadh atá faoi chonspóid a cheapadh.

89 Ar an gcéad dul síos, chinn an Trybunał Konstytucyjny (an Chúirt Bhunreachtúil), i mír 2(b) agus mír 3(b) den chuid oibríochtúil agus i ranna 6.2, 6.4, 6.5, 8.3 agus 8.5 d'fhorais bhreithiúnas an 7 Deireadh Fómhair 2021, nach raibh na héifeachtaí a eascraíonn as cur i bhfeidhm an dara fomhír d'Airteagal 19(1) CAE, arna léiriú ag an gCúirt i mbreithiúnas an 2 Márta 2021, *A. B. agus páirtithe eile (Breithiúna a cheapadh chun na Cúirte Uachtaraí – Caingne)* (C-824/18, EU:C:2021:153), ag na cúirteanna náisiúnta, ag luí le hAirteagail 2 agus 7, Airteagal 8(1), Airteagal 90(1), Airteagal 178(1), Airteagal 186(1) agus Airteagal 190(1) de Bhunreacht na Polainne. Bhunaigh an Trybunał Konstytucyjny (an Chúirt Bhunreachtúil) a chonclúidí ar a léiriú féin ar an dara fomhír d'Airteagal 19(1) CAE, gan léiriú na Cúirte Breithiúnais a chur san áireamh, agus dhiúltaigh sí dlínse na gcúirteanna náisiúnta faoin bhforáil sin, ar an gcéad dul síos, chun díospóidí a réiteach ar bhonn forálacha náisiúnta nach bhfuil i bhfeidhm a thuilleadh toisc gur aisghair an reachtas náisiúnta iad nó gur dhearbhaigh an Trybunał Konstytucyjny (an Chúirt Bhunreachtúil) nach raibh siad faoi réir an bhunreachta agus, ar an dara dul síos, chun measúnú a dhéanamh ar dhlíthiúlacht rúin ó KRS lena moltar go gceapfadh Uachtarán Phoblacht na Polainne na hiarrthóirí dá dtagraítear ann chuig poist bhreithiúnacha.

90 Ar an dara dul síos, chinn an Trybunał Konstytucyjny (an Chúirt Bhunreachtúil), i mír 3(a) agus (c) den chuid oibríochtúil de bhreithiúnas an 7 Deireadh Fómhair 2021, go raibh sé ar neamhréir le hAirteagal 2, Airteagal 8(1), Airteagal 90(1) agus Airteagal 179, arna léamh i gcomhar le pointe 17 d'Airteagal 144(3) de Bhunreacht na Polainne, go mbeadh dlínse ag na cúirteanna náisiúnta, mar is léir ó chásdlí na Cúirte a bhaineann leis an dara fomhír d'Airteagal 19(1) CAE, chun athbhreithniú a dhéanamh ar dhlíthiúlacht an nós imeachta chun breitheamh a cheapadh, chun rialú a thabhairt ar chineál lochtach an nós imeachta chun breitheamh a cheapadh agus chun neamhaird a thabhairt ar an gcinneadh arna thabhairt ag breitheamh a ceapadh i gcomhthéacs nós imeachta den sórt sin.

91 I ndáil leis sin, is léir ó ranna 6.4 agus 8.4 d'fhorais dhlíthiúla an bhreithiúnais sin gur cheap an Trybunał Konstytucyjny (an Chúirt Bhunreachtúil) nach raibh an léiriú ar an dara fomhír d'Airteagal 19(1) CAE arna ghlacadh ag an gCúirt i mbreithiúnas an 6 Deireadh Fómhair 2021, *W.Ż. (Dlísheomra um Rialú Urghnách agus Gnóthaí Poiblí na Cúirte Uachtaraí – Ainmniú)* (C-487/19, EU:C:2021:798) ag luí le Bunreacht na Polainne, eadhon, go n-údaraítear do chúirteanna náisiúnta faoin bhforáil sin rialtacht an phróisis chun breitheamh a cheapadh a fhíorú, i gcásanna sonracha, i bhfianaise na gceanglas a eascraíonn as.

92 Bhraith an Trybunał Konstytucyjny (an Chúirt Bhunreachtúil) arís ar a léiriú féin ar an dara fomhír d'Airteagal 19(1) CAE gan cásdlí na Cúirte a chur san áireamh. Go ginearálta, cuireann sí i gcoinne na féidearthachta atá ag cúirteanna náisiúnta, ar bhonn an dara fomhír d'Airteagal 19(1) CAE, dlíthiúlacht nós imeachta chun breitheamh a cheapadh a fhíorú chun cosaint bhreithiúnach éifeachtach a áirithiú. Ní bheadh an fíoras go n-eisiatar féidearthacht den sórt sin go ginearálta ag luí leis an gceanglas maidir le 'binse a bunaíodh roimh ré le dlí' de réir bhrí dhlí an Aontais, bunaithe go sonrach ar mheasúnú ar dhlíthiúlacht an nós imeachta chun breithiúna a cheapadh, mar a léirítear é, go háirithe, i mbreithiúnais an 26 Márta 2020, *Athbhreithniú Simpson* v *an Chomhairle agus HG* v *an Coimisiún* (C-542/18 RX-II agus C-543/18 RX-II, EU:C:2020:232) agus an 6 Deireadh Fómhair 2021, *W.Ż. (Dlísheomra um Rialú Urghnách agus Gnóthaí Poiblí na Cúirte Uachtaraí – Ainmniú)* (C-487/19, EU:C:2021:798).

93 Leis an dara cuid den chéad ghearán, maíonn an Coimisiún go bhfuil breithiúnas an 14 Iúil 2021 ar neamhréir leis an dara fomhír d'Airteagal 19(1) CAE.

94 Sa bhreithiúnas sin, ghlac an Trybunał Konstytucyjny (an Chúirt Bhunreachtúil), go háirithe, go bhféadfaidh orgáin Bhallstáit bearta eatramhacha arna bhforchur ag an gCúirt ar bhonn Airteagal 279 CFAE, i gcomhréir le prionsabal an chomhair dhílis dá bhforáiltear in Airteagal 4(3) CAE, a chur i bhfeidhm go díreach ag orgáin Bhallstáit, go háirithe ag na cúirteanna, ach amháin má tá na bearta sin clúdaithe ag an 'bprionsabal maidir le hinniúlachtaí a tharmligean don Aontas' agus go n-urramaítear leo féiniúlacht bhunreachtúil an Bhallstáit lena mbaineann chomh maith le prionsabail na coimhdeachta agus na comhréireachta.

95 Sa chás seo, chinn an Trybunał Konstytucyjny (an Chúirt Bhunreachtúil), maidir leis na bearta eatramhacha a bhaineann le heagrú agus feidhmiú chúirteanna na Polainne agus leis an nós imeachta os a gcomhair, dá bhforáiltear le hordú an 8 Aibreán 2020, *an Coimisiún* v *an Pholainn* (C-791/19 R, EU:C:2020:277), gur glacadh iad *ultra vires* a mhéid nár tugadh inniúlacht leis na Conarthaí don Aontas Eorpach maidir le heagrú agus dlínse chúirteanna na Polainne agus maidir leis an nós imeachta os comhair na gcúirteanna sin, rudaí a léirítear féiniúlacht bhunreachtúil Phoblacht na Polainne.

96 Thairis sin, chinn an Trybunał Konstytucyjny (an Chúirt Bhunreachtúil), go sáraítear leis na bearta eatramhacha sin prionsabail na coimhdeachta agus na comhréireachta, ós rud é go gcuireann siad isteach go díréireach ar eagrú bhreithiúna na Polainne tríd an bhféidearthacht rialú ar chásanna araíonachta a bhaint de bhreithiúna an Dlísheomra Araíonachta, rud atá contrártha le prionsabal neamhspleáchas na mbreithiúna.

97 Measann an Coimisiún gur sháraigh an Trybunał Konstytucyjny (an Chúirt Bhunreachtúil) go follasach an ceart chun cosaint bhreithiúnach éifeachtach a fháil a chumhdaítear sa dara fomhír d'Airteagal 19(1) CAE, trína mheas gur rialaigh an Chúirt *ultra vires* agus, ar an gcaoi sin, amhras a chaitheamh ar a dlínse bearta eatramhacha a ordú faoi Airteagal 279 CFAE, i gcás inar gá na bearta sin chun cosaint bhreithiúnach éifeachtach a áirithiú os comhair binse neamhspleách neamhchlaonta a bunaíodh roimhe sin le dlí. Cuireann léiriú an Trybunał Konstytucyjny (an Chúirt Bhunreachtúil) ar Bhunreacht na Polainne cosc ar aitheantas a thabhairt d'éifeacht cheangailteach beart eatramhach den sórt sin arna n-ordú ag an gCúirt, arb ionann é agus sárú follasach ar na ceanglais a leagtar síos sa dara fomhír d'Airteagal 19(1) CAE, arna léiriú ag an gCúirt.

98 Ba cheart go ndiúltófaí d'argóint an Trybunał Konstytucyjny (an Chúirt Bhunreachtúil) go bhfuil sé d'fhonn neamhspleáchas bhreithiúna na Polainne a chaomhnú go gcuireann sí i gcoinne léiriú na Cúirte ar an dara fomhír d'Airteagal 19(1) CAE agus a bearta sealadacha chun cur i bhfeidhm na forála sin a áirithiú. Mar a mhínigh an Chúirt in ordú an 8 Aibreán 2020, *an Coimisiún* v *an Pholainn* (C-791/19 R, EU:C:2020:277), bhí sé i gceist go sonrach leis na bearta eatramhacha a bhí á lorg ag an gCoimisiún neamhspleáchas bhreithiúna chúirteanna na Polainne a chaomhnú, agus gan é a lagú.

99 Measann Poblacht na Polainne go bhfuil bunús leis an gcéad ghearán.

Breithniú na Cúirte

100 Sula ndéantar scrúdú ar an gcéad ghearán, ba cheart a mheabhrú go bhfuil oibleagáid na mBallstát forálacha na gConarthaí a chomhlíonadh ina ceangal ar a n-údaráis go léir, lena n-áirítear, i gcomhthéacs a ndlínse, gach údarás breithiúnach. Dá bhrí sin, féadfar mainneachtain Bhallstáit ina oibleagáidí a chomhlíonadh a bhunú, i bprionsabal, faoi Airteagal 258 CFAE, beag beann ar chomhlacht an Stáit sin arb é a ghníomhaíocht nó a neamhghníomhaíocht is cúis leis an mainneachtain oibleagáidí a chomhlíonadh a suíodh, fiú más institiúid é atá neamhspleách ó thaobh an bhunreachta de (féach, chuige sin, breithiúnas an 4 Deireadh Fómhair 2018, *an Coimisiún* v *an Fhrainc (Réamhíocaíocht)*, C-416/17, EU:C:2018:811, míreanna 106 agus 107 agus an cásdlí dá dtagraítear).

101 Sna himthosca sin, d'fhéadfadh cásdlí cúirte bunreachtúla Ballstáit a bheith ina ábhar do chaingean mar gheall ar mhainneachtain oibleagáidí a chomhlíonadh i gcás ina bhféadfadh sé a bheith ina mhainneachtain ag an mBallstát sin a oibleagáidí faoi dhlí an Aontais a chomhlíonadh.

– *An chéad chuid den chéad ghearán*

102 Is cásdlí socair é, cé go dtagann eagrú an cheartais sna Ballstáit, *inter alia*, bunú, comhdhéanamh, cumhachtaí agus feidhmiú na gcúirteanna náisiúnta faoi inniúlacht na Stát sin, nach lú an ceangal atá ar na Stáit sin, agus an inniúlacht sin á feidhmiú acu, a n-oibleagáidí atá orthu faoi dhlí an Aontais agus, go háirithe, faoi Airteagal 2 agus 19 CAE, a chomhlíonadh (féach, chuige sin, breithiúnais an 20 Aibreán 2021, *Repubblika*, C-896/19, EU:C:2021:311, mír 48, agus an 5 Meitheamh 2023, *an Coimisiún* v *an Pholainn (Neamhspleáchas agus saol príobháideach na mbreithiúna)*, C-204/21, EU:C:2023:442, mír 63 agus an cásdlí dá dtagraítear).

103 Go sonrach, ní mór do na Ballstáit a áirithiú nach dtugtar neamhaird leis na rialacha a bhunaíonn siad de bhun na hinniúlachta sin ar na ceanglais a eascraíonn as Airteagail 2 agus 19 CAE ná nach mbaintear an bonn dá gcur i bhfeidhm éifeachtach.

104 Is amhlaidh atá, go háirithe, maidir le rialacha náisiúnta a bhaineann le coinníollacha substainteacha agus socruithe nós imeachta lena rialaítear glacadh cinntí lena gceaptar breithiúna agus, i gcás inarb infheidhme, rialacha a bhaineann le hathbhreithniú breithiúnach i leith nósanna imeachta ceapacháin den sórt sin (féach, chuige sin, breithiúnas an 2 Márta 2021, *A.B. agus páirtithe eile (Breithiúna a cheapadh don Chúirt Uachtarach – Caingne)*, C-824/18, EU:C:2021:153, mír 68 agus an cásdlí dá dtagraítear).

105 Maidir leis na hoibleagáidí a eascraíonn as Airteagal 19(1) CAE, lena léirítear go nithiúil luach an smachta reachta atá in Airteagal 2 CAE, cuirtear de chúram ar na cúirteanna náisiúnta agus ar na binsí náisiúnta agus ar an gCúirt cur i bhfeidhm iomlán dhlí an Aontais a áirithiú sna Ballstáit uile agus an chosaint bhreithiúnach éifeachtach do chearta a fhaigheann daoine aonair ón dlí sin (breithiúnais an 21 Nollaig 2021, *Euro Box Promotion agus páirtithe eile*, C-357/19, C-379/19, C-547/19, C-811/19 agus C-840/19, EU:C:2021:1034, mír 217, agus an 22 Feabhra 2022, *RS (Éifeacht na gcinntí ó chúirt bhunreachtúil)*, C-430/21, EU:C:2022:99, mír 39).

106 Is prionsabal ginearálta de dhlí an Aontais é prionsabal na cosanta breithiúnaí éifeachtaí ar chearta dhaoine aonair arna dtabhairt dóibh le dlí an Aontais, dá dtagraítear sa dara fomhír d'Airteagal 19(1) CAE, a eascraíonn as na traidisiúin bhunreachtúla is coiteann do na Ballstáit. Cumhdaítear cosaint bhreithiúnach den chineál sin in Airteagail 6 agus 13 de ECHR freisin, a bhfuil a substaint ag freagairt d'Airteagal 47 den Chairt. Ní mór, dá bhrí sin, an fhoráil deiridh sin

a chur san áireamh go cuí chun an dara fomhír d'Airteagal 19(1) a léiriú (féach, chuige sin, breithiúnais an 29 Márta 2022, *Getin Noble Bank*, C-132/20, EU:C:2022:235, mír 89, agus an 5 Meitheamh 2023, *an Coimisiún* v *an Pholainn (Neamhspleáchas agus saol príobháideach na mbreithiúna)*, C-204/21, EU:C:2023:442, mír 69 agus an cásdlí dá dtagraítear.)

107 Chun an chosaint bhreithiúnach sin a ráthú, ní mór do gach Ballstát a áirithiú, de bhun an dara fomhír d'Airteagal 19(1) CAE, go gcomhlíonann na comhlachtaí a n-iarrtar orthu, mar 'chúirt nó mar bhinse' de réir bhrí dhlí an Aontais, rialú a thabhairt ar cheisteanna a bhaineann le dlí an Aontais a chur i bhfeidhm nó a léiriú agus a thagann, dá bhrí sin, faoina chóras leigheasanna dlíthiúla sna réimsí atá cumhdaithe faoi dhlí an Aontais, ceanglais na cosanta breithiúna éifeachtaí a chomhlíonadh, lena n-áirítear, *inter alia*, rochtain ar bhinse neamhspleách neamhchlaonta arna bhunú roimh ré le dlí, mar a dheimhnítear sa dara mír d'Airteagal 47 den Chairt (féach, chuige sin, breithiúnais an 21 Nollaig 2021, *Euro Box Promotion agus páirtithe eile*, C-357/19, C-379/19, C-547/19, C-811/19 agus C-840/19, EU:C:2021:1034, míreanna 220 agus 221; an 22 Feabhra 2022, *RS (Éifeacht na gcinntí ó chúirt bhunreachtúil)*, C-430/21, EU:C:2022:99, mír 40; agus an 5 Meitheamh 2023, *an Coimisiún* v *an Pholainn (Neamhspleáchas agus saol príobháideach na mbreithiúna)*, C-204/21, EU:C:2023:442, míreanna 70 agus 71, agus an cásdlí dá dtagraítear).

108 Go háirithe, ba cheart a chur in iúl go bhfuil na ceanglais maidir le neamhspleáchas agus neamhchlaontacht na gcúirteanna mar chuid lárnach den cheart bunúsach chun cosaint dlí éifeachtach agus chun triail chóir a fháil, a bhfuil ríthábhacht ag gabháil leis mar ráthaíocht ar chosaint na gceart uile arna dtabhairt do dhaoine aonair le dlí an Aontais Eorpaigh agus ar chaomhnú na luachanna is coiteann do na Ballstáit, a leagtar amach in Airteagal 2 CAE, go háirithe maidir le luach an smachta reachta. Dá bhrí sin, leis na ceanglais sin, a leagtar síos go háirithe in Airteagal 19 CAE, léirítear go nithiúil ceann de luachanna bunúsacha an Aontais agus a Bhallstáit a chumhdaítear in Airteagal 2 CAE, ina sainítear féiniúlacht an Aontais mar dhlíchóras coiteann agus comhlíonadh an dlíchórais sin atá ceangailteach ar an Aontas Eorpach agus ar na Ballstáit araon (féach, chuige sin, breithiúnais an 26 Márta 2020, *Athbhreithniú Simpson* v *an Chomhairle* agus *HG* v *an Coimisiún*, C-542/18 RX-II agus C-543/18 RX-II, EU:C:2020:232, mír 71; an 29 Márta 2022, *Getin Noble Bank*, C-132/20, EU:C:2022:235, mír 94, agus an 29 Iúil 2024, *Valančius*, C-119/23, EU:C:2024:653, míreanna 46 agus 47).

109 Ba cheart a thabhairt faoi deara, i ndáil leis sin, gur faoin gCúirt atá sé, i gcomhthéacs an chúraim a thugtar di leis an gcéad fhomhír d'Airteagal 19(1) CAE, a áirithiú go gcomhlíonfar an dlí agus na Conarthaí á léiriú agus á gcur i bhfeidhm.

110 Mar is léir ó chásdlí socair, ós rud é go bhfuil dlínse eisiach ag an gCúirt léiriú cinntitheach agus ceangailteach a thabhairt ar dhlí an Aontais, is faoin gCúirt atá sé na ceanglais a eascraíonn as an dara fomhír d'Airteagal 19(1) CAE a shonrú, arna léamh i gcomhar le hAirteagal 47 den Chairt, maidir le critéir an neamhspleáchais, na neamhchlaontachta agus na réamhbhunaíochta le dlí na gcúirteanna. Chun cur i bhfeidhm aonfhoirmeach dhlí an Aontais a áirithiú sna Ballstáit go léir, mar a cheanglaítear le hAirteagal 19(1) CAE, ní féidir na ceanglais sin a bheith ag brath ar léiriú fhorálacha an dlí náisiúnta ná ar léiriú fhorálacha dhlí an Aontais arna nglacadh ag cúirt náisiúnta, nach bhfreagraíonn do léiriú na Cúirte Breithiúnais (féach, chuige sin, breithiúnas an 5 Meitheamh 2023, *an Coimisiún* v *an Pholainn (Neamhspleáchas agus saol príobháideach na mbreithiúna)*, C-204/21, EU:C:2023:442, mír 79 agus an cásdlí dá dtagraítear.)

111 I ndáil leis sin, ní mór a mheabhrú go ndéantar leis an nós imeachta um réamhrialú dá bhforáiltear le hAirteagal 267 CFAE go bhfuil an Chúirt i gcomhairle dhíreach le cúirteanna agus binsí na mBallstát d'fhonn a áirithiú go háirithe go bhfuil aon léiriú amháin á dhéanamh ar dhlí an Aontais agus dá bhrí gur féidir a áirithiú idir gur comhleanúnach lán-éifeachtach uathrialach é dlí an Aontais agus, i ndeireadh na dála, gur sonrach an dlí arna bhunú leis na Conarthaí (féach, chuige sin, breithiúnas an 15 Iúil 2021, *an Coimisiún* v *an Pholainn (Córas araíonachta do bhreithiúna)*, C-791/19, EU:C:2021:596, mír 222 agus an cásdlí dá dtagraítear).

112 Dá bhrí sin, is faoi chúirt náisiúnta atá sé an cur chuige sin a ghlacadh i gcás ina bhfuil amhras uirthi maidir le comhoiriúnacht a dlí náisiúnta le foráil de dhlí an Aontais lena gceanglaítear léiriú ar dhlí an Aontais.

113 Maidir le comhlíonadh na gceanglas a eascraíonn as an dara fomhír d'Airteagal 19(1) CAE a fhíorú, tá comhthuiscint ann go bhforchuirtear leis an bhforáil sin oibleagáid shoiléir agus bheacht ar na Ballstáit maidir leis an toradh atá le baint amach, nach bhfuil faoi réir aon choinníoll maidir leis an neamhspleáchas nach mór a bheith ina shaintréith de na cúirteanna a n-iarrtar orthu dlí an Aontais a léiriú agus a chur i bhfeidhm (breithiúnas an 2 Márta 2021, *A. B. agus páirtithe eile (Breithiúna a cheapadh chun na Cúirte Uachtaraí – Caingne)*, C-824/18, EU:C:2021:153, mír 146).

114 Dá bhrí sin, ceanglaítear ar chúirteanna náisiúnta a n-iarrtar orthu, laistigh de theorainneacha a ndlínse, dlí an Aontais a chur i bhfeidhm, a áirithiú go bhfuil ceanglais dhlí an Aontais agus, dá bhrí sin, an dara fomhír d'Airteagal 19(1) go hiomlán éifeachtach, trí aon fhoráil náisiúnta atá contrártha leis a fhágáil gan feidhm, más gá, mar gheall ar éifeacht dhíreach na forála sin (féach, chuige sin, breithiúnais an 24 Meitheamh 2019, *Popławski*, C-573/17, EU:C:2019:530, mír 61, agus an 21 Nollaig 2021, *Euro Box Promotion agus páirtithe eile*, C-357/19, C-379/19, C-547/19, C-811/19 agus C-840/19, EU:C:2021:1034, mír 252 agus an cásdlí dá dtagraítear).

115 Dá bhrí sin, i gcás sárú cruthaithe ar an dara fomhír d'Airteagal 19(1) CAE, ceanglaítear le prionsabal thosaíocht dhlí an Aontais ar chúirteanna náisiúnta a n-iarrtar orthu, i bhfeidhmiú a ndlínse, dlí an Aontais a chur i bhfeidhm, as a stuaim féin, forálacha náisiúnta atá contrártha leis an dara fomhír d'Airteagal 19(1) CAE a fhágáil gan feidhm, bíodh siad de thionscnamh reachtach nó bunreachtúil, gan iallach a bheith orthu a iarraidh go gcuirfí na forálacha sin ar neamhní roimh ré trí mhodhanna reachtacha nó trí mhodhanna bunreachtúla eile ná fanacht leis an méid sin (féach, chuige sin, breithiúnais an 18 Bealtaine 2021, *Asociația 'Forumul Judecătorilor din România' agus páirtithe eile*, C-83/19, C-127/19, C-195/19, C-291/19, C-355/19 agus C-397/19, EU:C:2021:393, mír 251, agus an 22 Feabhra 2022, *RS (Éifeacht na gcinntí ó chúirt bhunreachtúil)*, C-430/21, EU:C:2022:99, mír 53 agus an cásdlí dá dtagraítear).

116 Ní mór comhlíonadh iomlán na hoibleagáide sin i leith aon fhoráil de dhlí an Aontais a bhfuil éifeacht dhíreach aici a mheas mar riachtanas chun cur chun feidhme iomlán dhlí an Aontais sna Ballstáit uile a áirithiú, mar a cheanglaítear le hAirteagal 19(1) CAE (breithiúnas an 22 Feabhra 2022, *RS (Éifeacht na gcinntí ó chúirt bhunreachtúil)*, C-430/21, EU:C:2022:99, mír 54).

117 Dá bhrí sin, maidir le haon fhoráil reachtach náisiúnta nó cleachtas reachtach, riaracháin nó breithiúnach a laghdaíonn éifeachtacht dhlí an Aontais trí stop a chur leis an gcúirt a bhfuil de chúram uirthi an dlí sin a chur i bhfeidhm, tráth atá sé á chur i bhfeidhm aici, a cumas a ghníomhú chun a mhéid atá riachtanach chun forálacha reachtacha náisiúnta a d'fhéadfadh cosc a chur ar éifeacht iomlán de rialacha an Aontais a bhfuil éifeacht dhíreach acu a chur i leataobh, níl

a leithéid ag luí leis na ceanglais dhílse a bhaineann le dlí an Aontais (breithiúnas an 5 Meitheamh 2023, *an Coimisiún* v *an Pholainn (Neamhspleáchas agus saol príobháideach na mbreithiúna)*, C-204/21, EU:C:2023:442, mír 272 agus an cásdlí dá dtagraítear).

118 Dá bhrí sin, i mbreithiúnas an 2 Márta 2021, *A. B. agus páirtithe eile (Breithiúna a cheapadh chun na Cúirte Uachtaraí – Caingne)* (C-824/18, EU:C:2021:153), chinn an Chúirt, go bunúsach, i míreanna 128, 136 agus 139 den bhreithiúnas sin, agus iarraidh ar réamhrialú os a comhair maidir le léiriú ar an dara fomhír d'Airteagal 19(1) CAE i gcomhthéacs caingean arna tionscnamh ag iarrthóirí ar phoist bhreithiúnacha leis an Sąd Najwyższy (an Chúirt Uachtarach) i gcoinne rúin ó KRS, go gcuirtear cosc leis an bhforáil sin ar leasuithe reachtacha náisiúnta lena mbaintear an éifeachtacht de rúin arna nglacadh ag comhlacht den chineál sin i gcomhthéacs nósanna imeachta chun breithiúna a cheapadh agus lena gcuirtear deireadh iomlán ansin leis an athbhreithniú breithiúnach orthu. Chinn an Chúirt, mura dtugann comhlacht den sórt sin ráthaíochtaí leordhóthanacha maidir le neamhspleáchas, go bhfuil gá le leigheas breithiúnach a bheith ar fáil d'iarrthóirí nár éirigh leo, fiú mura bhfuil i gceist leis ach a fhíorú nach raibh mí-úsáid cumhachtaí, earráid dlí nó earráid fhollasach mheasúnaithe ann, chun an próiseas maidir le breithiúna a cheapadh a chaomhnú ó thionchar díreach nó indíreach.

119 Shoiléirigh an Chúirt freisin, sa bhreithiúnas sin, na ceanglais a eascraíonn as prionsabal na tosaíochta a bhí ar an gcúirt a rinne an tarchur in éagmais ainmniú cúirte, ag an reachtas náisiúnta, seachas an chúirt a rinne an tarchur, a chomhlíon na ceanglais neamhspleáchais a eascraíonn as dlí an Aontais agus a n-iarrfaí uirthi na díospóidí sna príomhimeachtaí sa chás sin a réiteach tar éis freagra a fháil ón gCúirt ar na ceisteanna a tarchuireadh chuici. Dá bhrí sin, chinn an Chúirt, i mír 149 den bhreithiúnas céanna, sa chás sin, gurbh é an t-aon bhealach éifeachtach don chúirt sin chun sáruithe ar Airteagal 267 CFAE agus ar an dara fomhír d'Airteagal 19(1) CAE a leigheas, a d'eascródh as glacadh an dlí náisiúnta atá i gceist, lenar baineadh, go bunúsach, aon dlínse éifeachtach di rialú a thabhairt ar shubstaint na ndíospóidí sin trí athbhreithniú a dhéanamh ar rúin KRS, gur faoin gcúirt sin a bhí sé leanúint den dlínse a ghlacadh a ndearna sí an iarraidh sin ar an gCúirt ina leith faoi na rialacha náisiúnta a bhí infheidhme roimhe seo.

120 Thairis sin, i míreanna 154, 155 agus 161 de bhreithiúnas an 6 Deireadh Fómhair 2021, *W.Ż. (Dlísheomra um Rialú Urghnách agus Gnóthaí Poiblí na Cúirte Uachtaraí – Ainmniú)* (C-487/19, EU:C:2021:798), shonraigh an Chúirt na hoibleagáidí atá ar an gcúirt náisiúnta a rinne tarchur le haghaidh réamhrialú chuig an gCúirt i gcás ina gcinneann an chúirt sin gur léir ó na coinníollacha agus ó na himthosca go léir a bhaineann leis an bpróiseas chun breitheamh náisiúnta a cheapadh go ndearnadh an próiseas sin de shárú follasach ar rialacha bunúsacha atá mar chuid de bhunú agus d'fheidhmiú an chórais bhreithiúnaigh lena mbaineann agus go gcuirtear sláine thoradh an phróisis sin i mbaol trí amhras dlisteanach a ardú, in aigne daoine aonair, maidir le neamhspleáchas agus neamhchlaontacht an bhreithimh lena mbaineann. I gcás den sórt sin, is léir ó na ceanglais a leagtar síos sa dara fomhír d'Airteagal 19(1) CAE agus ó phrionsabal thosaíocht dhlí an Aontais nach mór don chúirt náisiúnta sin a mheas go bhfuil an cinneadh atá faoi chonspóid arna thabhairt ag an gcúirt sin ar neamhní go hiomlán, i gcás ina bhfuil iarmhairt den sórt sin fíor-riachtanach i bhfianaise na staide nós imeachta atá i gceist chun tosaíocht dhlí an Aontais a áirithiú, gan aon fhoráil den dlí náisiúnta a bheith in ann cosc a chur air.

121 Sa chás seo, is léir ó bhreithiúnas an 7 Deireadh Fómhair 2021 go gcuirtear cosc le léiriú Trybunał Konstytucyjny (an Chúirt Bhunreachtúil) ar Bhunreacht na Polainne sa bhreithiúnas sin ar na ceanglais a eascraíonn as an dara fomhír d'Airteagal 19(1) CAE, arna léiriú ag an gCúirt ina cásdlí a eascraíonn as na breithiúnais dá dtagraítear, *inter alia*, i míreanna 118 go 120 den bhreithiúnas seo, a n-éifeachtaí a bheith acu sa Pholainn agus éifeachtacht iomlán na forála sin a áirithiú.

122 Ar an gcéad dul síos, mar a thug an tAbhcóide Ginearálta faoi deara, go bunúsach, i mír 50 dá Thuairim, leanann sé ó mhíreanna 2(b) agus 3(b) den chuid oibríochtúil agus ó ranna 6.2, 6.4, 6.5, 8.3 agus 8.5 d'fhorais bhreithiúnas an 7 Deireadh Fómhair 2021 go ndiúltaíonn an Trybunał Konstytucyjny (an Chúirt Bhunreachtúil) do na héifeachtaí do chúirteanna náisiúnta a eascraíonn as cur i bhfeidhm an dara fomhír d'Airteagal 19(1) CAE, arna léiriú ag an gCúirt, trína ndlínse chun athbhreithniú a dhéanamh ar dhlíthiúlacht rúin KRS lena moltar iarrthóirí a cheapadh d'oifig bhreithiúnach a chur as an áireamh go ginearálta.

123 Ar an dara dul síos, mar a thug an tAbhcóide Ginearálta faoi deara, go bunúsach, i mír 51 dá Thuairim, is léir ó mhír 3(a) agus (c) den chuid oibríochtúil agus ó ranna 6.4 agus 8.4 d'fhorais bhreithiúnas an 7 Deireadh Fómhair 2021 go gcuireann an Trybunał Konstytucyjny (an Chúirt Bhunreachtúil) as an áireamh go ginearálta dlínse na gcúirteanna náisiúnta, a eascraíonn as an dara fomhír d'Airteagal 19(1) CAE, athbhreithniú a dhéanamh, i gcomhthéacs a ndlínse, ar dhlíthiúlacht na nósanna imeachta chun breithiúna a cheapadh, lena n-áirítear gníomhartha ceapacháin, chun rialú a thabhairt ar chineál lochtach an phróisis chun breitheamh a cheapadh agus, dá bhrí sin, an cinneadh arna thabhairt ag breitheamh arna cheapadh i gcomhthéacs nós imeachta den sórt sin a chur ar neamhní, i gcás ina bhfuil sé fíor-riachtanach go mbeadh iarmhairt den sórt sin ann i bhfianaise na staide nós imeachta atá i gceist.

124 Chinn an Chúirt cheana féin nach féidir, de réir sainmhínithe, toirmeasc a chur ar chúirt náisiúnta na cúraimí a chuirtear uirthi leis na Conarthaí a fheidhmiú agus a hoibleagáidí faoi na Conarthaí a chomhlíonadh trí éifeacht a thabhairt d'fhoráil amhail an dara fomhír d'Airteagal 19(1) CAE (breithiúnas an 13 Iúil 2023, *YP agus páirtithe eile (Díolúine breithimh a chur ar ceal agus a fhionraíocht ó dhualgais)*, C-615/20 agus C-671/20, EU:C:2023:562, mír 85 agus an cásdlí dá dtagraítear).

125 Dá bhrí sin, cuirtear cosc le breithiúnas an 7 Deireadh Fómhair 2021 ar chúirteanna na Polainne an dara fomhír d'Airteagal 19(1) CAE a chur i bhfeidhm, laistigh de réimse a ndlínse, arna léiriú ag an gCúirt go háirithe sna breithiúnais dá dtagraítear i míreanna 118 go 120 den bhreithiúnas seo, agus aon bheart is gá a chur chun feidhme chun a áirithiú go n-urramófar ceart na ndaoine aonair lena mbaineann chun cosaint bhreithiúnach éifeachtach a fháil sna réimsí a chumhdaítear le dlí an Aontais. Dá bhrí sin, tá breithiúnas an 7 Deireadh Fómhair 2021, mar is léir, go háirithe, ó na breithnithe a leagtar amach i míreanna 103, 104, 107, 110, 117 agus 119 den bhreithiúnas seo, ar neamhréir go follasach leis na ceanglais a bhaineann go dlúth leis an bhforáil sin, arna léiriú ag an gCúirt i bhfeidhmiú a dlínse eisiaiche chun léiriú cinntitheach agus ceangailteach a thabhairt ar dhlí an Aontais.

126 Leanann sé ón méid sin, i bhfianaise an léirithe ar Bhunreacht na Polainne a rinne an Trybunał Konstytucyjny (an Chúirt Bhunreachtúil) i mbreithiúnas an 7 Deireadh Fómhair 2021, gur mhainnigh Poblacht na Polainne a hoibleagáidí faoin dara fomhír d'Airteagal 19(1) CAE a chomhlíonadh.

127 Dá bhrí sin, ní mór seasamh leis an gcéad chuid den chéad ghearán ón gCoimisiún.

– *An dara cuid den chéad ghearán*

128 Baineann an dara cuid den chéad ghearán le breithiúnas an 14 Iúil 2021, lenar chaith an Trybunał Konstytucyjny (an Chúirt Bhunreachtúil) amhras ar chur i bhfeidhm díreach na mbeart eatramhach arna bhforchur ag an gCúirt, faoi Airteagal 279 CFAE, in ordú an 8 Aibreán 2020, *an Coimisiún* v *an Pholainn* (C-791/19 R, EU:C:2020:277).

129 I gcomhréir leis na breithnithe a leagtar amach, *inter alia*, i míreanna 102 go 104, 107, 109 agus 110 den bhreithiúnas seo, tagann an t-athbhreithniú ar chomhlíonadh na gceanglas a eascraíonn as an dara fomhír d'Airteagal 19(1) CAE, arna léiriú ag an gCúirt, ag na Ballstáit, go hiomlán faoi dhlínse na Cúirte, go háirithe nuair a thugtar caingean mar gheall ar mhainneachtain oibleagáidí a chomhlíonadh arna tionscnamh ag an gCoimisiún faoi Airteagal 258 CFAE os a comhair (féach, chuige sin, breithiúnas an 5 Meitheamh 2023, *an Coimisiún* v *an Pholainn (Neamhspleáchas agus saol príobháideach na mbreithiúna)*, C-204/21, EU:C:2023:442, mír 62 agus an cásdlí dá dtagraítear).

130 Chun éifeachtacht iomlán cinnidh chríochnaithigh atá le déanamh a ráthú agus chun bearna sa chosaint dhlíthiúil a áirithíonn an Chúirt a sheachaint, agus chun cur i bhfeidhm éifeachtach dhlí an Aontais a ráthú, ar gné dhílis é de luach an smachta reachta a chumhdaítear in Airteagal 2 CAE agus ar a bhfuil an tAontas Eorpach bunaithe, tugann Airteagal 279 CFAE dlínse don Chúirt aon bhearta eatramhacha a mheasann sí is gá a fhorordú, arna iarraidh sin do pháirtí a chuirtear isteach in imeachtaí le haghaidh bearta eatramhacha (féach, chuige sin, ordú an 20 Samhain 2017, *an Coimisiún* v *an Pholainn*, C-441/17 R, EU:C:2017:877, míreanna 94, 97 agus 102).

131 Dá bhrí sin, féadfaidh na forálacha náisiúnta lena rialaítear eagrú an cheartais, i gcomhthéacs caingean mar gheall ar mhainneachtain oibleagáidí a chomhlíonadh, a bheith faoi réir athbhreithniú ní hamháin i bhfianaise an dara fomhír d'Airteagal 19(1) CAE ach faoi réir bearta eatramhacha freisin, arna n-ordú ag an gCúirt agus lena n-iarrtar, *inter alia*, na forálacha sin a chur ar fionraí (féach, chuige sin, ordú Leas-Uachtarán na Cúirte an 14 Iúil 2021, *an Coimisiún* v *an Pholainn*, C-204/21 R, EU:C:2021:593, mír 54).

132 I ndáil leis sin, leanann sé ó Airteagal 160(3) de Rialacha Nós Imeachta na Cúirte Breithiúnais go bhféadfaidh an chúirt, agus iarratas ar bhearta eatramhacha os a comhair, beart eatramhach a dheonú má shuitear go bhfuil údar *prima facie* le hordú den sórt sin, *de jure* agus *de facto* (*fumus boni juris*), agus go bhfuil práinn leis a mhéid, chun díobháil thromchúiseach dholeigheasta do leasanna an iarratasóra a sheachaint nó chun a áirithiú go gcomhlíonfar bearta eatramhacha eile a ordaíodh roimhe sin, nach mór é a dhéanamh agus a chur i bhfeidhm sula ndéanfar cinneadh maidir le substaint an cháis, agus na leasanna lena mbaineann á mheas, más iomchuí, ag an gcúirt a éisteann iarratas ar bhearta eatramhacha (féach, chuige sin, orduithe an 20 Samhain 2017, *an Coimisiún* v *an Pholainn*, C-441/17 R, EU:C:2017:877, míreanna 99 agus 104, agus an 17 Nollaig 2018, *an Coimisiún* v *an Pholainn*, C-619/18 R, EU:C:2018:1021, mír 29).

133 Chaithfí amhras ar éifeachtacht iomlán dhlí an Aontais dá bhféadfadh foráil den dlí náisiúnta bac a chur ar aitheantas a thabhairt d'éifeacht cheangailteach na mbeart eatramhach arna n-ordú ag an gCúirt faoi Airteagal 279 CFAE agus, dá bhrí sin, cosc a chur ar an gcúirt náisiúnta a bhfuil díospóid faoi dhlí an Aontais os a comhair éifeacht a thabhairt do na bearta eatramhacha sin d'fhonn, go háirithe, éifeachtacht iomlán chinneadh na Cúirte maidir leis na cearta arna n-agairt faoi dhlí an Aontais a áirithiú.

134 Le hordú an 8 Aibreán 2020, *an Coimisiún* v *an Pholainn* (C-791/19 R, EU:C:2020:277), d'ordaigh an Chúirt, ar bhonn Airteagal 279 CFAE, cur i bhfeidhm fhorálacha na Polainne lena dtugtar dlínse don Dlísheomra Araíonachta rialú a thabhairt, ag an gcéad chéim agus ar achomharc araon, i gcásanna araíonachta a bhaineann le breithiúna go dtí go dtabharfar an breithiúnas críochnaitheach i gCás C-791/19, *an Coimisiún* v *an Pholainn*. Ina theannta sin, san ordú sin, d'ordaigh an Chúirt do Phoblacht na Polainne staonadh, go dtí go dtabharfar an breithiúnas sin, ó na cásanna a bhí ar feitheamh os comhair an Dlísheomra Araíonachta a tharchur chuig painéal breithiúna nach gcomhlíonann na ceanglais neamhspleáchais a shainmhínítear, *inter alia*, i mbreithiúnas an 19 Samhain 2019, *A.K. agus páirtithe eile (Neamhspleáchas Dhlísheomra Araíonachta na Cúirte Uachtaraí)* (C-585/18, C-624/18 agus C-625/18, EU:C:2019:982).

135 I mír 77 den ordú sin, chinn an Chúirt, go bunúsach, nach bhféadfaí a chur as an áireamh, *prima facie*, go sáraítear leis na forálacha náisiúnta, ar iarr an Coimisiún go gcuirfí ar fionraí iad, oibleagáid Phoblacht na Polainne, faoin dara fomhír d'Airteagal 19(1) CAE, a áirithiú go ndéanfaidh comhlacht a chomhlíonann na ceanglais a bhaineann le cosaint bhreithiúnach éifeachtach, lena n-áirítear ceanglais an neamhspleáchais, athbhreithniú ar chinntí a thugtar in imeachtaí araíonachta a bhaineann le breithiúna an Sąd Najwyższy (an Chúirt Uachtarach) agus leis na ngnáthchúirteanna.

136 Tháinig an Chúirt ar an gconclúid, i mír 78 den ordú sin, ag féachaint do na fíorais a chuir an Coimisiún chun cinn agus do na treoracha maidir le léiriú a tugadh, *inter alia*, i mbreithiúnas an 24 Meitheamh 2019, *an Coimisiún* v *an Pholainn (Neamhspleáchas na Cúirte Uachtaraí)* (C-619/18, EU:C:2019:531), agus i mbreithiúnas an 19 Samhain 2019, *A.K. agus páirtithe eile (Neamhspleáchas Dhlísheomra Araíonachta na Cúirte Uachtaraí)* (C-585/18, C-624/18 agus C-625/18, EU:C:2019:982), gur chosúil, *prima facie*, nach raibh na hargóintí a chuir an institiúid sin chun cinn i gcomhthéacs an dara gearán den chéad saincheist dlí sa chaingean mar gheall ar mhainneachtain in oibleagáidí a chomhlíonadh in *an Coimisiún* v *an Pholainn* (C-791/19), a bhí mar bhonn leis an iarratas ar bhearta eatramhacha as ar eascair glacadh an ordaithe sin, gan bhunús.

137 Mar is léir ó mhír 53 d'ordú an 8 Aibreán 2020, *an Coimisiún* v *an Pholainn* (C-791/19 R, EU:C:2020:277), leis an dara gearán den chéad saincheist dlí sa chaingean sin mar gheall ar mhainneachtain oibleagáidí a chomhlíonadh, éilítear gur sáraíodh an dara fomhír d'Airteagal 19(1) CAE, a mhéid nár ráthaigh Poblacht na Polainne neamhspleáchas agus neamhchlaontacht an Dlísheomra Araíonachta.

138 Dá bhrí sin, bhí sé i gceist leis na bearta eatramhacha a ordaíodh san ordú sin lánéifeachtacht an bhreithiúnais a bhí le teacht sa chaingean mar gheall ar mhainneachtain oibleagáidí a chomhlíonadh i gCás C-791/19, *an Coimisiún* v *an Pholainn* a áirithiú, agus ar an gcaoi sin bearna sa chosaint dhlíthiúil arna ráthú ag an gCúirt faoin dara fomhír d'Airteagal 19(1) CAE a sheachaint.

139 Sa chás seo, i mbreithiúnas an 14 Iúil 2021, chinn an Trybunał Konstytucyjny (an Chúirt Bhunreachtúil), maidir leis na bearta eatramhacha arna n-ordú ag an gCúirt in ordú an 8 Aibreán 2020, *an Coimisiún* v *an Pholainn* (C-791/19 R, EU:C:2020:277), gur glacadh iad *ultra vires* toisc nár tugadh inniúlacht leis na Conarthaí don Aontas Eorpach maidir le heagrú agus dlínse chúirteanna na Polainne agus maidir leis an nós imeachta os comhair na gcúirteanna sin. De réir an bhreithiúnais sin, bhí na bearta sin ar neamhréir le cineál ceangailteach *erga omnes* agus cinntitheach bhreithiúnais an Trybunał Konstytucyjny (an Chúirt Bhunreachtúil), a eascraíonn as Airteagal 190(1) de Bhunreacht na Polainne.

140 Dá bhrí sin, is léir ón mbreithiúnas sin go ndearna an Trybunał Konstytucyjny (an Chúirt Bhunreachtúil) agóid i gcoinne phrionsabal na hoibleagáide atá ar Phoblacht na Polainne a hoibleagáidí a chomhlíonadh maidir le heagrú an cheartais faoin dara fomhír d'Airteagal 19(1) CAE, mar a leagtar amach go háirithe i míreanna 102 go 104 den bhreithiúnas seo. Leis an mbreithiúnas sin, dhiúltaigh an chúirt sin, go háirithe, aitheantas a thabhairt, ar bhealach ginearálta agus de shárú follasach ar an méid a leagtar amach i míreanna 130 go 132 den bhreithiúnas seo, do dhlínse na Cúirte chun bearta eatramhacha a ordú, faoi Airteagal 279 CFAE, atá beartaithe chun an ceart chun cosaint bhreithiúnach éifeachtach a fháil os comhair binse neamhspleách sa Pholainn a chaomhnú, dá bhforáiltear sa dara fomhír d'Airteagal 19(1) CAE.

141 Sna himthosca sin, ní mór a chinneadh, i bhfianaise an léirithe ar Bhunreacht na Polainne a rinne an Trybunał Konstytucyjny (an Chúirt Bhunreachtúil) i mbreithiúnas an 14 Iúil 2021, gur mhainnigh Poblacht na Polainne a hoibleagáidí faoin dara fomhír d'Airteagal 19(1) CAE a chomhlíonadh.

142 Leanann sé ón méid sin go bhfuil bunús maith leis an dara cuid den chéad ghearán freisin agus nach mór seasamh, dá bhrí sin, leis an ngearán sin ina iomláine.

An dara gearán

Argóintí na bpáirtithe

143 Leis an dara gearán, a bhfuil dhá chuid aige, áitíonn an Coimisiún gur mhainnigh Poblacht na Polainne a hoibleagáidí a chomhlíonadh faoi phrionsabail ghinearálta an neamhspleáchais, na tosaíochta, na héifeachtachta agus cur i bhfeidhm aonfhoirmeach dhlí an Aontais agus éifeacht cheangailteach bhreithiúnais na Cúirte. Is é is cúis leis an mainneachtain sin go ndearna an Trybunał Konstytucyjny (an Chúirt Bhunreachtúil), sna breithiúnais atá i gceist, léiriú ar Bhunreacht na Polainne sa chaoi gur diúltaíodh go haontaobhach do phrionsabal na tosaíochta agus d'éifeachtacht fhorálacha bunúsacha na gConarthaí amhail Airteagal 2, Airteagal 4(3), Airteagal 19(1) CAE agus Airteagal 279 CFAE, agus gur ordaíodh do chomhlachtaí go léir na Polainne na forálacha sin a fhágáil gan feidhm. Mar thoradh air sin, cuireann an Trybunał Konstytucyjny (an Chúirt Bhunreachtúil) cosc ar chomhlachtaí náisiúnta an dara fomhír d'Airteagal 19(1) CAE a chur i bhfeidhm go héifeachtach agus na bearta eatramhacha arna bhforchur ag an gCúirt a chomhlíonadh.

144 Sa chéad chuid den dara gearán, tugann an Coimisiún faoi deara gur chinn an Trybunał Konstytucyjny (an Chúirt Bhunreachtúil), i mbreithiúnas an 7 Deireadh Fómhair 2021 nach raibh Airteagal 2 agus an dara fomhír d'Airteagal 19(1) CAE, arna léiriú ag an gCúirt go háirithe i mbreithiúnais an 2 Márta 2021, *A. B. agus páirtithe eile (Breithiúna a cheapadh chun na Cúirte Uachtaraí – Caingne)* (C-824/18, EU:C:2021:153), agus an 6 Deireadh Fómhair 2021, *W.Ż. (Dlísheomra um Rialú Urghnách agus Gnóthaí Poiblí na Cúirte Uachtaraí – Ainmniú)*, C-487/19, EU:C:2021:798), ag luí le Bunreacht na Polainne. Ina theannta sin, agus tagairt á déanamh aige do chineál ceangailteach *erga omnes* agus cinntitheach a breithiúnas i gcomhréir le hAirteagal 190(1) de Bhunreacht na Polainne, chuir an Trybunał Konstytucyjny (an Chúirt Bhunreachtúil) cosc, i mbreithiúnas an 7 Deireadh Fómhair 2021, ar gach comhlacht de chuid údaráis phoiblí na Polainne, go háirithe na cúirteanna, na caighdeáin sin de Chonradh AE a chur i bhfeidhm, mar a léirigh an Chúirt iad.

145 Is toradh sonrach ar bhreithiúnas an 7 Deireadh Fómhair 2021 é an toirmeasc ar chúirteanna na Polainne éifeacht iomlán an dara fomhír d'Airteagal 19(1) CAE, arna léiriú ag an gCúirt i mbreithiúnas an 2 Márta 2021, *A.B. agus páirtithe eile (Breithiúna a cheapadh chun na Cúirte Uachtaraí – Caingne)* (C-824/18, EU:C:2021:153), a áirithiú, ós rud é gur mheas an Trybunał Konstytucyjny (an Chúirt Bhunreachtúil) go raibh léiriú den sórt sin ar neamhréir le hAirteagal 8(1) de Bhunreacht na Polainne sa chaoi go gceanglaítear leis an dara fomhír d'Airteagal 19(1) CAE, de réir an léirithe sin, go mbeadh rúin an KRS lena moltar iarrthóirí a cheapadh chuig poist bhreithiúnacha leis an Sąd Najwyższy (an Chúirt Uachtarach) faoi réir athbhreithniú breithiúnach.

146 Ina theannta sin, ceanglaítear ar chúirteanna na Polainne staonadh ó éifeachtacht chásdlí na Cúirte a áirithiú maidir le dlínse na gcúirteanna náisiúnta athbhreithniú a dhéanamh ar chomhlíonadh cúirte leis an gceanglas, a eascraíonn as dlí an Aontais, maidir le binse neamhspleách a bunaíodh le dlí roimhe sin i gcás inarb ionann an t-athbhreithniú sin agus measúnú a dhéanamh ar an nós imeachta chun breitheamh a cheapadh.

147 I ndáil leis sin, is léir, go háirithe ó ranna 8.3 go 8.6 d'fhorais dhlíthiúla bhreithiúnas an 7 Deireadh Fómhair 2021, gur mheas an Trybunał Konstytucyjny (an Chúirt Bhunreachtúil) go bhfuil léiriú na Cúirte ar an dara fomhír d'Airteagal 19(1) CAE, lena gceadaítear do na cúirteanna náisiúnta inniúla athbhreithniú breithiúnach éifeachtach a dhéanamh ar rúin an KRS, rud a fhágann, más iomchuí, nach gcuirtear forálacha náisiúnta agus cásdlí an Trybunał Konstytucyjny (an Chúirt Bhunreachtúil) i bhfeidhm, agus lena gceadaítear measúnú a dhéanamh ar dhlíthiúlacht an nós imeachta ceapacháin breithimh chun ceart cosaint bhreithiúnach éifeachtach a ráthú do pháirtithe, *ultra vires* agus go ndéanfaí an bonn a bhaint d'aitheantas bunreachtúil na Polainne go neamhdhleathach.

148 Ar an gcéad dul síos, chuirfeadh dlínse na gcúirteanna náisiúnta athbhreithniú a dhéanamh ar dhlíthiúlacht an nós imeachta chun breithiúna a cheapadh, de réir an Trybunał Konstytucyjny (an Chúirt Bhunreachtúil), teorainn le saincheart bunreachtúil Uachtarán Phoblacht na Polainne duine a cheapadh chuig post breithiúnach ar thogra ó KRS. Ar an dara dul síos, dá ndéanfadh cúirteanna na Polainne an ceanglas maidir le binse neamhspleách neamhchlaonta a bunaíodh le dlí roimhe sin a chur i bhfeidhm, i gcomhréir leis an dara fomhír d'Airteagal 19(1) CAE, chaithfí amhras ar dhlíthiúlacht na ngníomhartha ceapacháin chuig post breithiúnach arna n-eisiúint ag Uachtarán Phoblacht na Polainne, cé nach bhfuil na gníomhartha sin faoi réir athbhreithniú breithiúnach mar gheall ar an sainchumas a thugtar dó, agus toirmisctear cúlghairm nó athbhreithniú ceapacháin breithiúna tar éis don Uachtarán sin a fhógairt, i gcomhréir le forálacha comhcheangailte Airteagal 179 agus pointe 17 d'Airteagal 144(3) de Bhunreacht na Polainne.

149 Ina theannta sin, i ranna 2.4 agus 4.1 d'fhorais bhreithiúnas an 7 Deireadh Fómhair 2021, chinn an Trybunał Konstytucyjny (an Chúirt Bhunreachtúil) go sainmhínítear in Airteagal 4(2) CAE teorainneacha chur i bhfeidhm phrionsabal thosaíocht dhlí an Aontais agus dhlínse na Cúirte d'fhonn féiniúlacht bhunreachtúil na mBallstát agus feidhmeanna bunriachtanacha an Stáit a urramú.

150 Maidir le héifeachtaí an bhreithiúnais sin, is léir ó roinn 10 dá fhorais nach amháin gur chuir an Trybunał Konstytucyjny (an Chúirt Bhunreachtúil) cosc ar chúirteanna na Polainne an dara fomhír d'Airteagal 19(1) CAE a chur i bhfeidhm go héifeachtach ar bhealach atá comhsheasmhach le léiriú na Cúirte ar an bhforáil sin agus forálacha náisiúnta atá contrártha leis

an léiriú sin a fhágáil gan feidhm *ex officio*, más gá, ach chinn sí freisin nach bhfuil aon éifeachtaí dlíthiúla ag léiriú na Cúirte ar an bhforáil sin, arna léamh i gcomhar le hAirteagal 2 CAE, i ndlíchóras na Polainne.

151 Ar deireadh, tá ráiteas ‘fíor-imní’ i mír 1 den chuid oibríochtúil den bhreithiúnas sin maidir le glacadh Phoblacht na Polainne leis na hiarmhairtí dlíthiúla a eascraíonn as a haontachas leis an Aontas. Mar sin féin, tá foclaíocht an dearbhaithe sin débhríoch, rud a fhágann go bhfuil sé deacair, nó dodhéanta, iarmhairtí dlíthiúla beachta a bhaint as.

152 Ar thaobh amháin, d’fhéadfaí an dearbhú sin a léiriú mar léiriú ar agóid ón Trybunał Konstytucyjny (an Chúirt Bhunreachtúil) i gcoinne bhailíocht reatha na bhforálacha is bunúsaí de na Conarthaí, eadhon an chéad fhomhír agus an dara fomhír d’Airteagal 1 CAE agus Airteagal 4(3) CAE, agus an agóid sin bunaithe ar an ‘dearbhú conspóideach’ go bhfuil céim nua bainte amach ag lánpháirtiú na hEorpa ina ngníomhaíonn comhlachtaí an Aontais lasmuigh de theorainneacha na gcumhachtaí a thugtar dóibh, agus mar thoradh air sin nach é Bunreacht na Polainne norm uachtarach Phoblacht na Polainne agus nach féidir leis an mBallstát sin feidhmiú a thuilleadh mar Stát ceannasach agus daonlathach. Bheadh seasamh den sórt sin ina ionsaí ceann ar aghaidh ar choincheap an Aontais Eorpaigh mar dhlíchóras is coiteann do na Ballstáit, bunaithe ar na luachanna dá dtagraítear in Airteagal 2 CAE, agus ina bhfuil aon ghníomhaíocht ó institiúidí an Aontais mar chuid de agus glactar leis go bhfuil sé comhsheasmhach le prionsabal na tabhartha cumhachtaí a leagtar amach in Airteagal 5(2) CAE.

153 Ar an taobh eile, d’fhéadfaí a mheas freisin go dtagraíonn an ráiteas i mír 1 den chuid oibríochtúil de bhreithiúnas an 7 Deireadh Fómhair 2021 do chás nár tharla fós, agus a bhfuil ‘forchoimeádas’ foilsithe ag an Trybunał Konstytucyjny (an Chúirt Bhunreachtúil) ina leith, ag meabhrú a thábhachtaí atá sé prionsabal na tabhartha cumhachtaí a urramú chun lánpháirtiú na hEorpa a choinneáil laistigh de na teorainneacha a shainmhínítear sna Conarthaí ar a bhfuil an tAontas Eorpach bunaithe. Is cosúil go ndearbhaíonn na ‘barúlacha deiridh’ i roinn 11 d’fhorais an bhreithiúnais sin, go pointe áirithe, léiriú den sórt sin, ós rud é go dtagraíonn an Trybunał Konstytucyjny (an Chúirt Bhunreachtúil) ann don fhéidearthacht gníomhartha normatacha an Aontais Eorpaigh agus cásdlí na Cúirte a chur faoi réir athbhreithniú ar bhunreachtúlacht sa chás hipitéiseach amach anseo ina bhféadfaí a mheas go gcuireann gníomhaíocht na Cúirte isteach ar inniúlachtaí eisiacha Stát na Polainne.

154 Cuireann an Coimisiún in iúl freisin go gcuireann sleachta bhreithiúnas an 7 Deireadh Fómhair 2021, maidir le hinstitiúidí an Aontais a líomhnaítear a ghníomhaíonn thar na cumhachtaí a thugtar dóibh agus le nádúr níos fearr gan choinníoll Bhunreacht na Polainne, lena imní mhór maidir leis na hiarmhairtí ginearálta a bhaineann le léiriú an Trybunał Konstytucyjny (an Chúirt Bhunreachtúil) ar Bhunreacht na Polainne a mhéid a bhaineann le dlí an Aontais. A mhéid a chuirfeadh dearbhuithe débhríocha den sórt sin amhras ar chur i bhfeidhm éifeachtach Airteagal 4(3) CAE, ar phrionsabal na tosaíochta agus ar éifeachtacht fhorálacha dhlí an Aontais a scrúdaíodh sa bhreithiúnas sin, chuirfeadh siad, in aon chás, leis an sárú ar phrionsabail an neamhspleáchais, na tosaíochta, na héifeachtachta agus chur i bhfeidhm aonfhoirmeach dhlí an Aontais agus ar phrionsabal éifeacht cheangailteach bhreithiúnais na Cúirte.

155 Leis an dara cuid dá dhara gearán, tugann an Coimisiún faoi deara gur thug an Trybunał Konstytucyjny (an Chúirt Bhunreachtúil), ina breithiúnas an 14 Iúil 2021, neamhaird ar éifeacht cheangailteach na mbeart eatramhach go léir a d’ordaigh an Chúirt faoi Airteagal 279 CFAE maidir le heagrú, dlínse agus feidhmiú dhlínse chúirteanna na Polainne agus an nós imeachta os comhair na gcúirteanna sin. I bhforais an bhreithiúnais sin, chinn an Trybunał Konstytucyjny (an

Chúirt Bhunreachtúil) go sáraítear leis na bearta eatramhacha arna n-ordú ag an gCúirt ina hordú an 8 Aibreán 2020, *an Coimisiún* v *an Pholainn* (C-791/19 R, EU:C:2020:277), prionsabal na tabhartha cumhachtaí agus féiniúlacht bhunreachtúil na Polainne, agus go bhfuil siad ar neamhréir le prionsabal bunreachtúil an smachta reachta dhaonlathaigh, a chumhdaítear in Airteagal 2 de Bhunreacht na Polainne.

156 Ina theannta sin, dhearbhaigh an Trybunał Konstytucyjny (an Chúirt Bhunreachtúil) go sainráite tosaíocht Bhunreacht na Polainne, mar phríomhfhoinse dlí sa Pholainn, ar an ordú sin agus, dá bhrí sin, dhiúltaigh sí a aithint go bhfuil forlámhas ag an ordú sin ar fhorálacha náisiúnta, agus béim á leagan aici ina leith sin gur glacadh é *ultra vires* agus go raibh sé contrártha do Bhunreacht na Polainne. Dhearbhaigh an Trybunał Konstytucyjny (an Chúirt Bhunreachtúil) freisin go mbeadh aon bhearta eatramhacha a rinneadh amach anseo faoi Airteagal 279 CFAE maidir le córas breithiúnach na Polainne míbhunreachtúil, rud a bhainfeadh aon éifeacht dhlíthiúil cheangailteach de na bearta sin sa Pholainn de shárú ar phrionsabail thosaíocht agus éifeachtacht dhlí an Aontais agus ar phrionsabal chineál ceangailteach chinntí na Cúirte.

157 Is léir ón gcuid oibríochtúil de bhreithiúnas an 14 Iúil 2021 go measann an Trybunał Konstytucyjny (an Chúirt Bhunreachtúil) go bhfuil Airteagal 4(3) CAE, arna léamh i gcomhar le hAirteagal 279 CFAE, contrártha do roinnt forálacha de Bhunreacht na Polainne, eadhon Airteagal 2, lena gcumhdaítear prionsabal an smachta reachta, Airteagal 7, lena gcumhdaítear prionsabal na dlíthiúlachta, Airteagal 8(1), lena gcumhdaítear prionsabal fhorlámhas Bhunreacht na Polainne, Airteagal 90(1), lena rialaítear aistriú cumhachtaí Stáit chuig eagraíocht idir-rialtasach, nó Airteagal 4(1), lena gcumhdaítear prionsabal na ceannasachta, toisc gur fhorchuir an Chúirt *ultra vires* ar Phoblacht na Polainne bearta eatramhacha a bhaineann le heagrú agus dlínse chúirteanna na Polainne agus leis an nós imeachta os comhair na gcúirteanna sin.

158 Measann an Coimisiún go sáraíonn an léiriú sin ar Bhunreacht na Polainne Airteagal 4(3) CAE agus Airteagal 279 CFAE agus prionsabail thosaíocht agus éifeachtacht dhlí an Aontais agus, dá bhrí sin, go gcaitheann sé amhras ar chur i bhfeidhm aonfhoirmeach na bhforálacha sin de na Conarthaí agus ar chineál uathrialach dhlíchóras an Aontais. Thairis sin, trí neamhaird a thabhairt ar chineál ceangailteach ó thaobh dlí na mbeart eatramhach arna n-ordú ag an gCúirt i gcoinne Phoblacht na Polainne faoi Airteagal 279 CFAE maidir le heagrú agus feidhmiú chúirteanna na Polainne, chuirfeadh an Trybunał Konstytucyjny (an Chúirt Bhunreachtúil) i gcoinne chineál ceangailteach ó thaobh dlí bhreithiúnais na Cúirte.

159 Measann Poblacht na Polainne go bhfuil bunús leis an dara gearán.

160 Cuireann an Ballstát sin in iúl freisin, cé go rialaíonn na Ballstáit an gaol idir an dlí bunreachtúil náisiúnta agus dlí an Aontais ar bhealaí éagsúla ina mbunreachtanna, nach féidir éifeachtacht dhlí an Aontais a bheith éagsúil ó Bhallstát amháin go Ballstát eile. Ní fhéadfaí cuspóirí na gConarthaí a bhaint amach gan dlí an Aontais a chur i bhfeidhm go haonfhoirmeach, rud a bhfuil tosaíocht aige, mar phrionsabal seanbhunaithe, ar an dlí náisiúnta, lena n-áirítear dlí bunreachtúil. Thairis sin, is í an Chúirt Bhreithiúnais amháin a bhfuil sé de chumhacht aici dlí an Aontais a léiriú ar bhealach ceangailteach. Ina theannta sin, cé go bhfuil cinntí an Trybunał Konstytucyjny (an Chúirt Bhunreachtúil) críochnaitheach, is féidir leis imeacht ó dhearcadh a chuir sé in iúl roimhe seo. In aon chás, sa chás seo, i bhfianaise chomhdhéanamh neamhrialta na cúirte sin agus roinnt imthosca fíorasacha eile a ardaíodh sa chás seo, is féidir agóid a dhéanamh i gcoinne a cinntí.

Breithniú na Cúirte

161 Leis an dá chuid dá dhara gearán, ar cheart iad a scrúdú le chéile, áitíonn an Coimisiún, go bunúsach, go sáraíonn na breithiúnais atá i gceist prionsabail an neamhspleáchais, na tosaíochta, na héifeachtachta agus chur i bhfeidhm aonfhoirmeach dhlí an Aontais, chomh maith le prionsabal éifeacht cheangailteach chásdlí na Cúirte.

162 I ndáil leis sin, áitíonn an Coimisiún, go bunúsach, gur mheas an Trybunał Konstytucyjny (an Chúirt Bhunreachtúil), ar an gcéad dul síos, ar bhonn a léirithe féin ar dhlí an Aontais, go raibh cásdlí na Cúirte a bhaineann leis an dara fomhír d'Airteagal 19(1) CAE, arna léamh i gcomhar le hAirteagal 2 CAE, agus na bearta eatramhacha a d'ordaigh sí faoi Airteagal 279 CFAE *ultra vires*, agus mheas sé, ar an dara dul síos, gur sháraigh an cásdlí sin agus na bearta sin féiniúlacht bhunreachtúil na Polainne agus forálacha éagsúla de Bhunreacht na Polainne, go háirithe iad siúd lena gcumhdaítear tosaíocht Bhunreacht na Polainne. Trína chinneadh nach raibh aon éifeachtaí dlíthiúla ag an gcásdlí sin ná ag na bearta eatramhacha sin i ndlíchóras na Polainne, cuireann an Trybunał Konstytucyjny (an Chúirt Bhunreachtúil) cosc ar chomhlachtaí náisiúnta an dara fomhír d'Airteagal 19(1) CAE a chur i bhfeidhm go héifeachtach agus na bearta eatramhacha céanna sin a chomhlíonadh.

– An mhainneachtain líomhnaithe maidir le prionsabail an neamhspleáchais, na tosaíochta, na héifeachtachta agus chur i bhfeidhm aonfhoirmeach dhlí an Aontais

163 D'fhéadfadh sárú ar phrionsabail an neamhspleáchais, na tosaíochta, na héifeachtachta agus chur i bhfeidhm aonfhoirmeach dhlí an Aontais a bheith ina ábhar do chaingean de bhun Airteagal 258 CFAE (féach, maidir le prionsabal na tosaíochta, breithiúnas an 5 Meitheamh 2023, *an Coimisiún* v *an Pholainn (Neamhspleáchas agus saol príobháideach na mbreithiúna)*, C-204/21, EU:C:2023:442, míreanna 271 agus 287). Tá dlúthnasc idir na prionsabail sin, sa chaoi nach mór iad a scrúdú le chéile.

164 I ndáil leis sin, ní mór a mheabhrú, i gcomhréir le cásdlí socair a bhaineann le Conradh CEE, gurb ionann an conradh sin, cé gur tugadh i gcrích é i bhfoirm comhaontú idirnáisiúnta, agus cairt bhunreachtúil de chomhphobal atá bunaithe ar an smacht reachta (féach, chuige sin, Tuairim 1/91 (*Céad Tuairim ar Chomhaontú LEE*), an 14 Nollaig 1991, EU:C:1991:490, mír 21).

165 Thairis sin, agus i gcomhréir leis an gcásdlí socair sin, murab ionann agus conarthaí idirnáisiúnta caighdeánacha, bunaíodh le Conarthaí an Chomhphobail dlíchóras nua, arna gcomhtháthú i gcórais dlí na mBallstát ar a dteacht i bhfeidhm agus atá ina cheangal ar a gcúirteanna. Chuir na Ballstáit teorainn lena gcearta ceannasacha sna réimsí a shainmhínítear sna Conarthaí, i bhfabhar an dlíchórais nua seo ar a bhfuil a institiúidí féin agus a rialaítear ní hamháin na Ballstáit ach a náisiúnaigh freisin (féach, chuige sin, breithiúnais an 5 Feabhra 1963, *van Gend & Loos*, 26/62, EU:C:1963:1, lch. 23, agus an 22 Feabhra 2022, *RS (Éifeacht na gcinntí ó chúirt bhunreachtúil)*, C-430/21, EU:C:2022:99, mír 47 agus an cásdlí dá dtagraítear).

166 Tá a chreat bunreachtúil agus a phrionsabail bhunaidh féin ag an dlíchóras seo, arna chruthú agus arna fhorbairt amhlaidh leis na Conarthaí ina dhiaidh sin, arb é Conradh Liospóin an ceann is déanaí, chomh maith le struchtúr institiúideach thar a bheith mionsaothraithe agus sraith iomlán rialacha dlíthiúla lena n-áirithítear a fheidhmiú. Tá neamhspleáchas ag an dlíchóras sin freisin ó dhlí na mBallstát agus ón dlí idirnáisiúnta (féach, chuige sin, Tuairim 2/13 (*Aontachas an*

Aontais le ECHR), an 18 Nollaig 2014, EU:C:2014:2454, míreanna 158 agus 170 agus an cásdlí dá dtagraítear, agus breithiúnas an 16 Feabhra 2022, *an Pholainn* v *an Pharlaimint agus an Chomhairle*, C-157/21, EU:C:2022:98, mír 143).

167 Sa bhreis air sin, ní mór saintréithe bunúsacha dhlíchóras an Aontais a eascraíonn as an gcineál uathrialach sin a chur san áireamh, amhail a thosaíocht ar dhlíthe na mBallstát agus éifeacht dhíreach sraithe forálacha is infheidhme maidir lena náisiúnaigh agus leo féin. Mar thoradh ar na saintréithe bunúsacha sin, tá líonra struchtúrtha prionsabal, rialacha agus caidreamh dlíthiúil idirspleách ann idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, agus idir na Ballstáit iad féin (féach, chuige sin, Tuairim 2/13 *(Aontachas an Aontais le ECHR)*, an 18 Nollaig 2014, EU:C:2014:2454, míreanna 166 agus 167, agus Tuairim 1/17 (*Comhaontú CET AE-Ceanada*), an 30 Aibreán 2019, EU:C:2019:341, mír 109 agus an cásdlí dá dtagraítear).

168 Maidir le prionsabal thosaíocht dhlí an Aontais, ba cheart a mheabhrú, i mbreithiúnas an 15 Iúil 1964, *Costa* (6/64, EU:C:1964:66, lgh. 1158 go 1160), gur leag an Chúirt síos an prionsabal sin, a thuigtear mar thosaíocht dhlí an Chomhphobail ar dhlí na mBallstát. I ndáil leis sin, chinn sí go gciallaítear, le dlíchóras féin an Chomhphobail a bhunú le Conradh CEE, arna ghlacadh ag na Ballstáit ar bhonn cómhalartachta, nach féidir leo tús áite a thabhairt, mar atoradh, do bheart aontaobhach arna ghlacadh ina dhiaidh sin thar an gcóras dlí sin nó nach féidir leo brath ar rialacha ar bith de chuid an dlí náisiúnta i gcoinne an dlí a eascraíonn ó Chonradh CEE, gan baint ó nádúr an dara ceann acu sin mar dhlí Comhphobail agus gan bunús dlí féin an Chomhphobail a chur faoi cheist. Ina theannta sin, ní féidir le feidhm fheidhmeannach dhlí an Chomhphobail a bheith éagsúil ó Bhallstát go Ballstát i gcead do dhlíthe náisiúnta ina dhiaidh sin, gan baint amach chuspóirí Chonradh CEE a chur i mbaol nó gan bheith ina chúis le hidirdhealú ar fhorais náisiúntachta a thoirmeasctar leis an gConradh sin (breithiúnas an 21 Nollaig 2021, *Euro Box Promotion agus páirtithe eile*, C-357/19, C-379/19, C-547/19, C-811/19 agus C-840/19, EU:C:2021:1034, mír 246).

169 Lena chois sin, maidir leis na gnéithe ríthábhachtacha sin a bhaineann le dlíchóras an Aontais agus an tábhacht i ndáil le déanamh de réir an dlíchórais sin, mar a ceanglaíodh iad, rinneadh iad a dheimhniú, gan forchoimeádas, ar na Conarthaí lena leasaítear Conradh CEE a dhaingniú, go háirithe Conradh Liospóin. Nuair a glacadh an conradh sin, mheabhraigh Comhdháil Ionadaithe Rialtais na mBallstát go sainráite, i nDearbhú Uimh. 17 maidir le tosaíocht, go bhfuil tosaíocht, de réir chásdlí socair na Cúirte, ag na Conarthaí agus ag an dlí arna ghlacadh ag an Aontas ar bhonn na gConarthaí ar dhlí na mBallstát, faoi na coinníollacha a shainítear leis an gcásdlí sin (féach, chuige sin, breithiúnais an 21 Nollaig 2021, *Euro Box Promotion agus páirtithe eile*, C-357/19, C-379/19, C-547/19, C-811/19 agus C-840/19, EU:C:2021:1034, mír 248, agus an 5 Meitheamh 2023, *an Coimisiún* v *an Pholainn (Neamhspleáchas agus saol príobháideach na mbreithiúna)*, C-204/21, EU:C:2023:442, mír 76 agus an cásdlí dá dtagraítear).

170 Tar éis theacht i bhfeidhm Chonradh Liospóin, dheimhnigh an Chúirt go minic an cásdlí roimhe seo maidir le prionsabal thosaíocht dhlí an Aontais, prionsabal lena gceanglaítear ar chomhlachtaí uile na mBallstát éifeacht iomlán a thabhairt d'fhorálacha éagsúla an Aontais agus ní féidir le dlí na mBallstát an bonn a bhaint don éifeacht a thugtar do na forálacha éagsúla sin i gcríoch na Stát sin (breithiúnais an 21 Nollaig 2021, *Euro Box Promotion agus páirtithe eile*, C-357/19, C-379/19, C-547/19, C-811/19 agus C-840/19, EU:C:2021:1034, mír 250, agus an 22 Feabhra 2022, *RS (Éifeacht na gcinntí ó chúirt bhunreachtúil)*, C-430/21, EU:C:2022:99, mír 50).

171 Dá bhrí sin, de bhua phrionsabal thosaíocht dhlí an Aontais, ní féidir ligean do spleáchas Ballstáit ar rialacha náisiúnta, fiú más ordú bunreachtúil atá ann, an bonn a bhaint d'aontacht agus d'éifeachtúlacht dhlí an Aontais. I gcomhréir le cásdlí an-socair, tá éifeachtaí phrionsabal thosaíocht dhlí an Aontais de cheangal ar na comhlachtaí go léir de chuid Ballstáit, agus ní chuirtear cosc orthu, *inter alia*, le forálacha intíre, lena n-áirítear forálacha bunreachtúla (breithiúnais an 21 Nollaig 2021, *Euro Box Promotion agus páirtithe eile*, C-357/19, C-379/19, C-547/19, C-811/19 agus C-840/19, EU:C:2021:1034, mír 251, agus an 16 Eanáir 2024, *Österreichische Datenschutzbehörde*, C-33/22, EU:C:2024:46, mír 70 agus an cásdlí dá dtagraítear).

172 Ní mór a lua freisin go bhforáiltear le hAirteagal 4(2) CAE go n-urramóidh an tAontas comhionannas na mBallstát i bhfianaise na gConarthaí. Ní féidir leis an Aontas Eorpach comhionannas den sórt sin a urramú ach amháin mura bhfuil na Ballstáit, de bhua phrionsabal thosaíocht dhlí an Aontais, in ann tosaíocht a thabhairt, i gcoinne dhlíchóras an Aontais, d'aon bheart aontaobhach (breithiúnas an 21 Nollaig 2021, *Euro Box Promotion agus páirtithe eile*, C-357/19, C-379/19, C-547/19, C-811/19 agus C-840/19, EU:C:2021:1034, mír 249).

173 Ar an gcaoi chéanna, ba cheart a thabhairt faoi deara freisin gur bunriachtanas de dhlíchóras an Aontais é cur i bhfeidhm aonfhoirmeach dhlí an Aontais. Tá ceanglas den sórt sin ina dhlúthchuid de chomhphobal atá bunaithe ar an smacht reachta a bheith ann agus tá sé riachtanach chun a áirithiú go n-urramófar comhionannas na mBallstát i bhfianaise na gConarthaí.

174 Sa chomhthéacs sin, ba cheart a mheabhrú go raibh ar Phoblacht na Polainne, le bheith páirteach san Aontas, na critéir atá le comhlíonadh ag na Stáit is iarrthóirí ar aontachas a chomhlíonadh, mar a bunaíodh le Comhairle Eorpach Chóbanhávan an 21 agus an 22 Meitheamh 1993. Go háirithe, ceanglaítear leis na critéir seo ar an Stát is iarrthóir go bhfuil 'institiúidí cobhsaí lena ráthaítear an daonlathas, an smacht reachta agus cearta an duine, agus lena ráthaítear urraim agus cosaint do mhionlaigh' (breithiúnas an 29 Márta 2022, *Getin Noble Bank*, C-132/20, EU:C:2022:235, mír 104, agus an 5 Meitheamh 2023, *an Coimisiún* v *an Pholainn (Neamhspleáchas agus saol príobháideach na mbreithiúna)*, C-204/21, EU:C:2023:442, mír 65).

175 Ina theannta sin, eascraíonn sé as Airteagal 2 CAE go bhfuil an tAontas Eorpach fothaithe ar luachanna, amhail an smacht reachta, ar luachanna iad is coiteann do na Ballstáit i sochaí ina bhfuil, *inter alia*, forlámhas ag an gceartas (féach, chuige sin, breithiúnais an 27 Feabhra 2018, *Associação Sindical dos Juízes Portugueses*, C-64/16, EU:C:2018:117, mír 30, agus an 18 Bealtaine 2021, *Asociația 'Forumul Judecătorilor din România' agus páirtithe eile*, C-83/19, C-127/19, C-195/19, C-291/19, C-355/19 agus C-397/19, EU:C:2021:393, mír 160 agus an cásdlí dá dtagraítear).

176 Tá dlí an Aontais fréamhaithe sa réamhleagan bunúsach go bhfuil gach Ballstát i bpáirt leis na Ballstáit eile go léir, agus aithníonn sé go gcomhroinneann siad leis sraith de chomhluachanna ar a bhfuil an tAontas Eorpach fothaithe, mar a luaitear in Airteagal 2 CAE. Baineann an réamhleagan sin le saintréithe sonracha agus bunriachtanacha dhlí an Aontais, a bhaineann lena nádúr féin agus a eascraíonn as an neamhspleáchas atá ag an dlí sin i ndáil le dlíthe na mBallstát agus leis an dlí idirnáisiúnta. Leis an mbonn sin, tugtar le tuiscint gur ann d'iontaoibh fhrithpháirteach idir na Ballstáit, agus tugtar údar leis an iontaoibh sin, go n-aithneofar na luachanna sin agus, dá bhrí sin, go n-urramófar dlí an Aontais lena gcuirtear chun feidhme iad (féach, chuige sin, breithiúnas an 6 Márta 2018, *Achmea*, C-284/16, EU:C:2018:158, mír 34, agus an 16 Feabhra 2022, *an Ungáir* v *an Pharlaimint agus an Chomhairle*, C-156/21, EU:C:2022:97, mír 125 agus an cásdlí dá dtagraítear).

177 Dá bhrí sin, ní ráiteas treoirlínte beartais ná rún amháin Airteagal 2 CAE, ach clúdaítear luachanna leis agus is dlúthchuid iad d'fhéiniúlacht an Aontais Eorpaigh mar dhlíchóras coiteann, ar luachanna iad a léirítear go nithiúil i bprionsabail lena gcuirtear na Ballstáit faoi oibleagáidí atá ceangailteach ó thaobh an dlí. Ní féidir oibleagáid a dhéanamh den urraim do na luachanna sin, arbh oibleagáid é nach mór Stát is iarrthóir a chomhlíonadh chun aontú don Aontas Eorpach, ach a bhfhéadfadh sé neamhaird a dhéanamh air tar éis a aontachais (féach, chuige sin, breithiúnais an 16 Feabhra 2022, *an Ungáir* v *an Pharlaimint agus an Chomhairle*, C-156/21, EU:C:2022:97, míreanna 126, 127 agus 232, agus an 5 Meitheamh 2023, *an Coimisiún* v *an Pholainn (Neamhspleáchas agus saol príobháideach na mbreithiúna)*, C-204/21, EU:C:2023:442, míreanna 67 agus 68).

178 Sonraítear le hAirteagal 49 CAE, lena bhforáiltear go bhféadfaidh aon stát Eorpach iarratas a dhéanamh chun bheith ina bhall den Aontas Eorpach, go bhfuil an tAontas comhdhéanta de stáit a bhfuil a dtiomantas léirithe dá ndeoin féin agus go deonach acu do na luachanna coiteanna dá dtagraítear in Airteagal 2 CAE, a urramaíonn na luachanna sin agus a gheallann iad a chur chun cinn (féach, chuige sin, breithiúnais an 24 Meitheamh 2019, *an Coimisiún* v *an Pholainn (Neamhspleáchas na Cúirte Uachtaraí)*, C-619/18, EU:C:2019:531, mír 42, agus an 20 Aibreán 2021, *Repubblika*, C-896/19, EU:C:2021:311, mír 61).

179 Tugtar le tuiscint uaidh sin gur choinníoll é do Bhallstát chun leas a bhaint as na cearta go léir a dhíorthaítear ó chur i bhfeidhm na gConarthaí go gcomhlíonfadh sé na luachanna a chumhdaítear in Airteagal 2 CAE. Dá bhrí sin, ní féidir le Ballstát a reachtaíocht nó a chásdlí a leasú ar bhealach lena ndéanfar laghdú ar chosaint luach an smachta reachta, luach a léirítear go nithiúil, *inter alia*, le hAirteagal 19 CAE. Dá bhrí sin, tá sé de cheangal ar na Ballstáit a áirithiú, i bhfianaise an luacha sin, go gcoiscfear aon chúlchéimniú ar a reachtaíocht agus ar a chásdlí maidir le heagrú an cheartais, trí staonadh ó rialacha a ghlacadh a bhainfeadh an bonn de neamhspleáchas na mbreithiúna (féach, chuige sin, breithiúnais an 20 Aibreán 2021, *Repubblika*, C-896/19, EU:C:2021:311, míreanna 63 agus 64, agus an 21 Nollaig 2021, *Euro Box Promotion agus páirtithe eile*, C-357/19, C-379/19, C-547/19, C-811/19 agus C-840/19, EU:C:2021:1034, mír 162 agus an cásdlí dá dtagraítear).

180 Cé, mar is léir ó Airteagal 4(2) CAE, go n-urramaíonn an tAontas Eorpach féiniúlachtaí náisiúnta na mBallstát, ar gné dhílis dá struchtúir bhunúsacha iad, idir pholaitiúil agus bhunreachtúil, sa chaoi is go bhfuil discréid áirithe ag na Ballstáit maidir le cur chun feidhme phrionsabail an smachta reachta a áirithiú, ní chiallaíonn sé sin, ar chaoi ar bith, go bhféadfadh an oibleagáid sin maidir leis an toradh atá le gnóthú a bheith éagsúil ó Bhallstát amháin go Ballstát eile. Cé go bhfuil féiniúlachtaí náisiúnta ar leith acu, ar gné dhílis dá mbunstruchtúir pholaitiúla agus bhunreachtúla iad, a dtugann an tAontas Eorpach urraim uirthi, cloíonn na Ballstáit le coincheap 'an smacht[a] reachta' atá acu go léir, mar luach a bhaineann lena dtraidisiúin bhunreachtúla féin, agus tá gealltanas tugtha acu urraim a thabhairt air ar bhonn leanúnach (breithiúnais an 16 Feabhra 2022, *an Ungair* v *an Pharlaimint agus an Chomhairle*, C-156/21, EU:C:2022:97, míreanna 233 agus 234, agus an 5 Meitheamh 2023, *an Coimisiún* v *an Pholainn (Neamhspleáchas agus saol príobháideach na mbreithiúna)*, C-204/21, EU:C:2023:442, mír 73).

181 Tugtar le tuiscint uaidh sin, agus a samhail bhunreachtúil faoi seach á roghnú acu, ceanglaítear ar na Ballstáit go gcomhlíonfaidís, go háirithe, ceanglas neamhspleáchas na gcúirteanna faoi Airteagal 2 agus faoin dara fomhír d'Airteagal 19(1) CAE (féach, chuige sin, breithiúnas an 5 Meitheamh 2023, *an Coimisiún* v *an Pholainn (Neamhspleáchas agus saol príobháideach na mbreithiúna)*, C-204/21, EU:C:2023:442, mír 74 agus an cásdlí dá dtagraítear.)

182 Ar an gcaoi chéanna, d'fhonn, *inter alia*, éifeachtacht dhlí an Aontais a áirithiú, ar prionsabal é a chumhdaítear freisin leis an dara gearán, tá oibleagáid orthu prionsabal thosaíocht dhlí an Aontais a chomhlíonadh agus staonadh ó bhearta a dhéanamh lena dtugtar neamhaird ar neamhspleáchas dhlíchóras an Aontais.

183 Ar deireadh, ní mór a thabhairt faoi deara, de réir Airteagal 2 den Ionstraim Aontachais, go mbeidh forálacha na gConarthaí bunaidh agus na gníomhartha a ghlac na hinstitiúidí agus an Banc Ceannais Eorpach roimh an aontachas ina gceangal ar na Ballstáit nua agus beidh siad infheidhme sna Stáit sin faoi na coinníollacha atá leagtha síos sna Conarthaí sin agus san Ionstraim Aontachais. Chinn an Chúirt cheana féin go leanann sé ó Airteagal 2 agus Airteagal 10 den Ionstraim Aontachais go bhfuil an ionstraim sin bunaithe ar an bprionsabal maidir le forálacha dhlí an Aontais a chur i bhfeidhm láithreach agus go hiomlán maidir leis na Ballstáit nua agus nach gceadaítear maoluithe dá bhforáiltear go sainráite leis na forálacha idirthréimhseacha ach ar bhonn idirthréimhseach (breithiúnas an 21 Márta 2019, *an Coimisiún* v *an Pholainn*, C-127/17, EU:C:2019:236, mír 103 agus an cásdlí dá dtagraítear).

184 Dá bhrí sin, ó tháinig sí isteach san Aontas Eorpach an 1 Bealtaine 2004, tá Poblacht na Polainne faoi cheangal go huile agus go hiomlán ag forálacha an dlí phríomha agus ag na gníomhartha arna nglacadh roimh an aontachas ag institiúidí an Aontais Eorpaigh, arna léiriú ag an gCúirt, in éagmais aon fhoráil mhaolaitheach shainráite ina leith sin.

185 Tríd an Ionstraim Aontachais a dhaingniú, ghlac an Ballstát sin le coincheap an Aontais Eorpaigh mar dhlíchóras is coiteann do na Ballstáit, ina léirítear na saintréithe agus na gnéithe sonracha go léir a thuairiscítear i míreanna 163 go 181 den bhreithiúnas seo, agus d'aontaigh sé don dlíchóras sin.

186 Sna himthosca sin, is faoi Phoblacht na Polainne atá sé, go háirithe, de bhun phrionsabal an chomhair dhílis a leagtar amach sa chéad fhomhír d'Airteagal 4(3) CAE, cur i bhfeidhm agus comhlíonadh dhlí an Aontais a áirithiú ar a críoch agus, de bhun an dara fomhír d'Airteagal 4(3) CAE, aon bheart iomchuí a dhéanamh, go ginearálta nó go sonrach, chun a áirithiú go gcomhlíonfar na hoibleagáidí a eascraíonn as na Conarthaí nó a eascraíonn as gníomhartha institiúidí an Aontais. Ní féidir le forálacha a dhlíchórais náisiúnta, fiú de chineál bunreachtúil, i gcomhréir le cásdlí socair na Cúirte, údar a thabhairt le mainneachtain na hoibleagáidí sin a chomhlíonadh (féach, chuige sin, breithiúnas an 8 Aibreán 2014, *an Coimisiún* v *an Ungáir*, C-288/12, EU:C:2014:237, mír 35 agus an cásdlí dá dtagraítear).

187 Sa chás seo, maidir le breithiúnas an 7 Deireadh Fómhair 2021, is léir ó mhíreanna 2 agus 3 den chuid oibríochtúil den bhreithiúnas sin go bhfuil sé d'éifeacht ag an léiriú a thug an Trybunał Konstytucyjny (an Chúirt Bhunreachtúil) sa bhreithiúnas sin ar Bhunreacht na Polainne cosc a chur ar na ceanglais a eascraíonn as Airteagal 2 agus as an dara fomhír d'Airteagal 19(1) CAE, arna léiriú ag an gCúirt, éifeachtaí dlíthiúla a bheith acu i ndlíchóras na Polainne. Ina theannta sin, mar is léir ó roinn 10 d'fhorais an bhreithiúnais sin, d'ordaigh an chúirt sin do gach comhlacht de chuid údaráis phoiblí na Polainne, go háirithe na cúirteanna, staonadh ó na rialacha sin a chur i bhfeidhm, arna léiriú ag an gCúirt, trí thagairt a dhéanamh do chineál *erga omnes* ceangailteach agus cinntitheach a breithiúnas.

188 Ar deireadh, sa bhreithiúnas sin, rinne an Trybunał Konstytucyjny (an Chúirt Bhunreachtúil), mar is léir go háirithe ó mhír 1 den chuid oibríochtúil agus ó ranna 6.2 agus 6.4 de na forais, léiriú ar Bhunreacht na Polainne lena ndiúltaítear do thosaíocht dhlí an Aontais ar chaighdeáin bhunreachtúla na Polainne, mar a mhínítear, go háirithe, i míreanna 167 go 171 den bhreithiúnas seo.

189 Maidir le breithiúnas an 14 Iúil 2021, chinn an Trybunał Konstytucyjny (an Chúirt Bhunreachtúil), go bunúsach, mar a luaitear i mír 140 den bhreithiúnas seo, nach bhfuil aon éifeacht cheangailteach i ndlíchóras na Polainne ag aon bheart eatramhach arna ordú ag an gCúirt faoi Airteagal 279 CFAE a bhfuil mar aidhm aige an ceart chun cosaint bhreithiúnach éifeachtach a chaomhnú os comhair binse neamhspleách sa Pholainn, dá bhforáiltear sa dara fomhír d'Airteagal 19(1) CAE. Go háirithe, is léir ó mhíreanna 6.8 go 6.10 den bhreithiúnas sin gur bhunaigh an Trybunał Konstytucyjny (an Chúirt Bhunreachtúil) a sheasamh ar thosaíocht Bhunreacht na Polainne mar chaighdeán uachtarach an dlíchórais náisiúnta.

190 I ndáil leis sin, ba cheart a thabhairt faoi deara freisin, mar is féidir a thuiscint ó fhorais agus ó chodanna oibríochtúla na mbreithiúnas atá i gceist, go measann an Trybunał Konstytucyjny (an Chúirt Bhunreachtúil), ar an gcéad dul síos, go bhfuil Airteagal 2 agus an dara fomhír d'Airteagal 19(1) CAE agus, ar an dara dul síos, Airteagal 4(3) CAE agus Airteagal 279 CFAE, arna léiriú ag an gCúirt, contrártha do phrionsabail éagsúla a chumhdaítear i mBunreacht na Polainne agus go mbaineann siad an bonn d'fhéiniúlacht bhunreachtúil na Polainne.

191 Mar sin féin, i bhfianaise na mbreithnithe a leagtar amach, go háirithe, i míreanna 177 go 180 agus 186 den bhreithiúnas seo, ní féidir a áitiú go bailí go n-áirítear le hurraim do luachanna agus do phrionsabail amhail an smacht reachta, cosaint bhreithiúnach éifeachtach agus neamhspleáchas breithiúnach, a chumhdaítear in Airteagal 2 agus sa dara fomhír d'Airteagal 19(1) CAE, lena bhforáiltear d'aontachas Ballstáit leis an Aontas Eorpach agus dá rannpháirtíocht i bhfeidhmiú an Aontais Eorpaigh araon, ceanglais a d'fhéadfadh difear a dhéanamh d'fhéiniúlacht náisiúnta an Bhallstáit sin, de réir bhrí Airteagal 4(2) CAE. Dá bhrí sin, ní féidir leis an bhforáil dheireanach seo, nach mór a léamh ag cur san áireamh na forálacha, den chéim chéanna léi, amhail siúd, go háirithe, sa dara fomhír d'Airteagal 2 agus d'Airteagal 19(1) CAE, na Ballstáit a dhíolmhú ó chomhlíonadh na gceanglas a eascraíonn astu (féach, chuige sin, breithiúnas an 5 Meitheamh 2023, *an Coimisiún* v *an Pholainn (Neamhspleáchas agus saol príobháideach na mbreithiúna)*, C-204/21, EU:C:2023:442, mír 72).

192 Tá feidhm ag an gconclúid sin freisin maidir le hAirteagal 4(3) CAE agus le hAirteagal 279 CFAE, arb é is aidhm dóibh comhlíonadh iomlán agus éifeachtacht dhlí an Aontais a áirithiú.

193 Dá bhrí sin, ní féidir glacadh leis go n-éalaíonn Poblacht na Polainne óna hoibleagáidí faoi Airteagal 2, Airteagal 4(3), an dara fomhír d'Airteagal 19(1) CAE agus Airteagal 279 CFAE trína mheas gur dócha go ndéanfaidh na ceanglais a eascraíonn as na forálacha sin difear d'fhéiniúlacht bhunreachtúil na Polainne, cé go bhfuil na luachanna agus na prionsabail a chumhdaítear leo mar chuid d'fhéiniúlacht an Aontais mar dhlíchóras coiteann ar aontaigh an Ballstát sin leis go deonach.

194 Leanann sé ón méid sin roimhe seo go mbaineann an léiriú ar Bhunreacht na Polainne a thug an Trybunał Konstytucyjny (an Chúirt Bhunreachtúil) sna breithiúnais atá i gceist an bonn go follasach ón tosaíocht atá ag Airteagal 2, Airteagal 4(3) agus an dara fomhír d'Airteagal 19(1) CAE agus Airteagal 279 CFAE, forálacha dá dtagraíonn na breithiúnais sin.

195 Thairis sin, trí chosc aontaobhach a chur ar údaráis phoiblí na Polainne na rialacha sin de dhlí an Aontais a chur i bhfeidhm, sáraítear go follasach leis na breithiúnais atá i gceist freisin prionsabail an neamhspleáchais, na héifeachtachta agus chur i bhfeidhm aonfhoirmeach dhlí an Aontais.

196 Sna himthosca sin, ní mór a chinneadh, i bhfianaise léiriú ar Bhunreacht na Polainne a rinne an Trybunał Konstytucyjny (an Chúirt Bhunreachtúil) sna breithiúnais atá faoi chonspóid, gur mhainnigh Poblacht na Polainne a hoibleagáidí a chomhlíonadh faoi phrionsabail an neamhspleáchais, na tosaíochta, na héifeachtachta agus chur i bhfeidhm aonfhoirmeach dhlí an Aontais.

– An mhainneachtain líomhnaithe maidir le prionsabal éifeacht cheangailteach rialuithe na Cúirte

197 Is léir ó na breithiúnais atá faoi chonspóid gur chinn an Trybunał Konstytucyjny (an Chúirt Bhunreachtúil), ar an gcéad dul síos, go sáraíonn cásdlí na Cúirte a bhaineann le hAirteagal 2 agus leis an dara fomhír d'Airteagal 19(1) CAE agus, ar an dara dul síos, na bearta eatramhacha a d'ordaigh an Chúirt faoi Airteagal 279 CFAE, arb é is aidhm leo an ceart chun cosaint bhreithiúnach éifeachtach a fháil os comhair binse neamhspleách sa Pholainn a chaomhnú, féiniúlacht bhunreachtúil na Polainne toisc gur gníomhartha *ultra vires* iad an cásdlí sin agus na bearta eatramhacha sin.

198 Is léir freisin ó na breithiúnais sin gur luaigh an Trybunał Konstytucyjny (an Chúirt Bhunreachtúil) gur fhorchoimeád sé an ceart chun athbhreithniú *ultra vires* a dhéanamh amach anseo ar chinntí na Cúirte Breithiúnais chun an fhéiniúlacht sin a chosaint.

199 I ndáil leis sin, ba cheart a thabhairt faoi deara go bhfuil feidhm gan forchoimeádas ag na cinntí i míreanna 185 agus 186 den bhreithiúnas seo maidir leis na rialacha lena rialaítear córas breithiúnach an Aontais Eorpaigh agus, dá bhrí sin, roinnt na dlínse idir an Chúirt Bhreithiúnais agus na cúirteanna náisiúnta, mar a eascraíonn as na Conarthaí.

200 Is cásdlí socair é, chun a áirithiú go gcaomhnófar saintréithe sonracha agus neamhspleáchas dhlíchóras an Aontais, gur bunaíodh leis na Conarthaí córas breithiúnach arb é is aidhm dó comhsheasmhacht agus aontacht a áirithiú maidir le léiriú dhlí an Aontais (breithiúnais an 6 Márta 2018, *Achmea*, C-284/16, EU:C:2018:158, mír 35, agus an 24 Deireadh Fómhair 2018, *XC agus páirtithe eile*, C-234/17, EU:C:2018:853, mír 39 agus an cásdlí dá dtagraítear).

201 Sa chomhthéacs sin, mar is léir ó Airteagal 19(1) CAE, is faoi na cúirteanna agus na binsí náisiúnta agus faoin gCúirt Bhreithiúnais atá sé a áirithiú go gcuirtear dlí an Aontais i bhfeidhm go hiomlán i ngach Ballstát agus cosaint bhreithiúnach ar chearta daoine aonair faoin dlí sin a áirithiú (féach, chuige sin, breithiúnais an 25 Iúil 2018, *An tAire Dlí agus Cirt (Easnaimh sa chóras ceartais)*, C-216/18 PPU, EU:C:2018:586, mír 50, agus an 5 Meitheamh 2023, *an Coimisiún* v *an Pholainn (Neamhspleáchas agus saol príobháideach na mbreithiúna)*, C-204/21, EU:C:2023:442, mír 128).

202 I ndáil leis sin, leis an gcéad mhír d'Airteagal 267 CFAE, tugtar dlínse don Chúirt réamhrialuithe a thabhairt maidir le léiriú na gConarthaí agus ghníomhartha institiúidí an Aontais Eorpaigh araon agus maidir le bailíocht na ngníomhartha sin.

203 Is faoin gCúirt amháin atá sé a dhearbhú go bhfuil gníomh de chuid an Aontais neamhbhailí agus léiriú cinntitheach ceangailteach ar dhlí an Aontais a chur ar fáil (féach, chuige sin, breithiúnas an 22 Feabhra 2022, *RS (Éifeacht na gcinntí ó chúirt bhunreachtúil)*, C-430/21, EU:C:2022:99, míreanna 52 agus 71 agus an cásdlí dá dtagraítear).

204 Maidir le ról na gcúirteanna agus na mbinsí náisiúnta, foráiltear leis an dara mír d'Airteagal 267 CFAE go bhféadfaidh siad ceisteanna a tharchur chuig an gCúirt Bhreithiúnais le haghaidh réamhrialú agus foráiltear leis an tríú mír den Airteagal sin go bhfuil sé de cheangal orthu é sin a dhéanamh mura bhfuil aon leigheas breithiúnach ann faoin dlí náisiúnta i gcoinne a gcinntí.

205 Mar a rialaigh an Chúirt arís agus arís eile, tagann an oibleagáid sin atá ar chúirteanna nó binsí náisiúnta nach bhfuil aon leigheas dlí ann faoin dlí náisiúnta i gcoinne a gcinntí faoi chuimsiú an chomhair, arna bhunú chun cur i bhfeidhm agus léiriú aonfhoirmeach dhlí an Aontais a áirithiú sna Ballstáit go léir, idir na cúirteanna náisiúnta, ina gcáil mar bhreithiúna atá freagrach as cur i bhfeidhm an dlí sin, agus an Chúirt Bhreithiúnais. Is é is cuspóir don oibleagáid sin, go háirithe, cosc a chur, in aon Bhallstát, ar chásdlí náisiúnta a bhunú nach bhfuil i gcomhréir le rialacha dhlí an Aontais (breithiúnas an 15 Deireadh Fómhair 2024, *KUBERA*, C-144/23, EU:C:2024:881, mír 35 agus an cásdlí dá dtagraítear).

206 Ina theannta sin, tá an oibleagáid atá ar chúirteanna náisiúnta nach bhfuil aon leigheas breithiúnach faoin dlí náisiúnta in aghaidh a gcinntí ceist a tharchur chuig an gCúirt Bhreithiúnais le haghaidh réamhrialú mar thoradh ar dhlínse eisiach na Cúirte chun rialú a thabhairt ar bhailíocht ghníomhartha an Aontais agus chun léiriú cinntitheach agus ceangailteach ar dhlí an Aontais a thabhairt.

207 Thairis sin, deimhnítear inniúlacht eisiach na Cúirte sin le hAirteagal 344 CFAE, lena bhforáiltear go ngabhann na Ballstáit orthu féin gan díospóid maidir le léiriú nó cur i bhfeidhm na gConarthaí a chur faoi aon mhodh réitigh seachas na modhanna dá bhforáiltear iontu sin (féach, chuige sin, Tuairim 1/91 (*Céad Tuairim ar Chomhaontú LEE*), an 14 Nollaig 1991, EU:C:1991:490, mír 35).

208 Tá na feidhmeanna agus na cumhachtaí a thugtar amhlaidh, faoi seach, do na cúirteanna náisiúnta agus don Chúirt Bhreithiúnais fíor-riachtanach chun nádúr an dlí arna bhunú leis na Conarthaí a chaomhnú (féach, chuige sin, Tuairim 1/09 *(Comhaontú maidir le Córas Aontaithe um Dhlíthíocht Paitinní a Chruthú)*, an 8 Márta 2011, EU:C:2011:123, mír 85, agus breithiúnas an 25 Meitheamh 2020, *Satcen* v *KF*, C-14/19 P, EU:C:2020:492, mír 61).

209 Tá sé mar aidhm acu a áirithiú go mbeidh an éifeacht chéanna ag dlí an Aontais i ngach uile chás sna Ballstáit go léir, rud a fhágfaidh gur féidir aontacht dhlíchóras an Aontais, a chomhsheasmhacht, a lánéifeacht agus a neamhspleáchas a ráthú agus, ar deireadh, cineál sonrach an dlí arna bhunú leis na Conarthaí a ráthú (féach, chuige sin, breithiúnais an 22 Deireadh Fómhair 1987, *Foto-Frost*, 314/85, EU:C:1987:452, mír 15; an 22 Feabhra 2022, *RS (Éifeacht na gcinntí ó chúirt bhunreachtúil)*, C-430/21, EU:C:2022:99, mír 73; agus an 9 Aibreán 2024, *Profi Credit Polska (Athoscailt an nós imeachta arna thabhairt i gcrích le cinneadh críochnaitheach)*, C-582/21, EU:C:2024:282, mír 51).

210 Maidir leis an gceist an bhfuil cúirteanna náisiúnta i dteideal rialú a thabhairt ar raon feidhme na n-inniúlachtaí a thugtar don Aontas Eorpach agus ar urramú theorainneacha na n-inniúlachtaí sin, is fíor go sonraítear in Airteagal 5(2) CAE, ar an gcéad dul síos, '[f]aoi phrionsabal na tabhartha, gníomhóidh an tAontas faoi theorainneacha na n-inniúlachtaí atá tugtha dó ag na

Ballstáit sna Conarthaí d'fhonn na cuspóirí atá leagtha amach sna Conarthaí a bhaint amach' agus, ar an dara dul síos, 'Inniúlachtaí nach bhfuil tugtha don Aontas sna Conarthaí, fanann siad ag na Ballstáit'. Leagtar amach an prionsabal sin freisin in Airteagal 4(1) CAE.

211 Thairis sin, de bhun na chéad abairte d'Airteagal 13(2) CAE, gníomhóidh gach institiúid laistigh de theorainneacha na gcumhachtaí atá tugtha di sna conarthaí, agus i gcomhréir leis na nósanna imeachta, na coinníollacha agus na cuspóirí a leagtar amach iontu.

212 Mar sin féin, murab ionann agus an méid a mheasann an Trybunał Konstytucyjny (an Chúirt Bhunreachtúil) sna breithiúnais atá i gceist, ní údaraítear leis na rialacha agus na prionsabail dá dtagraítear sa dá mhír roimhe seo do chúirteanna náisiúnta rialú go haontaobhach agus go cinntitheach ar raon feidhme na n-inniúlachtaí a thugtar don Aontas agus ar chomhlíonadh theorainneacha na n-inniúlachtaí sin.

213 Cé gur gá léiriú ar fhorálacha na gConarthaí a bheith i gceist le raon feidhme inniúlachtaí an Aontais Eorpaigh a chinneadh, amhail an t-athbhreithniú ar chomhlíonadh theorainneacha na n-inniúlachtaí sin, is ag an gCúirt amháin atá an dlínse léiriú cinntitheach agus ceangailteach a thabhairt ar na forálacha sin, agus ar fhorálacha go léir eile dhlí an Aontais.

214 Sna himthosca sin, bheadh sé ar neamhréir le cineál dhlí an Aontais ar bhealaí éagsúla dlínse a thabhairt do chúirteanna náisiúnta lena gcuirtear ar a gcumas rialú cinntitheach a thabhairt ar raon feidhme na gcumhachtaí a thugtar don Aontas agus ar urramú theorainneacha na gcumhachtaí sin.

215 I ndáil leis sin, ar an gcéad dul síos, leanann sé ó chásdlí socair nach dtugtar leis na Conarthaí an chumhacht do chúirteanna náisiúnta, laistigh de chóras iomlán na leigheasanna dlí a bhunaítear leis na Conarthaí sin, a dhearbhú go bhfuil gníomhartha institiúidí an Aontais neamhbhailí nó léiriú cinntitheach ar dhlí an Aontais a thabhairt (féach, chuige sin, breithiúnais an 21 Nollaig 2011, *Air Transport Association of America agus páirtithe eile*, C-366/10, EU:C:2011:864, mír 47 agus an cásdlí dá dtagraítear, agus an 22 Feabhra 2022, *RS (Éifeacht na gcinntí ó chúirt bhunreachtúil)*, C-430/21, EU:C:2022:99, mír 52 agus an cásdlí dá dtagraítear).

216 Ar an dara dul síos, cuireann neamhspleáchas agus éifeachtacht dhlíchóras an Aontais cosc ar aon athbhreithniú seachtrach ar chinntí na Cúirte Breithiúnais i bhfeidhmiú a dlínse eisiaiche chun léiriú cinntitheach agus ceangailteach a thabhairt ar dhlí an Aontais agus chun athbhreithniú a dhéanamh ar dhlíthiúlacht ghníomhartha an Aontais.

217 Ar an tríú dul síos, ní féidir na hinniúlachtaí a thugtar don Aontas Eorpach agus feidhm feidhmiúcháin dhlí an Aontais a bheith éagsúil sna Ballstáit éagsúla. D'fhéadfadh éagsúlachtaí idir cúirteanna na mBallstát ina leith sin aontacht dhlíchóras an Aontais a chur i mbaol, baint amach chuspóirí na gConarthaí a chur i mbaol agus an bonn a bhaint den cheanglas bunúsach maidir le deimhneacht dhlíthiúil agus comhionannas na mBallstát agus a náisiúnach os comhair dhlí an Aontais (féach, chuige sin, breithiúnais an 28 Márta 2017, *Rosneft*, C-72/15, EU:C:2017:236, mír 80 agus an cásdlí dá dtagraítear, agus an 22 Feabhra 2022, *RS (Éifeacht na gcinntí ó chúirt bhunreachtúil)*, C-430/21, EU:C:2022:99, mír 48 agus an cásdlí dá dtagraítear).

218 Dá bhrí sin, murab ionann agus an méid a chinn an Trybunał Konstytucyjny (an Chúirt Bhunreachtúil) sna breithiúnais atá i gceist, is ag Cúirteanna an Aontais Eorpaigh amháin atá an dlínse chun rialú a thabhairt ar mhéid na n-inniúlachtaí a thugtar don Aontas Eorpach i réimse ar leith agus chun athbhreithniú a dhéanamh ar chomhlíonadh theorainneacha na n-inniúlachtaí sin agus ní ag na cúirteanna náisiúnta.

219 Thairis sin, níl an fhéidearthacht atá ag cúirteanna náisiúnta rialú a thabhairt ar raon na n-inniúlachtaí a thugtar don Aontas Eorpach ag teacht leis an gcomhsheasmhacht is gá i gcóras na cosanta breithiúnaí arna bhunú leis na Conarthaí.

220 Is faoi na cúirteanna náisiúnta inniúla atá sé bunreacht an Bhallstáit lena mbaineann a léiriú agus aon teorainneacha a fhorchuirtear leis an mbunreacht sin ar aontachas an Bhallstáit sin leis an Aontas Eorpach a chinneadh, mar a bhunaítear le Conradh AE agus le Conradh FAE.

221 Mar sin féin, amhail ó dháta a aontachais leis an Aontas Eorpach, tá Ballstát faoi cheangal, mar is léir ó mhír 184 den bhreithiúnas seo, gan forchoimeádas seachas aon fhorchoimeádas dá bhforáiltear leis an Ionstraim Aontachais le forálacha go léir an dlí phríomha agus leis na gníomhartha arna nglacadh ag institiúidí an Aontais Eorpaigh roimh an aontachas, mar atá léirithe ag an gCúirt.

222 Má cheistíonn cúirt náisiúnta, faoi chuimsiú a dlínse, raon inniúlachtaí an Aontais i réimse ar leith nó má tá amhras uirthi maidir le bailíocht gnímh de dhlí an Aontais toisc go dtéann sé thar raon inniúlachtaí an Aontais Eorpaigh nó toisc go ndéanann sé neamhaird ar an gceanglas atá ar an Aontas Eorpach, faoi Airteagal 4(2) CAE, féiniúlachtaí náisiúnta na mBallstát, ar gné dhílis dá struchtúir bhunúsacha iad, idir pholaitiúil agus bhunreachtúil, a urramú, is faoin gCúirt amháin atá sé, i gcomhthéacs tarchur le haghaidh réamhrialú faoi Airteagal 267 CFAE, léiriú cinntitheach agus ceangailteach a thabhairt ar na forálacha de dhlí an Aontais atá i gceist agus a chinneadh, más iomchuí, go bhfuil an gníomh sin neamhbhailí.

223 Dá bhrí sin, i bhfianaise dhlínse eisiach na Cúirte sin, ní féidir le cúirt Ballstáit, ar bhonn a léirithe féin ar fhorálacha dhlí an Aontais, a chinneadh go bailí gur thug an Chúirt cinneadh lena ndearnadh neamhaird ar theorainneacha na n-inniúlachtaí a thugtar don Aontas agus, dá bhrí sin, diúltú éifeacht a thabhairt don chinneadh sin ón gCúirt (féach, chuige sin, breithiúnas an 22 Feabhra 2022, *RS (Éifeacht na gcinntí ó chúirt bhunreachtúil)*, C-430/21, EU:C:2022:99, mír 72) nó toirmeasc a chur ar údaráis phoiblí an Bhallstáit lena mbaineann an chúirt sin cásdlí na Cúirte a chomhlíonadh nó forálacha dhlí an Aontais a chur i bhfeidhm, arna léiriú ag an gCúirt.

224 Tá feidhm ag na cinntí a leagtar amach sa dá mhír roimhe seo den bhreithiúnas seo freisin i gcás ina ndiúltaíonn cinneadh ón gcúirt bhunreachtúil nó ó chúirt uachtarach de chuid Ballstáit, mar is amhlaidh i gcás na mbreithiúnas atá i gceist, cinntí na Cúirte a chomhlíonadh ar an bhforas, *inter alia*, gur sháraigh an Chúirt a dlínse nó go ndearna na cinntí sin neamhaird d'fhéiniúlacht bhunreachtúil an Bhallstáit lena mbaineann i bhfianaise Airteagal 4(2) CAE.

225 I ndáil leis sin, is fíor nach mór don Chúirt gníomhú, mar gheall ar Airteagal 13(2) CAE, laistigh de theorainneacha na gcumhachtaí atá tugtha di sna Conarthaí, agus i gcomhréir leis na nósanna imeachta, na coinníollacha agus na cuspóirí a leagtar amach iontu.

226 Thairis sin, d'fhéadfadh a iarraidh ar an gCúirt, faoi Airteagal 4(2) CAE, a chinneadh nach ndéantar le hoibleagáid faoi dhlí an Aontais neamhaird ar fhéiniúlacht náisiúnta Bhallstáit (breithiúnas an 22 Feabhra 2022, *RS (Éifeacht na gcinntí ó chúirt bhunreachtúil)*, C-430/21, EU:C:2022:99, mír 69 agus an cásdlí dá dtagraítear).

227 Mar sin féin, cé gur faoi na Ballstáit atá sé a bhféiniúlacht náisiúnta faoi seach a shainmhíniú, ní féidir Airteagal 4(2) CAE a léiriú ar bhealach lena dtugtar an chumhacht dóibh maolú go haontaobhach ar fhorálacha dhlí an Aontais trína bheith ag brath ar an bhféiniúlacht náisiúnta sin.

228 Go háirithe, ceanglaítear leis an neamhspleáchas atá ag dlí an Aontais i ndáil le dlíthe na mBallstát nach mór struchtúr agus cuspóirí an Aontais a chur san áireamh sa léiriú ar Airteagal 4(2) CAE, nach féidir a áirithiú ach amháin má tharraingítear an léiriú sin i gcomhréir le córas cosanta breithiúnaí an Aontais Eorpaigh agus, go háirithe, le dlínse eisiach na Cúirte dá dtagraítear i mír 213 den bhreithiúnas seo.

229 Níl sé de chuspóir ná d'éifeacht ag an bhforáil sin go n-údarófaí léi do chúirt bhunreachtúil nó cúirt uachtarach de chuid Ballstáit, de shárú ar na ceanglais atá air faoi, *inter alia*, Airteagal 4(2) agus (3) agus an dara fomhír d'Airteagal 19(1) CAE, diúltú do riail dlí de chuid an Aontais a chur i bhfeidhm, ar an bhforas go mbaintear leis an riail sin an bonn ó fhéiniúlacht náisiúnta an Bhallstáit sin, arna sainmhíniú ag an gcúirt bhunreachtúil nó cúirt uachtarach sin (féach, chuige sin, breithiúnas an 22 Feabhra 2022, *RS (Éifeacht na gcinntí ó chúirt bhunreachtúil)*, C-430/21, EU:C:2022:99, mír 70).

230 Má mheasann cúirt bhunreachtúil nó cúirt uachtarach Bhallstáit go sáraítear le foráil de dhlí tánaisteach an Aontais, arna léiriú ag an gCúirt, an oibleagáid i leith fhéiniúlacht náisiúnta an Bhallstáit sin a urramú, ní mór di bac a chur ar a himeachtaí agus tarchur chun réamhrialú a dhéanamh chuig an gCúirt, de bhun Airteagal 267 CFAE, chun bailíocht na forála sin a mheas i bhfianaise Airteagal 4(2) CAE, ós rud é nach bhfuil dlínse ach ag an gCúirt a dhearbhú go bhfuil gníomh de chuid an Aontais neamhbhailí (féach, chuige sin, breithiúnas an 22 Feabhra 2022, *RS (Éifeacht na gcinntí ó chúirt bhunreachtúil)*, C-430/21, EU:C:2022:99, mír 71).

231 Maidir leis an dlí príomha, cuireann an Chúirt na ceanglais a eascraíonn as Airteagal 4(2) CAE san áireamh agus oibleagáidí na mBallstát a eascraíonn as forálacha eile an dlí phríomha á léiriú aici (féach, chuige sin, breithiúnais an 22 Nollaig 2010, *Sayn-Wittgenstein*, C-208/09, EU:C:2010:806, mír 92, agus an 7 Meán Fómhair 2022, *Cilevičs agus páirtithe eile*, C-391/20, EU:C:2022:638, mír 68 agus an cásdlí dá dtagraítear).

232 É sin ráite, i gcás ina measann cúirt de chuid Ballstáit nach n-urramaíonn léiriú ar fhoráil den dlí príomha, arna dhéanamh i gcinneadh ón gCúirt, na ceanglais a eascraíonn as Airteagal 4(2) CAE, ní féidir léi, ar bhonn a léirithe féin ar dhlí an Aontais, a chinneadh go bailí go bhfuil cinneadh tugtha ag an gCúirt a théann níos faide ná a dlínse agus, dá bhrí sin, diúltú éifeacht a thabhairt don chinneadh sin (féach, chuige sin, breithiúnas an 22 Feabhra 2022, *RS (Éifeacht na gcinntí ó chúirt bhunreachtúil)*, C-430/21, EU:C:2022:99, mír 72). I gcás den sórt sin, ní mór di, más iomchuí, iarraidh ar réamhrialú a chur faoi bhráid na Cúirte ionas go mbeidh sí in ann measúnú a dhéanamh ar an éifeacht a d'fhéadfadh a bheith ag an léiriú sin ar an ngá atá le féiniúlacht náisiúnta an Bhallstáit lena mbaineann a chur san áireamh, ar gné dhílis í dá struchtúir bhunúsacha, idir pholaitiúil agus bhunreachtúil.

233 Ar bhonn níos ginearálta, i gcás ina n-ardaítear ceist a bhaineann le raon feidhme inniúlachtaí an Aontais Eorpaigh nó le dlíthiúlacht gnímh dlí thánaistigh os comhair cúirt náisiúnta, i gcás ina mbaineann na ceisteanna sin le léiriú dhlí an Aontais agus gan beann ar an bhforas neamhbhailíochta a bhfuiltear ag brath air, ceanglaítear ar an gcúirt sin dlínse eisiach na Cúirte Breithiúnais a urramú, ar gné bhunúsach í de chóras breithiúnach an Aontais Eorpaigh.

234 Sa chás seo, leanann sé ó na breithnithe roimhe seo nach féidir glacadh go bailí le hargóint an Trybunał Konstytucyjny (an Chúirt Bhunreachtúil) a leagtar amach sna breithiúnais atá i gceist, dá dtagraítear i míreanna 197 agus 198 den bhreithiúnas seo, bunaithe ar an gcosaint is gá d'fhéiniúlacht bhunreachtúil na Polainne.

235 Sna himthosca sin, ní mór teacht ar an gconclúid, i bhfianaise an léirithe ar Bhunreacht na Polainne a rinne an Trybunał Konstytucyjny (an Chúirt Bhunreachtúil) sna breithiúnais atá faoi chonspóid, go sáraíonn Poblacht na Polainne éifeacht cheangailteach chásdlí na Cúirte Breithiúnais.

236 Leanann sé ón méid sin nach mór glacadh leis an dara gearán ón gCoimisiún ina iomláine.

An tríú gearán

Argóintí na bpáirtithe

237 Leis an tríú gearán, ina bhfuil dhá chuid, áitíonn an Coimisiún gur mhainnigh Poblacht na Polainne a hoibleagáid a chomhlíonadh faoin dara fomhír d'Airteagal 19(1) CAE chun a áirithiú go gcomhlíonann an Trybunał Konstytucyjny (an Chúirt Bhunreachtúil) an ráthaíocht maidir le binse neamhspleách neamhchlaonta a bunaíodh roimh ré le dlí, de réir bhrí an dara fomhír d'Airteagal 19(1) CAE, i gcomhar le hAirteagal 47 den Chairt.

238 Leanfadh sé ó chásdlí na Cúirte a eascraíonn as breithiúnas an 6 Deireadh Fómhair 2021, *W.Ż. (Dlísheomra um Rialú Urghnách agus Gnóthaí Poiblí na Cúirte Uachtaraí – Ainmniú)* (C-487/19, EU:C:2021:798), go bhféadfadh neamhrialtachtaí sa nós imeachta chun breitheamh a cheapadh a bheith ina gcúis le sárú ní hamháin ar an gceanglas maidir le binse arna bhunú roimhe seo le dlí, ach freisin ar neamhspleáchas agus neamhchlaontacht an bhinse. De réir an bhreithiúnais sin, is amhlaidh atá i gcás ceapachán breithimh a dhéantar de shárú follasach ar rialacha bunúsacha an nós imeachta maidir le breithiúna a cheapadh chuig an Trybunał Konstytucyjny (an Chúirt Bhunreachtúil), atá ina dhlúthchuid de bhunú agus d'fheidhmiú chóras breithiúnach na Polainne, rud a chruthaíonn fíorbhaol go gcuirfí sláine thoradh an phróisis ceapacháin i mbaol. Dá bhrí sin, bheadh amhras dlisteanach ann in aigne daoine aonair maidir le heaspa solúbthachta an bhreithimh sin i ndáil le tosca seachtracha agus maidir lena neodracht i ndáil leis na leasanna atá os a chomhair, chomh maith le heaspa chuma neamhspleáchais nó neamhchlaontachta an bhreithimh sin, rud a bhainfeadh an bonn den mhuinín nach mór don cheartas i sochaí dhaonlathach arna rialú ag an smacht reachta a spreagadh sna daoine aonair sin.

239 De réir an Choimisiúin, ní thugann an Trybunał Konstytucyjny (an Chúirt Bhunreachtúil) ráthaíochtaí a thuilleadh do bhinse neamhspleách neamhchlaonta arna bhunú roimh ré le dlí, de réir bhrí an dara fomhír d'Airteagal 19(1) CAE i gcomhar le hAirteagal 47 den Chairt, mar gheall, ar an gcéad dul síos, ar neamhrialtachtaí follasacha i gceapadh breithiúna chuig an gcúirt sin i mí na Nollag 2015, de shárú follasach ar dhlí bunreachtúil na Polainne agus, ar an dara dul síos, ar neamhrialtachtaí tromchúiseacha i gceapadh Uachtarán na cúirte sin i mí na Nollag 2016.

Eascraíonn amhras dlisteanach as gach ceann de na neamhrialtachtaí sin, in aigne daoine aonair, mar gheall ar ghníomhaíocht an Trybunał Konstytucyjny (an Chúirt Bhunreachtúil), atá comhdhéanta de na daoine a ceapadh ar an gcaoi sin, maidir le neamhchlaontacht na cúirte sin agus maidir lena heaspa solúbthachta i leith tosca seachtracha.

240 Leis an gcéad chuid den tríú gearán, áitíonn an Coimisiún gurb ionann toghadh H.C., L.M. agus M.M. mar bhreithiúna den Trybunał Konstytucyjny (an Chúirt Bhunreachtúil) in ionad breithiúna a raibh a dtéarma oifige 9 mbliana imithe in éag an 6 Samhain 2015 agus dul i mbun oifige na ndaoine sin, agus sárú follasach ar Airteagal 194(1) de Bhunreacht na Polainne, ar dá réir nach bhféadfaidh an Sejm breitheamh nua a thoghadh ach amháin le linn an téarma pharlaimintigh ar lena linn a tháinig an suíochán atá i gceist chun bheith folamh. Mar a deimhníodh, *inter alia*, le breithiúnais an Trybunał Konstytucyjny (an Chúirt Bhunreachtúil) an 3 agus an 9 Nollaig 2015, bhí toghchán H.C., L.M. agus M.M. an 2 Nollaig 2015 agus a ndul i mbun oifige sa Trybunał Konstytucyjny (an Chúirt Bhunreachtúil) an 20 Nollaig 2016 contrártha leis an bhforáil sin.

241 Thogh an Sejm an triúr sin an 2 Nollaig 2015, le linn an ochtú téarma parlaiminteach, cé go raibh triúr eile, eadhon R.H., A.J. agus K.Ś., tofa cheana féin ag an Sejm an 8 Deireadh Fómhair 2015, le linn an seachtú téarma parlaiminteach chun teacht in ionad breithiúna a ndeachaigh a dtéarma oifige 9 mbliana in éag an 6 Samhain 2015. Ghlac an triúr a toghadh an 2 Nollaig 2015 mionn an lá céanna os comhair Uachtarán Phoblacht na Polainne agus d'údaraigh J.P., a bhí ina hUachtarán ar an Trybunał Konstytucyjny (an Chúirt Bhunreachtúil), iad le suí an 20 Nollaig 2016. Os a choinne sin, níor chuir Uachtarán Phoblacht na Polainne na daoine a toghadh an 8 Deireadh Fómhair 2015 faoi mhionn, rud a d'fhág nach raibh siad in ann dul i mbun a ndualgas.

242 Dá bhrí sin, ar dhul in éag na tréimhse chun freagra a thabhairt ar thuairim réasúnaithe an Choimisiúin an 15 Iúil 2022, ná fiú ar an dáta a tionscnaíodh an chaingean seo, níor chuir Poblacht na Polainne breithiúnais an Trybunał Konstytucyjny (an Chúirt Bhunreachtúil) an 3 agus an 9 Nollaig 2015 chun feidhme.

243 Ina theannta sin, tugann an Coimisiún faoi deara, ina breithiúnas an 7 Bealtaine 2021, *Xero Flor sp. z o.o.* v *an Pholainn* (CE:ECHR:2021:0507JUD000490718), gur chinn an Chúirt Eorpach um Chearta an Duine cheana féin, ar bhonn na bhfíoras céanna, gur sáraíodh riail bhunúsach náisiúnta is infheidhme maidir le toghadh breithiúna den Trybunał Konstytucyjny (an Chúirt Bhunreachtúil), go háirithe ag an Sejm le linn an ochtú téarma parlaiminteach, agus ag Uachtarán Phoblacht na Polainne. Agus í ag brath ar an athbhreithniú trí chéim a forbraíodh ina cásdlí a d'eascair, go háirithe, as breithiúnas an 1 Nollaig 2020, *Guðmundur Andri Ástráðsson* v *an Íoslainn* (CE:ECHR:2020:1201JUD002637418), chinn an Chúirt Eorpach um Chearta an Duine, i mbreithiúnas an 7 Bealtaine 2021, gur baineadh an ceart chun 'binse a bunaíodh le dlí' dá bhforáiltear in Airteagal 6(1) de ECHR den chuideachta is iarratasóir mar gheall ar rannpháirtíocht M.M. sna himeachtaí os comhair an Trybunał Konstytucyjny (an Chúirt Bhunreachtúil), ós rud é go raibh toghadh an bhreithimh sin curtha ó bhail ag neamhrialtachtaí tromchúiseacha lena sáraítear bunbhrí an chirt sin.

244 Leis an dara cuid den tríú gearán, áitíonn an Coimisiún go raibh ceapachán J.P. chuig post Uachtarán an Trybunał Konstytucyjny (an Chúirt Bhunreachtúil) an 21 Nollaig 2016 curtha ó bhail mar gheall ar neamhrialtachtaí tromchúiseacha, rud a sháraigh na ráthaíochtaí riachtanacha neamhspleáchais agus neamhchlaontachta, a eascraíonn as an dara fomhír d'Airteagal 19(1) CAE.

245 I ndáil leis sin, míníonn an Coimisiún go bhfuil ról bunúsach ag Uachtarán an Trybunał Konstytucyjny (an Chúirt Bhunreachtúil) i bhfeidhmiú an chomhlachta bhunreachtúil sin a mhéid a stiúrann sé obair an chomhlachta sin, a dhéanann sé ionadaíocht dó agus a fheidhmíonn sé feidhmeanna eile dá bhforáiltear le dlí. De réir Rialacha Nós Imeachta an Trybunał Konstytucyjny (an Chúirt Bhunreachtúil), déanann an tUachtarán cinneadh freisin maidir leis an nós imeachta inmheánach a bhaineann le hiarratais, saincheisteanna dlíthiúla agus gearáin bhunreachtúla, agus ainmníonn sé foirmíochtaí na cúirte, Uachtaráin na bhfoirmíochtaí sin agus na Breithiúna is rapóirtéirí.

246 Maidir le seoladh an nós imeachta roghnúcháin as ar eascair ceapachán J.P., tugann an Coimisiún faoi deara, roimh dhul in éag théarma oifige iar-Uachtarán an Trybunał Konstytucyjny (an Chúirt Bhunreachtúil), an 19 Nollaig 2016, gur ghlac reachtas na Polainne sraith dlíthe lena n-athbhreithnítear an nós imeachta chun iarrthóirí a roghnú don phost mar Uachtarán na cúirte sin, dá bhforáiltear roimhe sin in Airteagal 16 de Dhlí an 22 Iúil 2016 maidir leis an gCúirt Bhunreachtúil, ar deimhníodh a chomhréireacht le Bunreacht na Polainne le breithiúnas ón Trybunał Konstytucyjny (an Chúirt Bhunreachtúil) an 7 Samhain 2016 (Cás K 44/16).

247 Ar an gcéad dul síos, ghlac an Sejm, an 30 Samhain 2016, ustawa o organizacji i trybie postępowania przed Trybunałem Konstytucyjnym (an Dlí maidir le heagrú na Cúirte Bunreachtúla agus an nós imeachta os a comhair) (Dz. U. mír 2072). Ansin, an 13 Nollaig 2016, ghlac an Sejm an Dlí lena leagtar síos forálacha tosaigh, a ndearnadh foráil in Airteagal 21 de maidir le nós imeachta idirthréimhseach speisialta chun iarrthóirí a roghnú atá le cur faoi bhráid Uachtarán Phoblacht na Polainne d'fhonn Uachtarán nua an Trybunał Konstytucyjny (an Chúirt Bhunreachtúil) a cheapadh. Bhí an nós imeachta le seoladh ag 'breitheamh gníomhach Uachtarán an Trybunał Konstytucyjny (an Chúirt Bhunreachtúil)]', ós rud é gur bunaíodh an post nua sin le hAirteagal 18 den Dlí sin.

248 An 20 Nollaig 2016, is é sin le rá, an lá a tháinig Airteagail 16 go 22 den Dlí lena leagtar síos forálacha tosaigh i bhfeidhm agus an lá tar éis scor A.R., a bhí ina Uachtarán an Trybunał Konstytucyjny (an Chúirt Bhunreachtúil) roimhe sin, cheap Uachtarán Phoblacht na Polainne, i gcomhréir le hAirteagal 18 den Dlí sin, J.P. don phost nua mar 'bhreitheamh ag feidhmiú mar Uachtarán den Trybunał Konstytucyjny (an Chúirt Bhunreachtúil)', cé go raibh Leas-Uachtarán na cúirte sin, eadhon S.B., in oifig ag an am. Ní fhoráiltear don phost nua sin i mBunreacht na Polainne, ós rud é nach luaitear in Airteagal 194(2) de ach Uachtarán agus Leas-Uachtarán an Trybunał Konstytucyjny (an Chúirt Bhunreachtúil). Thairis sin, foráladh leis na dlíthe roimhe seo lena rialaítear feidhmiú na cúirte sin go gcomhlíonfaidh a Leas-Uachtarán nó, i gcás nach féidir leis feidhmiú, aon bhreitheamh eile arna ainmniú ag an Uachtarán nó ag an mbreitheamh is sine dualgais an Uachtaráin nuair a bheidh sé as láthair.

249 Ar an dáta céanna, thug J.P., agus í nuacheaptha chun dualgais Uachtarán an Trybunał Konstytucyjny (an Chúirt Bhunreachtúil) a chomhlíonadh, údarú don triúr breithiúna a toghadh an 2 Nollaig 2015 de shárú ar Airteagal 194(1) de Bhunreacht na Polainne suí ar an gcúirt sin tar éis mionn a ghlacadh os comhair Uachtarán Phoblacht na Polainne. Ina theannta sin, thionóil J.P. an Comhthionól Ginearálta láithreach, ina raibh an triúr sin cheana féin.

250 As na 14 bhreitheamh a bhí i láthair ag an gComhthionól Ginearálta sin, dhiúltaigh ochtar acu páirt a ghlacadh sa vótáil chun iarrthóirí a roghnú don phost mar Uachtarán ar an Trybunał Konstytucyjny (an Chúirt Bhunreachtúil) agus d'iarr duine amháin dóibh roimhe sin go gcuirfí an Comhthionól Ginearálta siar lá amháin ionas go bhféadfadh na breithiúnas go léir a bheith rannpháirteach sa chruinniú sin.

251 Mar sin féin, agus cé, i gcomhréir le hAirteagal 20 den Dlí lena leagtar síos forálacha tosaigh, go raibh mí amháin ag J.P., ón 20 Nollaig 2016, an nós imeachta a sheoladh chun iarrthóirí don phost mar Uachtarán ar an Trybunał Konstytucyjny (an Chúirt Bhunreachtúil) a chur faoi bhráid Uachtarán Phoblacht na Polainne, i gcomhréir leis na rialacha mionsonraithe a leagtar síos in Airteagal 21 den Dlí sin, dhiúltaigh J.P. an Comhthionól Ginearálta a chur siar.

252 Dá bhrí sin, an 20 Nollaig 2016, roghnaigh an Comhthionól Ginearálta, le sé vóta as na 14 bhreitheamh a bhí i láthair, beirt iarrthóirí agus cuireadh iad os comhair Uachtarán Phoblacht na Polainne, eadhon, ar an gcéad dul síos, J.P., a fuair cúig vóta, agus, ar an dara dul síos, M.M., breitheamh a toghadh chuig an Trybunał Konstytucyjny (an Chúirt Bhunreachtúil) an 2 Nollaig 2015 de shárú ar Airteagal 194(1) de Bhunreacht na Polainne, a fuair vóta amháin. An 21 Nollaig 2016, cheap Uachtarán Phoblacht na Polainne J.P. ina hUachtarán ar an Trybunał Konstytucyjny (an Chúirt Bhunreachtúil).

253 Tugann an Coimisiún faoi deara, cé go dtagann na rialacha agus na prionsabail lena rialaítear toghadh Uachtarán agus Leas-Uachtarán an Trybunał Konstytucyjny (an Chúirt Bhunreachtúil) faoin réimse reachtach sa Pholainn, go gceanglaítear ar reachtas na Polainne, i gcomhréir le cásdlí an Trybunał Konstytucyjny (an Chúirt Bhunreachtúil), prionsabail bhunreachtúla shláine agus éifeachtacht ghníomhartha na n-institiúidí poiblí a urramú, mar aon le scaradh agus cothromaíocht na gcumhachtaí agus urraim do dhlínse na cúirte sin.

254 Reáchtáladh an nós imeachta chun iarrthóirí a roghnú don phost mar Uachtarán ar an Trybunał Konstytucyjny (an Chúirt Bhunreachtúil) ar bhonn fhorálacha idirthréimhseacha an Dlí lena leagtar síos forálacha tosaigh, lenar leasaíodh an nós imeachta roghnúcháin sin ó bhonn. I gcomhréir le hAirteagal 16(4) de Dhlí an 22 Iúil 2016 maidir leis an gCúirt Bhunreachtúil, bhí toghadh iarrthóirí do phost Uachtarán nó Leas-Uachtarán na cúirte sin le tarlú le linn seisiún faoi chathaoirleacht an bhreithimh is sine a bhí rannpháirteach sa Chomhthionól Ginearálta. Ina theannta sin, faoi Airteagal 16(7) den Dlí sin, ní fhéadfaí an toghchán a dhéanamh ach amháin má ghlacann 10 mbreitheamh ar a laghad as líon iomlán bhreithiúna an Trybunał Konstytucyjny (an Chúirt Bhunreachtúil) páirt sa chomhthionól ginearálta.

255 Tháinig Airteagal 21 den Dlí lena leagtar síos forálacha tosaigh i bhfeidhm an 20 Nollaig 2016 agus chuir an breitheamh a bhí ag feidhmiú mar Uachtarán an Trybunał Konstytucyjny (an Chúirt Bhunreachtúil) an t-airteagal sin i bhfeidhm láithreach, agus é ceaptha mar Uachtarán na cúirte sin an lá dár gcionn.

256 Ina breithiúnas an 7 Samhain 2016, chinn an Trybunał Konstytucyjny (an Chúirt Bhunreachtúil) go raibh sé contrártha d'Airteagal 194(2) de Bhunreacht na Polainne iarrthóirí nach raibh tacaíocht tromlach bhreithiúna an Trybunał Konstytucyjny (an Chúirt Bhunreachtúil) acu nó nár fuair ach vóta amháin a chur faoi bhráid Uachtarán Phoblacht na Polainne. Leanann sé ó roinn 61 et seq. d'fhorais an bhreithiúnais sin go gceanglaítear leis an bhforáil sin ar na daoine atá i gceist a bheith ina n-iarrthóirí ón gcomhthionól ginearálta, seachas ina n-iarrthóirí arna moladh ag grúpaí mionlaigh nó ag breithiúna áirithe.

257 Dá bhrí sin, de réir an Choimisiúin, toghadh J.P. agus cuireadh faoi bhráid Uachtarán Phoblacht na Polainne í mar iarrthóir don phost mar Uachtarán ar an Trybunał Konstytucyjny (an Chúirt Bhunreachtúil) de shárú ar Bhunreacht na Polainne, ós rud é nach bhfuair sí ach cúig vóta as na 14 bhreitheamh a bhí i láthair ag an gComhthionól Ginearálta, agus tháinig trí cinn de na vótaí sin freisin ó bhreithiúna a ceapadh chuig an Trybunał Konstytucyjny (an Chúirt Bhunreachtúil) de shárú ar Airteagal 194(1) de Bhunreacht na Polainne.

258 Measann an Coimisiún gur tharla na sáruithe ar Airteagal 194 de Bhunreacht na Polainne a chuir isteach ar an nós imeachta chun an triúr breithiúna sin a cheapadh agus ar an nós imeachta ilchéimneach chun Uachtarán an Trybunał Konstytucyjny (an Chúirt Bhunreachtúil) a cheapadh mar gheall ar shraith leasuithe reachtacha agus cinntí ó Uachtarán Phoblacht na Polainne lenar cruthaíodh staid ina bhféadfaí a mheas go raibh tionchar díreach ag an reachtas agus ag an bhfeidhmeannas ar chomhdhéanamh agus ar fheidhmiú an Trybunał Konstytucyjny (an Chúirt Bhunreachtúil). Is ionann an tsraith imeachtaí sin agus neamhrialtachtaí, a bhfuil gach ceann acu de chineál agus de thromchúis a fhágann go bhfuil fíorbhaol ann go bhféadfadh an reachtas agus an feidhmeannas lánrogha mhíchuí a fheidhmiú i ndáil leis an Trybunał Konstytucyjny (an Chúirt Bhunreachtúil), rud a chuireann sláine an toraidh atá le baint amach leis na nósanna imeachta ceapacháin sin i mbaol agus, ar an gcaoi sin, a chruthaíonn amhras dlisteanach, in aigne daoine aonair, maidir le neamhspleáchas agus neamhchlaontacht na cúirte sin.

259 Admhaíonn Poblacht na Polainne go bhfuil bunús leis an tríú gearán.

Breithniú na Cúirte

– *An chéad chuid den tríú gearán*

260 Mar a tugadh chun cuimhne i míreanna 105, 107 agus 108 den bhreithiúnas seo, ceanglaítear leis an dara fomhír d'Airteagal 19(1) CAE ar na Ballstáit foráil a dhéanamh maidir le córas leigheasanna agus nósanna imeachta lena n-áirithítear do dhaoine aonair go n-urramófaí a gceart cosaint dlí éifeachtach a fháil sna réimsí atá folaithe le dlí an Aontais, go háirithe, le háirithiú go bhfuil na ceanglais chun go n-urramófaí a leithéid, lena n-áirítear na ceanglais maidir lena neamhspleáchas agus neamhchlaontacht, á gcomhlíonadh ag na gcomhlachtaí a iarrtar orthu, mar chúirteanna, rialú a thabhairt ar cheisteanna a bhaineann le cur i bhfeidhm nó léiriú a dhéanamh ar an dlí sin.

261 Sa chás seo, tá comhthuiscint ann go bhféadfaí a iarraidh ar an Trybunał Konstytucyjny (an Chúirt Bhunreachtúil) rialú a thabhairt ar cheisteanna maidir le cur i bhfeidhm nó léiriú dhlí an Aontais, agus mar thoradh air sin go dtagann sé, mar 'c[h]úirt' de réir bhrí dhlí an Aontais, faoi chóras leigheasanna dlí na Polainne i 'réimsí atá folaithe le dlí an Aontais', de réir bhrí an dara fomhír d'Airteagal 19(1) CAE, mar a léirítear, thairis sin, leis an tarchur chun réamhrialú a rinne an chúirt sin sa chás as ar eascair breithiúnas an 7 Márta 2017, *RPO* (C-390/15, EU:C:2017:174). Dá bhrí sin, ní mór don Trybunał Konstytucyjny (an Chúirt Bhunreachtúil) na ceanglais maidir le cosaint bhreithiúnach éifeachtach a chomhlíonadh (féach, chuige sin, breithiúnas an 26 Márta 2020, *Miasto Łowicz agus Prokurator Generalny*, C-558/18 agus C-563/18, EU:C:2020:234, mír 35 agus an cásdlí dá dtagraítear).

262 I ndáil leis sin, is iad na ráthaíochtaí maidir le rochtain ar bhinse neamhspleách neamhchlaonta a bunaíodh roimhe seo le dlí, go háirithe na ráthaíochtaí a bhaineann le saintréithe bunriachtanacha agus comhdhéanamh cúirte den sórt sin, bunchloch an chirt chun triail chóir a fháil. Is gá a fhíorú an ionann comhlacht, trína chomhdhéanamh, agus binse neamhspleách neamhchlaonta a bunaíodh roimhe sin le dlí, i gcás ina bhfuil amhras tromchúiseach ann ina leith sin, ar mhaithe leis an muinín nach mór do chúirteanna sochaí daonlathaí a spreagadh i ndaoine aonair (féach, chuige sin, breithiúnas an 22 Feabhra 2022, *Openbaar Ministerie (Cúirt arna bunú le dlí sa Bhallstát eisiúna)*, C-562/21 PPU agus C-563/21 PPU, EU:C:2022:100, mír 58 agus an cásdlí dá dtagraítear).

263 De réir chásdlí comhsheasmhach na Cúirte, glactar leis an riachtanas de réir dhlí an Aontais nach bhfuil neamhspleáchas agus neamhchlaontacht inchurtha in amhras, go háirithe maidir leis an dóigh ina bhfuil an comhlacht lena mbaineann comhdhéanta, an ceapachán chuige, an fad seirbhíse, mar aon leis na cúiseanna le staonadh ag a chomhaltaí agus lena chomhaltaí a bhaint ó chás, agus le briseadh as a bpoist, lena gcuirtear daoine aonair ó aon amhras faoi nach gcuirfí as don chomhlacht sin le himthosca seachtracha nó faoina neodracht i ndáil leis na leasanna iomaíocha (breithiúnais an 6 Deireadh Fómhair 2021, *W.Ż. (Dlísheomra um rialú urghnách agus gnóthaí poiblí na Cúirte Uachtaraí – Ceapachán)*, C-487/19, EU:C:2021:798, mír 109, agus an 5 Meitheamh 2023, *an Coimisiún* v *an Pholainn (Neamhspleáchas agus saol príobháideach na mbreithiúna)*, C-204/21, EU:C:2023:442, mír 93 agus an cásdlí dá dtagraítear).

264 I ndáil leis sin, tá sé tábhachtach go gcosnaítear breithiúna ar idirghabhálacha seachtracha nó ar bhrú lena bhféadfaí a neamhspleáchas a chur i mbaol. Ní mór a cheadú, leis na rialacha is infheidhme maidir le stádas na mbreithiúna agus le cur i gcrích a bhfeidhmeanna mar bhreithiúna, go háirithe, go gcuirfí cosc ní hamháin le tionchar díreach, i bhfoirm treoracha, ach le cineálacha tionchair níos indírí lena bhféadfaí tionchar a imirt ar chinntí na mbreithiúna lena mbaineann chomh maith, agus aon chuma a sheachaint mar sin nach bhfuil na breithiúna sin neamhspleách nó neamhchlaon, ar tionchar é atá de chineál a bhainfeadh sé an bonn ón muinín i sochaí dhaonlathach agus faoi smacht reachta nach mór a spreagadh leis an gceartas i ndaoine aonair (breithiúnais an 6 Deireadh Fómhair 2021, *W.Ż. (Dlísheomra um rialú urghnách agus gnóthaí poiblí na Cúirte Uachtaraí – Ceapachán)*, C-487/19, EU:C:2021:798, mír 110, agus an 5 Meitheamh 2023, *an Coimisiún* v *an Pholainn (Neamhspleáchas agus saol príobháideach na mbreithiúna)*, C-204/21, EU:C:2023:442, mír 94 agus an cásdlí dá dtagraítear).

265 Ina theannta sin, tá sé beartaithe leis an gceanglas a bhaineann leis an ‘chúirt [...] a bunaíodh roimhe seo le dlí’, de réir bhrí dhlí an Aontais, cosc a chur ar eagrú an chórais bhreithiúnaigh a fhágáil faoi rogha na cumhachta feidhmiúcháin agus chun a áirithiú go bhfuil an t-ábhar sin á rialú ag dlí arna ghlacadh ag an gcumhacht reachtach ar bhealach atá i gcomhréir leis na rialacha a rialaíonn feidhmiú a dlínse. Léirítear leis an abairt sin, go háirithe, prionsabal an smachta reachta agus baineann sé ní hamháin leis an mbunús dlí don bhinse féin a bheith ann, ach freisin le comhdhéanamh an bhinse i ngach cás agus le haon fhoráil eile den dlí náisiúnta a fhágann, i gcás nach gcomhlíontar iad, go bhfuil rannpháirtíocht breithimh amháin nó níos mó i scrúdú an cháis neamhdhleathach, lena n-áirítear, go háirithe, forálacha maidir le neamhspleáchas agus neamhchlaontacht chomhaltaí na cúirte lena mbaineann (breithiúnas an 26 Márta 2020, *Athbhreithniú Simpson* v *an Chomhairle agus HG* v *an Coimisiún*, C-542/18 RX-II agus C-543/18 RX-II, EU:C:2020:232, mír 73 agus an cásdlí dá dtagraítear).

266 Cuimsítear leis an gceanglas sin, a bhfuil dlúthnasc aige go háirithe le ceanglas an neamhspleáchais, de bharr a chineáil, an próiseas chun breithiúna a cheapadh, agus é á chur in iúl go dtomhaistear neamhspleáchas cúirte, *inter alia*, leis an gcaoi ar ceapadh a chomhaltaí (féach, chuige sin, breithiúnas an 29 Iúil 2024, *Valančius*, C-119/23, EU:C:2024:653, míreanna 49 agus 50 agus an cásdlí dá dtagraítear).

267 Níl gach earráid a d’fhéadfadh tarlú le linn an nós imeachta chun breitheamh a cheapadh de chineál lena bhféadfaí amhras a chaitheamh ar neamhspleáchas agus neamhchlaontacht an bhreithimh sin agus, dá bhrí sin, ar an stádas atá ag painéal breithiúna ina bhfuil sé ina shuí mar ‘binse neamhspleách neamhchlaon arna bhunú roimh ré le dlí’ de réir bhrí dhlí an Aontais (breithiúnas an 29 Márta 2022, *Getin Noble Bank*, C-132/20, EU:C:2022:235, mír 123).

268 Mar sin féin, is cásdlí socair é go bhfuil sárú ar an gceanglas maidir le binse a bunaíodh le dlí roimhe seo i gceist le neamhrialtacht a rinneadh le linn breithiúna a bheith á gceapadh laistigh den chóras breithiúnach lena mbaineann, go háirithe nuair atá an neamhrialtacht sin de chineál agus de thromchúis go gcruthódh fíor-riosca go bhféadfadh brainsí eile den rialtas, go háirithe an feidhmeannas, cumhacht lánroghnach mhícuí a fheidhmiú, rud a chuirfeadh sláine thoradh an phróisis ceapacháin i mbaol agus a chuirfeadh amhras dlisteanach in aigne dlíthithe maidir le neamhspleáchas agus neamhchlaontacht an bhreithimh nó na mbreithiúna lena mbaineann. Is amhlaidh atá i gcás ina bhfuiltear i mbun na gceart bunúsach a chur i bhfeidhm atá ina gcuid dhílis den chóras breithiúnach sin a bhunú agus a fheidhmiú (féach, chuige sin, breithiúnais an 6 Deireadh Fómhair 2021, *W.Ż. (Dlísheomra um Rialú Urghnách agus Gnóthaí Poiblí na Cúirte Uachtaraí – Ainmniú)*, C-487/19, EU:C:2021:798, mír 130, agus an 29 Iúil 2024, *Valančius*, C-119/23, EU:C:2024:653, mír 52 agus an cásdlí dá dtagraítear).

269 Tá cinneadh maidir le sárú ar an gceanglas maidir le binse arna bhunú roimhe sin le dlí agus iarmhairtí sáraithe den sórt sin faoi réir measúnú foriomlán ar roinnt gnéithe, a chuireann, i dteannta a chéile, in aigne na ndlíthithe, le hamhras dlisteanach maidir le neamhspleáchas agus neamhchlaontacht na mbreithiúna a chothú (breithiúnas an 22 Feabhra 2022, *Openbaar Ministerie (Cúirt arna bunú le dlí sa Bhallstát eisiúna)*, C-562/21 PPU agus C-563/21 PPU, EU:C:2022:100, mír 74 agus an cásdlí dá dtagraítear).

270 Sa chás seo, tá comhthuiscint ann go dtagann na gnéithe fíorasacha agus dlíthiúla a thuairiscítear i míreanna 50 go 56 agus 59 den bhreithiúnas seo ar an gconclúid go raibh toghadh H.C., L.M. agus M.M., an 2 Nollaig 2015, le linn an ochtú téarma parlaiminteach den Sejm, d'oifig breithimh den Trybunał Konstytucyjny (an Chúirt Bhunreachtúil) in ionad breithiúna a raibh a dtéarma oifige 9 mbliana imithe in éag an 6 Samhain 2015 ina shárú follasach ar riail bhunúsach lena rialaítear ceapadh bhreithiúna na cúirte sin, eadhon Airteagal 194(1) de Bhunreacht na Polainne, ar dá réir nach mór breitheamh a thoghadh le linn théarma parlaiminteach an Sejm ar lena linn a tháinig suíochán an bhreithimh atá i gceist chun bheith folamh. Ina theannta sin, bhain an toghchán sin le suíocháin breithiúna sa Trybunał Konstytucyjny (an Chúirt Bhunreachtúil) a líonadh go dlíthiúil cheana féin ag an triúr breithiúna a toghadh an 8 Deireadh Fómhair 2015 le linn an seachtú téarma parlaiminteach den Sejm (féach, chuige sin, ECtHR, 7 Bealtaine 2021, *Xero Flor w Polsce sp. z o.o.* v *an Pholainn*, CE:ECHR:2021:0507JUD000490718, § 268, 275 agus 277).

271 Faoin riail bhunúsach a bhaineann leis an nós imeachta um cheapachán bhreithiúna an Trybunał Konstytucyjny (an Chúirt Bhunreachtúil) dá dtagraítear sa mhír roimhe seo, bhí sé d'oibleagáid ar Uachtarán Phoblacht na Polainne an mionn a ghlacadh láithreach ó na breithiúna arna dtoghadh ag an Sejm an 8 Deireadh Fómhair 2015 agus ní raibh aon chumhacht aige cur isteach ar roghnú na mbreithiúna don chúirt sin a raibh an Sejm freagrach as nó diúltú don mhionn a ghlacadh uathu. Dá bhrí sin, bhí an diúltú sin ó Uachtarán Phoblacht na Polainne agus glacadh le mionn an triúr breithiúna a toghadh an 2 Nollaig 2015 contrártha freisin leis na rialacha bunúsacha náisiúnta lena rialaítear ceapachán breithiúna chuig an Trybunał Konstytucyjny (an Chúirt Bhunreachtúil) (féach, chuige sin, ECtHR, 7 Bealtaine 2021, *Xero Flor w Polsce sp. z o.o.* v *an Pholainn*, CE:ECHR:2021:0507JUD000490718, § 269, 270 agus 278).

272 Ba i bhfianaise na mbreithnithe sin go háirithe a chinn an Chúirt Eorpach um Chearta an Duine gur bhain mainneachtain chomhlachtaí reachtacha agus feidhmiúcháin na Polainne breithiúnais an Trybunał Konstytucyjny (an Chúirt Bhunreachtúil) an 3 agus an 9 Nollaig 2015 maidir le bailíocht thoghadh bhreithiúna na cúirte sin an bonn de chuspóir an cheanglais a bhaineann le 'binse arna bhunú roimhe sin le dlí' chun na breithiúna a chosaint ar thionchar seachtrach neamhdhleathach agus go raibh toghadh triúr breithiúna an 2 Nollaig 2015 curtha ó bhail trí

neamhrialtachtaí tromchúiseacha lena sáraítear bunbhrí an chirt chun 'binse arna bhunú le dlí' dá bhforáiltear in Airteagal 6 de ECHR (féach, chuige sin, ECtHR, 7 Bealtaine 2021, *Xero Flor w Polsce sp. z o.o.* v *an Pholainn*, CE:ECHR:2021:0507JUD000490718, § 281, 289 agus 290, agus ECtHR, 15 Márta 2022, *Grzęda* v *an Pholainn*, CE:ECHR:2022:0315JUD00435721, § 277).

273 Dá bhrí sin, agus cosúil le measúnuithe na Cúirte Eorpaí um Chearta an Duine, tugtar le tuiscint ó na gnéithe fíorasacha agus dlíthiúla a thuairiscítear i míreanna 50 go 56 agus 59 den bhreithiúnas seo go ndearnadh ceapachán H.C., L.M. agus M.M. agus a ndul i mbun oifige de shárú follasach ar na rialacha bunúsacha a bhaineann leis an nós imeachta chun breithiúna an Trybunał Konstytucyjny (an Chúirt Bhunreachtúil) a cheapadh, ar cuid dhílis iad de bhunú agus d'fheidhmiú chóras breithiúnach na Polainne, de réir bhrí an chásdlí dá dtagraítear i mír 268 den bhreithiúnas seo.

274 Tugtar le tuiscint ó na gnéithe sin freisin gurb ionann na himthosca inar ceapadh H.C., L.M. agus M.M. agus ina ndeachaigh siad i mbun oifige, dá bhrí sin, agus sárú ar na ceanglais a eascraíonn as an dara fomhír d'Airteagal 19(1) CAE, a mhéid gur chuir siad sláine an toraidh a bhí mar thoradh ar an bpróiseas ceapacháin i mbaol, trí rannchuidiú le hamhras dlisteanach a chruthú in aigne daoine aonair maidir le heaspa solúbthachta na mbreithiúna sin i ndáil le tosca seachtracha, a neodracht maidir leis na leasanna os a gcomhair agus a neamhspleáchas agus a neamhchlaontacht, agus an t-amhras sin de chineál a bhainfeadh an bonn den mhuinín nach mór a spreagadh i ndaoine aonair leis an gceartas i sochaí dhaonlathach arna rialú ag an smacht reachta.

275 Tá comhthuiscint ann, ar dháta dhul in éag na tréimhse a leagtar síos sa tuairim réasúnaithe, arb é an dáta tagartha é chun a mheas ar mainníodh oibleagáidí a chomhlíonadh faoi Airteagal 258 CFAE, den triúr breithiúna a toghadh an 2 Nollaig 2015 le linn an ochtú téarma parlaiminteach den Sejm, nach raibh ach M.M. fós ina bhreitheamh sa Trybunał Konstytucyjny (an Chúirt Bhunreachtúil). Mar sin féin, tá comhthuiscint ann freisin, ar an dáta tagartha sin, nár ghlac an triúr breithiúna a toghadh go dleathach an 8 Deireadh Fómhair 2015 le linn an seachtú téarma den Sejm mionn os comhair Uachtarán Phoblacht na Polainne agus, dá bhrí sin, nach raibh siad in ann dul i mbun a ndualgas mar bhreithiúna sa Trybunał Konstytucyjny (an Chúirt Bhunreachtúil). Ina theannta sin, bhí na cinntí inar ghlac an triúr breithiúna a toghadh an 2 Nollaig 2015 páirt fós i bhfeidhm i ndlíchóras na Polainne ar an dáta tagartha sin.

276 Dá bhrí sin, ní mór a chinneadh gur mhainnigh Poblacht na Polainne a hoibleagáidí faoin dara fomhír d'Airteagal 19(1) CAE a chomhlíonadh toisc nár chomhlíon an Trybunał Konstytucyjny (an Chúirt Bhunreachtúil) ceanglais binse neamhspleách neamhchlaonta, a bunaíodh le dlí roimhe seo, mar gheall ar neamhrialtachtaí sna nósanna imeachta maidir le triúr dá comhaltaí a cheapadh i mí na Nollag 2015.

277 I bhfianaise na mbreithnithe roimhe seo, ní mór seasamh leis an gcéad chuid den tríú gearán ón gCoimisiún.

– *An dara cuid den tríú gearán*

278 Tá comhthuiscint ann go bhfuil ról bunúsach ag Uachtarán an Trybunał Konstytucyjny (an Chúirt Bhunreachtúil) i bhfeidhmiú na cúirte sin. De réir Rialacha Nós Imeachta an Trybunał Konstytucyjny (an Chúirt Bhunreachtúil), déanann sé cinneadh maidir leis an nós imeachta inmheánach a bhaineann le hiarratais, saincheisteanna dlíthiúla agus gearáin bhunreachtúla, agus

ainmníonn sé foirmíochtaí na cúirte, Uachtaráin na bhfoirmíochtaí sin agus na Breithiúna is rapóirtéirí. Ina theannta sin, stiúrann sé obair na cúirte sin, déanann sé ionadaíocht uirthi agus comhlíonann sé feidhmeanna eile dá bhforáiltear le dlí.

279 Ós rud é gur dócha, dá bhrí sin, go n-imreoidh an duine atá ina Uachtarán ar an Trybunał Konstytucyjny (an Chúirt Bhunreachtúil) tionchar cinntitheach ar ghníomhaíocht na cúirte sin, tá sé thar a bheith tábhachtach go ngníomhóidh sé go hoibiachtúil agus go neamhchlaonta i gcomhlíonadh a dhualgas agus, chun na críche sin, go mbeidh sé saor ó aon tionchar seachtrach a d'fhéadfadh a neamhspleáchas a chur i mbaol. Chuige sin, is gá, go háirithe, go ndearfar na rialacha lena rialaítear an nós imeachta ceapacháin don phost sin ar bhealach nach féidir leo a bheith ina gcúis le haon amhras dlisteanach maidir le sainchumais agus dualgais an Uachtaráin a úsáid mar ionstraim tionchair ar ghníomhaíocht bhreithiúnach na cúirte sin nó ar rialú polaitiúil ar an ngníomhaíocht sin agus, ar bhonn níos ginearálta, maidir le heaspa solúbthachta na cúirte sin i leith tosca seachtracha agus maidir lena neodracht i ndáil leis na leasanna os a comhair, mar a cheanglaítear leis an gcásdlí a luaitear i míreanna 263 agus 264 den bhreithiúnas seo.

280 Ina theannta sin, i gcomhréir leis an méid a luaitear i míreanna 266 go 269 den bhreithiúnas seo, áirítear an próiseas chun Uachtarán an Trybunał Konstytucyjny (an Chúirt Bhunreachtúil) a cheapadh leis an gceanglas a bhaineann le 'binse arna bhunú roimhe sin le dlí' agus leis an gceanglas maidir le neamhspleáchas agus ceanglaítear leo go gcomhlíonfar na rialacha bunúsacha a bhaineann leis an nós imeachta lena rialaítear a cheapachán.

281 I ndáil leis sin, tá comhthuiscint ann go gceanglaítear leis an riail in Airteagal 194(2) de Bhunreacht na Polainne, nach mór a mheas mar riail bhunúsach den nós imeachta ceapacháin de réir bhrí an chásdlí dá dtagraítear i mír 268 den bhreithiúnas seo, i gcomhréir le cásdlí an Trybunał Konstytucyjny (an Chúirt Bhunreachtúil) dá dtagraítear i mír 256 den bhreithiúnas seo, go dtoghfaidh an comhthionól ginearálta na hiarrthóirí a chuirtear ar aghaidh chuig Uachtarán Phoblacht na Polainne don phost mar Uachtarán na cúirte sin. Ciallaíonn an riail sin, arna léiriú ag an gcúirt sin, go bhfuil cur i láthair iarrthóra nach bhfuil ach vóta amháin faighte aige nó iarrthóirí arna moladh ag grúpaí mionlaigh nó ag breithiúna áirithe contrártha do Bhunreacht na Polainne.

282 Rinneadh an nós imeachta chun iarrthóirí a thoghadh don phost mar Uachtarán an Trybunał Konstytucyjny (an Chúirt Bhunreachtúil) d'fhonn iad a chur faoi bhráid Uachtarán Phoblacht na Polainne de bhun forálacha idirthréimhseacha a leagtar síos sa Dlí lena leagtar síos forálacha tosaigh arna ghlacadh ag reachtas na Polainne an 13 Nollaig 2016, is é sin le rá, roimh dhul in éag, an 19 Nollaig 2016, théarma oifige Uachtarán na cúirte sin ag an am agus lenar leasaíodh seoladh an nós imeachta sin ó bhonn.

283 Dá bhrí sin, foráiltear le hAirteagal 18 den Dlí lena leagtar síos forálacha tosaigh go bhféadfaidh Uachtarán Phoblacht na Polainne comhlíonadh dhualgais Uachtarán an Trybunał Konstytucyjny (an Chúirt Bhunreachtúil) a chur de chúram ar bhreitheamh den chúirt sin, agus foráiltear le hAirteagal 20 gurb é an 'breitheamh ag feidhmiú mar Uachtarán' a sheolfaidh an nós imeachta chun iarrthóirí don phost mar Uachtarán na cúirte sin a chur faoi bhráid Uachtarán Phoblacht na Polainne. Foráladh leis na rialacha a bhí ann roimhe seo in Airteagal 16(4) de Dhlí an 22 Iúil 2016 maidir leis an gCúirt Bhunreachtúil gur ghá don bhreitheamh is sine atá rannpháirteach sa chomhthionól ginearálta cathaoirleacht a dhéanamh ar an seisiún de a bhí dírithe ar iarrthóirí a thoghadh don phost mar Uachtarán nó mar Leas-Uachtarán.

284 Ina theannta sin, sonraítear in Airteagal 21(7) den Dlí lena leagtar síos forálacha tosaigh go ndéanfaidh an comhthionól ginearálta breithiúna na cúirte sin a fuair cúig vóta ar a laghad sa vótáil a chur i láthair mar iarrthóirí don phost mar Uachtarán ar an Trybunał Konstytucyjny (an Chúirt Bhunreachtúil), agus foráiltear le hAirteagal 21(8), más rud é nach bhfuair ach breitheamh amháin an líon vótaí is gá, go ndéanfaidh an comhthionól ginearálta an breitheamh a fuair an líon is gá de chúig vóta ar a laghad agus an breitheamh a fuair an tacaíocht is airde i measc na mbreithiúna nach bhfuair an líon is gá de chúig vóta ar a laghad a chur i láthair mar iarrthóirí.

285 Sa chás seo, an 20 Nollaig 2016, eadhon an lá tar éis scor iar-Uachtarán an Trybunał Konstytucyjny (an Chúirt Bhunreachtúil), cheap Uachtarán Phoblacht na Polainne, i gcomhréir le hAirteagal 18 den Dlí lena leagtar síos forálacha tosaigh, J.P. chuig an bpost nuachruthaithe mar 'b[h]reitheamh ag feidhmiú mar Uachtarán' na cúirte sin, cé go raibh Leas-Uachtarán in oifig ag an am. Chomh maith leis sin, an 20 Nollaig 2016, thionóil J.P., a d'údaraigh don triúr breithiúna a toghadh an 2 Nollaig 2015 de shárú follasach ar Airteagal 194(1) de Bhunreacht na Polainne suí, cruinniú den Chomhthionól Ginearálta an lá céanna d'fhonn iarrthóirí a thoghadh do phost Uachtarán na cúirte sin chun iad a chur faoi bhráid Uachtarán Phoblacht na Polainne, mar a bhí údaraithe le hAirteagal 20 den dlí sin.

286 D'iarr duine de bhreithiúna an Trybunał Konstytucyjny (an Chúirt Bhunreachtúil), i bhfianaise na tréimhse fógra giorra, go gcuirfí an cruinniú seo siar ionas go mbeadh na breithimh go léir in ann páirt a ghlacadh. Mar sin féin, dhiúltaigh J.P., a raibh mí amháin aici chun an nós imeachta toghcháin a reáchtáil faoi Airteagal 20 den Dlí lena leagtar síos forálacha tosaigh, an iarraidh sin a dheonú. Mar thoradh air sin, as na 14 bhreitheamh den Trybunał Konstytucyjny (an Chúirt Bhunreachtúil) a bhí i láthair ag cruinniú an Chomhthionóil Ghinearálta, níor chomhaontaigh ach seisear breithiúna, lena n-áirítear H.C., L.M. agus M.M., a thogh an Sejm an 2 Nollaig 2015, páirt a ghlacadh sa vótáil. Ag deireadh na vótála, fuair J.P. cúig vóta agus fuair M.M. vóta amháin. Cuireadh an bheirt bhreithiúna sin faoi bhráid Uachtarán Phoblacht na Polainne ina dhiaidh sin mar iarrthóirí don phost mar Uachtarán ar an Trybunał Konstytucyjny (an Chúirt Bhunreachtúil). An 21 Nollaig 2016, cheap Uachtarán Phoblacht na Polainne J.P., nach bhfuair, mar sin, ach cúig vóta i measc na 14 bhreitheamh a bhí i láthair ag an gcomhthionól ginearálta, ina hUachtarán ar an Trybunał Konstytucyjny (an Chúirt Bhunreachtúil).

287 Is dócha go ndealraíonn sé go ndearnadh cur i láthair J.P. agus M.M. d'Uachtarán Phoblacht na Polainne mar iarrthóirí don phost mar Uachtarán ar an Trybunał Konstytucyjny (an Chúirt Bhunreachtúil) i gcomhréir le hAirteagal 21(7) agus (8) den Dlí lena leagtar síos forálacha tosaigh.

288 Mar sin féin, ba cheart a thabhairt faoi deara go raibh H.C., L.M. agus M.M., a toghadh an 2 Nollaig 2015, i measc an tseisear breithiúna a ghlac páirt, le linn chomhthionól ginearálta an 20 Nollaig 2016, i dtoghadh iarrthóirí don phost mar Uachtarán ar an Trybunał Konstytucyjny (an Chúirt Bhunreachtúil). Ós rud é gur cuireadh toghadh an triúr breithiúna sin ó bhail mar gheall ar shárú follasach ar Airteagal 194(1) de Bhunreacht na Polainne agus mar gheall ar mhainneachtain na ceanglais a eascraíonn as an dara fomhír d'Airteagal 19(1) CAE a chomhlíonadh, bhí a rannpháirtíocht sa chomhthionól ginearálta agus na vótaí a chaith siad d'fhonn iarrthóirí a roghnú don phost mar Uachtarán ar an Trybunał Konstytucyjny (an Chúirt Bhunreachtúil) neamhrialta. Dá bhrí sin, ní mór a chinneadh nach féidir a mheas go bhfuair J.P. go dleathach na cúig vóta a cheanglaítear le hAirteagal 21(8) den Dlí lena leagtar síos forálacha tosaigh.

289 Is léir, dá bhrí sin, gur tharla cur i láthair J.P. agus M.M. d'Uachtarán Phoblacht na Polainne mar iarrthóirí don phost mar Uachtarán ar an Trybunał Konstytucyjny (an Chúirt Bhunreachtúil) agus ceapachán J.P. don phost sin ag an Uachtarán sin de shárú ar an riail bhunúsach a bhaineann leis an nós imeachta chun an tUachtarán sin a cheapadh, a leagtar síos in Airteagal 21(8) den Dlí lena leagtar síos forálacha tosaigh.

290 Ina theannta sin agus thar aon ní eile, ceapadh J.P. de shárú follasach ar Airteagal 194(2) de Bhunreacht na Polainne, ós rud é go gcoisctear leis an bhforáil sin, i gcomhréir leis an méid a luaitear i mír 281 den bhreithiúnas seo, iarrthóirí arna moladh ag grúpaí mionlaigh nó ag breithiúna áirithe amháin a chur faoi bhráid Uachtarán Phoblacht na Polainne.

291 Dá bhrí sin, d'fhéadfadh na neamhrialtachtaí dá dtagraítear sa dá mhír roimhe seo den bhreithiúnas seo a bheith ina gcúis le hamhras dlisteanach, in aigne daoine aonair, maidir le húsáid na sainchumas agus na ndualgas a ghabhann le hoifig Uachtarán an Trybunał Konstytucyjny (an Chúirt Bhunreachtúil) mar ionstraim tionchair ar ghníomhaíocht bhreithiúnach na cúirte sin nó ar rialú polaitiúil ar an ngníomhaíocht sin agus, dá bhrí sin, maidir le neamhspleáchas agus neamhchlaontacht na cúirte sin.

292 Sna himthosca sin, ní gá scrúdú a dhéanamh an gcomhlíontar na ceanglais dá dtagraítear i míreanna 263 agus 264 den bhreithiúnas seo leis na forálacha idirthréimhseacha dá bhforáiltear sa Dlí lena leagtar síos forálacha tosaigh agus ar ar a mbonn a seoladh an nós imeachta chun iarrthóirí a thoghadh don phost mar Uachtarán ar an Trybunał Konstytucyjny (an Chúirt Bhunreachtúil) agus leis na himthosca eile dá dtagraítear i míreanna 285 agus 286 den bhreithiúnas seo a bhaineann leis an nós imeachta sin.

293 Ar deireadh, ba cheart a thabhairt faoi deara, ar dháta dhul in éag na tréimhse a leagtar síos sa tuairim réasúnaithe, go raibh J.P. fós ina hUachtarán ar an Trybunał Konstytucyjny (an Chúirt Bhunreachtúil). Ina theannta sin, tá comhthuiscint ann go raibh na cinntí inar ghlac sí páirt fós i bhfeidhm i ndlíchóras na Polainne ar an dáta sin.

294 Dá bhrí sin, ní mór a chinneadh gur mhainnigh Poblacht na Polainne a hoibleagáidí faoin dara fomhír d'Airteagal 19(1) CAE a chomhlíonadh toisc nár chomhlíon an Trybunał Konstytucyjny (an Chúirt Bhunreachtúil) ceanglais binse neamhspleách neamhchlaonta, a bunaíodh le dlí roimhe seo, mar gheall ar neamhrialtachtaí sna nósanna imeachta maidir lena hUachtarán a cheapadh i mí na Nollag 2016.

295 Leanann sé ón méid sin go bhfuil bunús maith leis an dara cuid den tríú gearán freisin agus nach mór seasamh, dá bhrí sin, leis an ngearán sin ina iomláine.

296 I bhfianaise na gcúiseanna sin go léir, ba cheart a chinneadh:

– i bhfianaise léiriú an Trybunał Konstytucyjny (an Chúirt Bhunreachtúil) ar Bhunreacht na Polainne ina breithiúnais an 14 Iúil 2021 (Cás P 7/20) agus an 7 Deireadh Fómhair 2021 (Cás K 3/21), gur mhainnigh Poblacht na Polainne a hoibleagáidí faoin dara fomhír d'Airteagal 19(1) CAE a chomhlíonadh;

– i bhfianaise léiriú an Trybunał Konstytucyjny (an Chúirt Bhunreachtúil) ar Bhunreacht na Polainne ina breithiúnais an 14 Iúil 2021 (Cás P 7/20) agus an 7 Deireadh Fómhair 2021 (Cás K 3/21), nár chomhlíon Poblacht na Polainne a hoibleagáidí faoi phrionsabail an neamhspleáchais, na tosaíochta, na héifeachtachta agus chur i bhfeidhm aonfhoirmeach dhlí

an Aontais agus faoi phrionsabal éifeacht cheangailteach bhreithiúnais na Cúirte Breithiúnais; agus

– toisc nár chomhlíon an Trybunał Konstytucyjny (an Chúirt Bhunreachtúil) ceanglais binse neamhspleách neamhchlaonta, a bunaíodh le dlí roimhe seo, mar gheall ar neamhrialtachtaí sna nósanna imeachta maidir le triúr dá comhaltaí a cheapadh i mí na Nollag 2015 agus a hUachtarán i mí na Nollag 2016, gur mhainnigh Poblacht na Polainne a hoibleagáidí faoin dara fomhír d'Airteagal 19(1) CAE a chomhlíonadh.

Costais

297 Faoi Airteagal 138(1) de Rialacha Nós Imeachta na Cúirte, ordófar don pháirtí caillteach na costais a íoc má tá iarraidh ina leith sin sna pléadálacha. Ós rud é gur iarr an Coimisiún go n-ordófaí do Phoblacht na Polainne na costais a íoc, agus toisc nár éirigh le Poblacht na Polainne sa chaingean seo, ní mór a ordú don Pholainn a costais féin agus na costais arna dtabhú ag an gCoimisiún a íoc.

298 I gcomhréir le hAirteagal 140(1) de na Rialacha Nós Imeachta, íocfaidh Ríocht na Beilge agus Ríocht na hÍsiltíre a gcostais féin.

Ar na forais sin, dearbhaíonn agus rialaíonn an Chúirt (an Mór-Dhlísheomra):

1) – I bhfianaise léiriú an Trybunał Konstytucyjny (an Chúirt Bhunreachtúil, an Pholainn) ar Konstytucja Rzeczypospolitej Polskiej (Bunreacht Phoblacht na Polainne) ina breithiúnais an 14 Iúil 2021 (Cás P 7/20) agus an 7 Deireadh Fómhair 2021 (Cás K 3/21), mhainnigh Poblacht na Polainne a hoibleagáidí faoin dara fomhír d'Airteagal 19(1) CAE a chomhlíonadh;

– i bhfianaise léiriú an Trybunał Konstytucyjny (an Chúirt Bhunreachtúil) ar Bhunreacht Phoblacht na Polainne ina breithiúnais an 14 Iúil 2021 (Cás P 7/20) agus an 7 Deireadh Fómhair 2021 (Cás K 3/21), níor chomhlíon Poblacht na Polainne a hoibleagáidí faoi phrionsabail an neamhspleáchais, na tosaíochta, na héifeachtachta agus chur i bhfeidhm aonfhoirmeach dhlí an Aontais agus faoi phrionsabal éifeacht cheangailteach bhreithiúnais na Cúirte Breithiúnais; agus

– toisc nár chomhlíon an Trybunał Konstytucyjny (an Chúirt Bhunreachtúil) ceanglais binse neamhspleách neamhchlaonta, a bunaíodh le dlí roimhe seo, mar gheall ar neamhrialtachtaí sna nósanna imeachta maidir le triúr dá comhaltaí a cheapadh i mí na Nollag 2015 agus a hUachtarán i mí na Nollag 2016, gur mhainnigh Poblacht na Polainne a hoibleagáidí faoin dara fomhír d'Airteagal 19(1) CAE a chomhlíonadh.

2) Ordaítear do Phoblacht na Polainne a costais féin agus na costais arna dtabhú ag an gCoimisiún Eorpach a íoc.

3) Ordaítear do Ríocht na Beilge agus Ríocht na hÍsiltíre a gcostais féin a íoc.

Sínithe

[i] Rinneadh modhnú teangeolaíoch ar mhír 296 agus ar an gcuid oibríochtúil den téacs seo, i ndiaidh a fhoilsithe ar líne den chéad uair.